2024/2233

10.10.2024

RÚN (AE) 2024/2233 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 11 Aibreán 2024

maille le barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint dá chinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III – an Coimisiún,

— ag féachaint dá cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséid na ngníomhaireachtaí feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2022,

— ag féachaint do Riail 99 agus Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

— ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0139/2024),

— ag féachaint do chomhaontú idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 maidir le comhar ar ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach;

Tosaíochtaí polaitiúla

1. ag meabhrú a tiomantais láidir do na bunphrionsabail agus luachanna a chumhdaítear sa Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena n-áirítear bainistíocht fhónta airgeadais mar a leagtar amach in Airteagal 317 de CFAE agus an comhrac in aghaidh na calaoise agus leasanna airgeadais an Aontais a chosaint mar a leagtar amach in Airteagal 325 de CFAE;

2. ag tabhairt chun suntais a thábhachtaí atá buiséad an Aontais chun tosaíochtaí polaitiúla an Aontais a bhaint amach, chomh maith leis an ról atá aige cuidiú leis na Ballstáit i gcás imthosca gan choinne amhail paindéim COVID-19, coinbhleachtaí idirnáisiúnta nó géarchéim agus na hiarmhairtí lena mbaineann; ag cur sonrú, ina leith sin, in ábharthacht leanúnach na n-infheistíochtaí agus na tacaíochta ó bhuiséad an Aontais chun éagothromaíochtaí idir na Ballstáit agus na réigiúin a laghdú, chun fás eacnamaíoch agus fostaíocht a chur chun cinn, chun an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac, agus ar an gcaoi sin saol laethúil shaoránaigh an Aontais a fheabhsú; ag tathant ar an gCoimisiún gan an luas agus an uaillmhian is gá chun na spriocanna a bhaineann leis an aeráid a leagtar síos sa Chomhaontú Glas don Eoraip a mhaolú agus á chur i bhfáth gur gá na hinfheistíochtaí is gá a mhéadú chun na críche sin; á chur i bhfáth nár éirigh leis an Aontas in 2022 an leibhéal éifeachtúlachta is gá a bhaint amach chun na spriocanna aeráide a leagadh síos do 2030, 2040 agus 2050 a bhaint amach;

3. á chur i bhfáth go rannchuidíonn cur chun feidhme fónta agus tráthúil an bhuiséid le haghaidh a thabhairt ar riachtanais agus dúshláin i réimsí éagsúla beartais ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí; á chur i bhfáth go bhféadfadh moill ar chur chun feidhme agus méadú ar earráidí, neamhrialtachtaí agus calaois a bheith mar thoradh ar chur chun feidhme comhuaineach ionstraimí éagsúla a bhfuil rialacha éagsúla faoi shrianta ama acu, chomh maith leis an mbrú a bhaineann le dúnadh deiridh CAI 2014-2020; ag meabhrú ról an Choimisiúin mar chaomhnóir na gConarthaí chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint;

4. ag cur sonrú i rannchuidiú na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (STAchun tacú leis na Ballstáit téarnamh ó iarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta phaindéim COVID-19 agus Aontas athléimneach a chruthú ar féidir leis dúshláin na todhchaí a sheasamh; ag cur sonrú i rannchuidiú STAgus RePowerEU chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le fuinneamh arb é cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine is cúis leo; á chur in iúl gur oth léi nár sainíodh garspriocanna níos fearr agus á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí gaolmhara ag na Ballstáit i gcomhréir leis na garspriocanna agus na spriocanna a comhaontaíodh;

5. ag tabhairt chun suntais go raibh ról ríthábhachtach ag buiséad an Aontais in 2022 maidir le haghaidh a thabhairt ar iarmhairtí chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, eadhon slabhraí soláthair bia a dhaingniú, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le fuinneamh, tacú leis na Ballstáit fáilte a chur roimh dhídeanaithe ón Úcráin, agus cúnamh a thabhairt don Úcráin chun aire a thabhairt dá saoránaigh; ag tabhairt dá haire gur chuir sé sin brú ar an mbuiséad agus gur baineadh úsáid as na bearta solúbthachta uile atá ar fáil; ag tabhairt dá haire, i ndáil leis sin, gur glacadh an t-athbhreithniú meántéarma ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) lena n-athdhírítear cistí, lena dtiomsaítear cistí úra; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go dtíolacfadh an Coimisiún treochlár soiléir réalaíoch chun fiachas an Aontais a aisíoc;

6. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé rialacha airgeadais an Aontais a chur i bhfeidhm go docht i ngach clár agus ar gach tairbhí, chun gach cineál calaoise, coinbhleachta leasa, éillithe, cistiúcháin dhúbailte agus sciúrtha airgid a sheachaint; á mheabhrú, sa chreat sin, go bhfuil ról lárnach ag ailtireacht frithchalaoise an Aontais ina iomláine agus á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur dhiúltaigh roinnt Ballstát comhoibriú le ceann dá ghnéithe, go háirithe OIPE;

7. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé meastóireachtaí ex-post agus meántéarma a dhéanamh ar chláir airgeadais a cruthaíodh chun freagairt do ghéarchéimeanna, maidir lena n-ábharthacht, a gcomhleanúnachas agus a mbreisluach Eorpach sa bhreis ar chomhlíonadh agus rialtacht, éifeachtúlacht, éifeachtacht, feidhmíocht agus tionchar eacnamaíoch fadtéarmach; ag tabhairt dá haire go ndearnadh cinntí a bhaineann le hionstraimí freagartha COVID-19 faoi bhrú ama ollmhór, cé go gcuirfear na hionstraimí sin chun feidhme go dtí 2026; á chur i bhfáth nár cheart go rachadh freagairt thapa chun dochair do rialú cuí ar chaiteachas agus á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfadh an Coimisiún ceachtanna a fhoghlaim ó na hionstraimí sin;

8. á mheabhrú a thábhachtaí atá STA chun aghaidh a thabhairt ar an gcor chun donais eacnamaíoch tar éis phaindéim COVID-19, á mheabhrú go gcuireann samhail seachadta STA ceanglais i bhfad níos éadroime ar an gCoimisiún, agus go laghdaíonn sí an t-ualach rialaithe ón gCoimisiún i leith na mBallstát; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur shainaithin an Chúirt, ina measúnú ar STA, easnaimh i réamh-mheasúnú agus in iniúchtaí ex post an Choimisiúin agus á mheas go bhfuil laigí fós i gcórais tuairiscithe agus rialaithe na mBallstát; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur bunaíodh 'garspriocanna rialaithe' mar thoradh ar na laigí sin, rud a léiríonn nach raibh córais ábhartha na mBallstát ag feidhmiú go hiomlán nuair a cuireadh tús le cur chun feidhme na bpleananna, rud a chuireann rialtacht chaiteachas STA agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais i mbaol;

9. á chur i bhfios go láidir go bhfuil baol ann go mbeadh coinbhleachtaí leasa ann i gcásanna ina bhféadfaí gníomhaithe a bhfuil baint acu le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais, ar aon leibhéal, a chur i mbaol ar chúiseanna seachas leas eacnamaíoch; ag cur sonrú i gcreat dlíthiúil an-ilroinnte ar fud na mBallstát agus na réigiún maidir le coinbhleachtaí leasa agus á iarraidh go gcloífí le treoraíocht an Choimisiúin maidir le soiléireacht dhlíthiúil a áirithiú agus léirmhíniú agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach a chur chun cinn; ag tacú leis an mbarúil ón gCúirt ina Tuarascáil Speisialta 6/2023 go bhféadfadh 'mianadóireacht sonraí, trí chomparáid a dhéanamh idir faisnéis ó fhoinsí éagsúla, cabhrú le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a bhrath';

10. ag cur béim ar ról na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF), Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) sa chomhrac i gcoinne an éillithe; á iarraidh go ndéanfaí acmhainneachtaí OIPE agus OLAF, chomh maith le comhar eatarthu, a neartú tuilleadh agus go ndéanfar a n-inniúlachtaí a shainiú ar bhealach níos fearr; á chur in iúl gur mór aici iarrachtaí OIPE maidir le himscrúdú agus ionchúiseamh calaoise agus cionta coiriúla eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais agus ag tabhairt chun suntais a thábhachtaí atá a neamhspleáchas agus a neamhchlaontacht iomlán chun a feidhmeanna a fheidhmiú go héifeachtach; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna a chur ar fáil do OIPE agus do OLAF; á iarraidh go mbeadh rialacha comhchoiteanna frith-éillithe ann a bheadh infheidhme maidir le foireann uile chomhlachtaí an Aontais agus á iarraidh go mbeadh an Clár Trédhearcachta idirinstitiúideach éigeantach d'Institiúidí agus do Ghníomhaireachtaí uile an Aontais, chun a áirithiú nach ndéanfar difear don neamhspleáchas a cheanglaítear ar institiúidí áirithe an Aontais; á athdhearbhú gur gá dlús a chur leis na hiarrachtaí sa chomhrac i gcoinne na calaoise ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon, i ndlúthchomhar le OIPE agus le OLAF;

11. á chur i bhfáth go bhfuil an Smacht Reachta ag dul in olcas i roinnt Ballstát agus ag cur béim ar a thábhachtaí atá Sásra Coinníollachta an Smachta Reachta chun buiséad an Aontais a chosaint; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún úsáid iomlán a bhaint as na huirlisí atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar an riosca soiléir go ndéanfar sárú tromchúiseach ar luachanna an Aontais agus chun an Rialachán Coinníollachta a agairt go pras i gcás ina mbeidh baol ann go mbeadh tionchar ag sáruithe ar an Smacht Reachta ar leasanna airgeadais an Aontais; ag tacú le cistí an Aontais a bhlocáil fad nach gcomhlíontar na coinníollacha ina n-iomláine agus nach dtugtar isteach don dúmhál; ag tathant ar an gCoimisiún cur chuige aonadach, cuimsitheach agus comhtháite a ráthú thar chistí agus ionstraimí reachtacha éagsúla agus cur chuige teicnealathach agus bréagnaitheach a sheachaint ar fud ionstraimí maoinithe éagsúla;

12. ag cur béim ar an bhfíoras, i gcomhthéacs phrionsabal an smachta reachta, gur gá caighdeáin shoiléire agus scaradh éifeachtach cumhachtaí a áirithiú; á thabhairt chun suntais gur cheart d'institiúidí agus comhlachtaí uile an Aontais prionsabal an smachta reachta agus neamhspleáchas na mbreithiúna a urramú go hiomlán agus gur cheart dóibh staonadh ó ghníomhú mar dhlísheomra araíonachta lasmuigh den chóras breithiúnach neamhspleách; á thabhairt chun suntais, i gcás sáruithe ar an dlí, gur cheart go mbeadh an fhreagracht ar institiúidí nó comhlachtaí ábhartha an Aontais nó ar na húdaráis náisiúnta; ag cur béim ar an ngá atá ann nósanna imeachta éagóracha maidir le séanadh nó sceithireacht a sheachaint agus gur cheart nósanna imeachta den sórt sin a bheith bunaithe ar chaighdeáin shoiléire maidir leis an smacht reachta;

13. ag cur sonrú sna bearta a rinne an Coimisiún in 2022 faoin Rialachán maidir le Coinníollacht, ach á mheas go dtugtar isteach iad le moilleanna suntasacha agus tar éis breithnithe polaitiúla fadtéarmacha; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún measúnuithe críochnúla agus sásraí rialaithe leormhaithe a áirithiú chun bainistiú fónta airgeadais agus cosaint bhuiséad an Aontais a ráthú i gcásanna reatha agus i gcásanna ina mbeidh easpa measa ar luachanna an Aontais agus ar an Smacht Reachta a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dóibh;

14. á chur in iúl gur geal léi an comhaontú ar thángthas air sa chaibidlíocht maidir le rialacha airgeadais athbhreithnithe an Aontais i mí na Nollag 2023; á chur in iúl gur geal léi, go háirithe, na feabhsuithe a bhaineann le cistí an Aontais a rianú trí uirlisí digiteacha agus idir-inoibritheacht lena neartófar cosaint leasanna airgeadais an Aontais, síneadh spriocdhírithe an Chórais Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES) chuig bainistíocht chomhroinnte tar éis CAI 2027, an tagairt do shásra coinníollachta an smachta reachta agus luachanna an Aontais mar a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, chomh maith leis an deis chun an tacaíocht d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus d'iarratasóirí aonair a chuíchóiriú trí dheontais ar luach an-íseal a thabhairt isteach;

15. ag meabhrú don Choimisiún nach mór measúnuithe tionchair daingne agus críochnúla a bheith ag gabháil le gach togra reachtach a bhfuil tionchar suntasach eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil acu, lena n-áirítear a dtionchar ar an gcostas maireachtála do shaoránaigh an Aontais, leibhéal an mhaorlathaithe do thairbhithe agus do riarachán chomh maith le saincheisteanna a bhaineann le hinscne, chun dáileadh cothrom bhuiséad an Aontais a ráthú.; á chur i bhfáth gur cuid de chlár oibre an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr é sin; á chur i bhfios go láidir gur cheart don Choimisiún measúnuithe tionchair a dhéanamh ar bhealach atá go hiomlán neodrach agus neamhchlaonta; ina theannta sin, ag dréim leis go gcuirfidh an Coimisiún feabhas ar an anailís costais agus tairbhe ar na roghanna lena mbaineann trí ráta rannpháirtíochta na bpáirtithe leasmhara éagsúla a fheabhsú le tuairimí éagsúla i gcomhairliúcháin phoiblí oscailte;

16. á thabhairt chun suntais go bhfuil an comhionannas inscne ar cheann de luachanna bunaidh an Aontais agus go bhfuil sé cumhdaithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh; ag meabhrú thiomantas seanbhunaithe an Aontais do phríomhshruthú inscne ina cheapadh beartas chun neamhionannais a shainaithint agus a cheartú, chomh maith le bheith ina choinníoll riachtanach chun cuspóirí an Aontais maidir le fás, fostaíocht agus comhtháthú sóisialta a bhaint amach; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé leanúint de na hiarrachtaí a dhéantar i mbuiséadú inscne go háirithe, amhail an mhodheolaíocht phíolótach chun caiteachas comhionannais inscne a rianú sa chreat airgeadais ilbhliantúil, chun a áirithiú go n-éireoidh le príomhshruthú inscne i mbuiséad an Aontais;

17. á mheabhrú gur mó an baol earráidí a bhaineann le réimsí caiteachais atá faoi réir rialacha agus critéir incháilitheachta níos casta agus go gcruthaíonn siad ualach riaracháin iomarcach d'fhaighteoirí tacaíochta, go háirithe daoine nua; á athdhearbhú gur gá simpliú a chur chun feidhme a mhéid is féidir i gcláir chaiteachais an Aontais, agus cothromaíocht á baint amach le seiceálacha agus rialuithe láidre; á chur i bhfáth go bhfuil digitiú bhainistiú, thuairisciú agus iniúchadh chistí an Aontais bunriachtanach chun rochtain a fheabhsú d'fhaighteoirí ionchasacha ar bhealach cothrom agus chun bainistiú cistí a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos trédhearcaí do na saoránaigh uile;

18. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go raibh moill shuntasach ar chur chun feidhme chlárthréimhse 2021-2027 mar thoradh ar ghlacadh déanach roinnt rialachán earnála lena rialaítear beartais éagsúla de chuid an Aontais, amhail an Beartas Comhtháthaithe; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na bearta uile is gá a dhéanamh arís chun leanúint de dhlús a chur le cur chun feidhme na mbeartas ar an láthair le cothromaíocht gheografach níos fearr, agus béim mhór á coinneáil ar chomhlíonadh na rialacha, ar cháilíocht na dtionscadal, ar thorthaí a bhaint amach agus ar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint; ag tabhairt chun suntais, sa chomhthéacs sin, gur riosca iad gealltanais atá gan íoc do bhuiséad an Aontais rud a d'fhéadfadh saoradh suntasach a ghiniúint, rud a laghdódh a thionchar; á iarraidh go gcuirfeadh an Coimisiún in iúl don údarás um urscaoileadh cé na bearta atá beartaithe aige a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an staid sin;

19. á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún tionscnaimh a ghlacadh, amhail cúnamh teicniúil, chun an ráta ionsúcháin sna Ballstáit a mhéadú ar bhonn buan; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar dhul chun cinn an chur chun feidhme sna Ballstáit, go háirithe i gcásanna tearc-chur chun feidhme agus rátaí ísle ionsúcháin agus anailís tíre a chur ar fáil don údarás um urscaoileadh, lena sainaithnítear na fadhbanna athfhillteacha, chomh maith leis na bearta a dhéantar chun an staid a bharrfheabhsú;

20. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá beartas comhtháthaithe an Aontais do chóineasú agus forbairt eacnamaíoch agus chríochach i réigiúin an Aontais, chomh maith le tacú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta; ag cur sonrú i sineirgí na gcistí comhtháthaithe i gcomhar le cláir eile de chuid an Aontais, go háirithe STA, chun tionchar agus éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí a uasmhéadú;

CAIBIDIL I

an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI)

Ráiteas dearbhaithe agus bainistiú buiséadach agus airgeadais Chúirt Iniúchóirí na hEorpa

Beachtas na gcuntas

21. á chur in iúl gur geal léi go bhfaigheann an Chúirt ina Tuarascáil Bhliantúil maidir le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022 ([1])go bhfuil cuntais chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain 2022 iontaofa; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur thug an Chúirt tuairim ghlan maidir le hiontaofacht na gcuntas gach bliain ó 2007 i leith;

22. ag tabhairt dá haire gurbh ionann iomlán na ndliteanas an 31 Nollaig 2022 agus EUR 577,2 billiún, i gcomparáid le EUR 445,9 billiún de shócmhainní iomlána; ag tabhairt dá haire gurbh ionann an difríocht EUR 131,3 billiún agus na glansócmhainní (diúltacha), atá comhdhéanta de chúlchistí agus an chuid sin de na speansais a bhí tabhaithe cheana ag an Aontas suas go dtí an 31 Nollaig 2022 agus a chaithfear a chistiú as buiséid amach anseo;

23. ag tabhairt dá haire, ag deireadh 2022, gurbh ionann luach measta na gcostas incháilithe a tabhaíodh ach nár éilíodh go fóill i ngeall ar thairbhithe, arna dtaifeadadh mar chostais fhabhraithe, agus EUR 148,7 billiún (2021: 129,9 billiún), a mbaineann EUR 22,6 billiún de le caiteachas fabhraithe STA;

24. ag tabhairt dá haire gur mheas an Coimisiún, tar éis dheireadh na hidirthréimhse tar éis phróiseas tarraingt siar na Ríochta Aontaithe, gur léirigh cuntais an Aontais, ar dháta an chláir chomhardaithe, glan infhála a bhí dlite ón Ríocht Aontaithe de EUR 23,9 billiún (2021: 41,8 billiún), a meastar go n-íocfar EUR 9,1 billiún de sna 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe; á mheas gur cheart aon mhéid is mó ná an EUR 9,1 billiún a fhaightear ón Ríocht Aontaithe a úsáid chun an fiachas a thabhaítear trí ghníomhaíochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe an Choimisiúin a laghdú;

25. ag tabhairt dá haire go bhfuil measúnú déanta ag an gCúirt ar an tionchar a bhí ag cogadh foghach na Rúise gan chúis agus gan údar i gcoinne na hÚcráine ar chuntais an Aontais; á chur in iúl gur geal léi conclúid na Cúirte gur tugadh cuntas iomchuí ar an tionchar sin agus gur nochtadh é sna cuntais bhliantúla chomhdhlúite;

([1]) IO C, C/2023/103, 4.10.2023.

26. á chur in iúl gur geal léi conclúid na Cúirte go ndéantar na sócmhainní, na dliteanais, an t-ioncam agus na costais, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hIonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh 'Next Generation EU' ('NGEU'), a chur i láthair go cothrom sna cuntais bhliantúla chomhdhlúite;

Dlíthiúlacht agus rialtacht ioncam agus chaiteachas an Aontais

27. á chur in iúl gur oth léi an tuairim neamhfhabhrach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas bhuiséad an Aontais arna eisiúint ag an gCúirt don cheathrú bliain as a chéile; á chur i dtreis a thábhachtaí atá sé sásraí rialaithe an Choimisiúin agus na mBallstát a neartú, ar sásraí iad a mheasann an Chúirt a bheith neamhiontaofa, rud a chuirfeadh iontaofacht na Tuarascála Bliantúla Bainistíochta agus Feidhmíochta (AMPR) i mbaol; ag cur sonrú i gconclúid na Cúirte go bhfuil an t-ioncam saor ó earráid ábhartha agus go raibh na córais bhainistíochta a scrúdaigh an Chúirt éifeachtach tríd is tríd;

28. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go measann an Chúirt gurb é 42 % an leibhéal earráide do chaiteachas 2022, atá níos mó ná dhá oiread na tairsí ábharthachta; ag tabhairt dá haire gur meath breise é sin i gcomparáid leis an dá bhliain roimhe sin (3,0 % in 2021 agus 2,7 % in 2020); ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur bhraith an Chúirt saincheisteanna suntasacha maidir le caiteachas bunaithe ar aisíocaíocht, arb ionann é agus 66 % de dhaonra iniúchóireachta na Cúirte, inarb ionann an leibhéal measta earráide agus 6 %; ag tabhairt dá haire go meastar go bhfuil éifeachtaí na n-earráidí a aimsíonn an Chúirt ábhartha agus forleatach araon do chaiteachas glactha na bliana;

29. ag tabhairt dá haire go bhfuil meastachán an Choimisiúin féin ar an riosca tráth na híocaíochta 1,9 % le haghaidh 2022 (cosúil le 2020 agus 2021), atá faoi bhun na tairsí ábharthachta; ag tabhairt dá haire gurb ionann meastachán an Choimisiúin ar an riosca tráth an chlabhsúir, tar éis rialuithe agus ceartúcháin ex-post a chur i bhfeidhm, agus 0,9 %; ag tabhairt dá haire go bhfuil éagsúlacht ann idir ráta foriomlán earráide na Cúirte agus riosca an Choimisiúin maidir le híocaíocht, rud a fheictear maidir le caiteachas foriomlán bhuiséad an Aontais in 2022, cé nach bhfuil sé sin i ngach réimse caiteachais, ag tabhairt dá haire go bhfuil sé sin le feiceáil go háirithe i gceannteideal 1 agus i gceannteideal 2 mar a bhí san am a chuaigh thart; agus ag tabhairt le fios go bhfuil meastacháin an Choimisiúin maidir le riosca tráth na híocaíochta go comhsheasmhach sa raon is ísle nó faoi bhun mheastacháin staidrimh na Cúirte; á chur in iúl gur geal léi meastachán na Cúirte ar an leibhéal earráide mar tháscaire tábhachtach do na rioscaí atá ann cheana; á iarraidh go dtiocfar ar chomhthuiscint chun éagsúlacht den sórt sin idir ráta foriomlán earráide na Cúirte agus riosca an Choimisiúin maidir le híocaíocht a sheachaint;

30. ag athdhearbhú na n-ábhar imní faoin mbarúil ón gCúirt gur dócha go ndéanfar gannmheastachán ar leibhéal an riosca i roinnt réimsí de bharr mheasúnú riosca an Choimisiúin; á chur in iúl gur cúis bhuartha di freisin laigí athfhillteacha arna sainaithint ag an gCúirt maidir le seiceálacha ex post na mBallstát i gceannteideal 2, lena gcuirtear teorainn leis an spleáchas is féidir a chur ar a gcuid oibre;

31. á chur i bhfios go láidir go bhfuil an meastachán ginearálta ar leibhéal na hearráide i mbuiséad an Aontais, mar a chuirtear i láthair i Ráiteas Dearbhaithe na Cúirte, ina mheastachán ar an airgead nár cheart a íoc toisc nár úsáideadh é i gcomhréir leis na rialacha agus na rialacháin is infheidhme, seachas mar tháscaire calaoise nó éillithe; á chur in iúl gur oth léi go bhféadfadh an meastachán ginearálta ar leibhéal na hearráide i mbuiséad an Aontais tuiscint dhiúltach a thabhairt do shaoránaigh gach bliain;

32. á mheabhrú go bhfuil cur chuige agus modheolaíocht iniúchóireachta na Cúirte bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta iniúchóireachta lena gceanglaítear tástáil a dhéanamh ar shampla randamach, ionadaíoch d'idirbhearta a mbíonn meastachán ar an ráta earráide mar thoradh orthu; á mheabhrú go ndéanann an Chúirt idirdhealú idir caiteachas ísealriosca, i.e. íocaíochtaí bunaithe ar theidlíocht faoi rialacha simplithe, agus caiteachas ardriosca, i.e. íocaíochtaí bunaithe ar aisíocaíocht faoi réir rialacha casta; ag tabhairt dá haire, i gcás chaiteachas 2022, gur roghnaigh an Chúirt 66 % dá pobal iniúchóireachta ón gcaiteachas ardriosca (63,2 % in 2021), arb ionann é agus EUR 110,1 billiún, agus 34 % ón gcaiteachas ísealriosca, arb ionann é agus EUR 56,7 billiún; ag tabhairt dá haire go bhfuil ráta earráide measta na Cúirte do 2022 (4,2 %) bunaithe den chuid is mó ar 'Comhtháthú, athléimneacht agus luachanna' (2,5 % den ráta foriomlán earráide), 'Acmhainní nádúrtha agus an comhshaol (0,8 %), 'Comharsanacht agus an domhan' (0,4 %), agus 'Margadh aonair, nuálaíocht agus digiteach' (0,3 %), ar mheas an Chúirt gur réimsí caiteachais ardriosca iad go léir den chuid os mó; ag tabhairt dá haire go ndéanann an Coimisiún, ina AMPR, an caiteachas a aicmiú ina dheighleoga riosca níos airde, meánriosca agus riosca níos ísle; ag tabhairt dá haire go n-úsáideann an Chúirt na catagóirí riosca i gcuid mhór chun méid an tsampla a chinneadh chun tacú ar deireadh lena tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht caiteachais, agus go bhfeidhmíonn úsáid an Choimisiúin as catagóirí riosca chun réimsí a shainaithint ina bhfuil gá le haird bhainistíochta bhreise chun earráidí a cheartú; ag cur béim ar an bhfíoras go gcuireann an úsáid a bhaineann an Chúirt agus an Coimisiún as catagóirí riosca éagsúla bac ar an bhféidearthacht atá ag an údarás um urscaoileadh anailís chomparáideach a dhéanamh idir earráidí i bhfoirm chléireachais agus earráidí suntasacha riaracháin;

33. á mheabhrú go ndíríonn iniúchadh na Cúirte ar an mbliain atá faoi athbhreithniú; á mheas, mar sin féin, go gcuireann an Chúirt torthaí roinnt blianta san áireamh ina tuarascáil bhliantúil agus go gcuireann sí níos mó béime ar ábhair shonracha laistigh dá Tuarascálacha Speisialta; ag tabhairt dá haire, murab ionann agus an modh sin, go gcuireann an Coimisiún san áireamh saolré iomlán chláir agus chistí an Aontais lena gcumhdaítear blianta iomadúla, chomh maith le ceartúcháin agus aisghabhálacha tar éis dheireadh na bliana atá faoi athbhreithniú; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, áfach, nach mínítear go hiomlán sna cineálacha éagsúla cur chuige sin an difríocht mhór sa mheastachán ar an ráta earráide;

34. á mheabhrú gur cláir ilbhliantúla iad cláir chaiteachais an Aontais trí dhearadh agus, dá bhrí sin, go gcumhdaítear roinnt blianta freisin lena gcórais rialaithe agus lena dtimthriallta bainistithe gaolmhara; á mheabhrú go bhfuil peirspictíocht ilbhliantúil ag meastacháin an Choimisiúin ar an riosca tráth an chlabhsúir lena gcuirtear san áireamh ceartúcháin agus aisghabhálacha thar roinnt blianta; ag tabhairt dá haire go bhfuil cur chuige an Choimisiúin bunaithe ar thástálacha mar a shainítear i straitéisí rialaithe arb é is aidhm dóibh comhlíonadh rialacha an Aontais a sheiceáil chun a shuíomh ar deireadh an gá cistí a aisghabháil ó thairbhithe; ag tabhairt dá haire go bhfuil raon an riosca tráth na híocaíochta, arna chinneadh mar chuid den chur chuige sin, cosúil le formhór ráta earráide measta na Cúirte agus go measann an Coimisiún gurb é an meastachán is fearr é chun neamhchosaint bhuiséad an Aontais a léiriú;

35. á mheas go bhfónann an dá chur chuige do chríocha éagsúla agus go bhfuil buntáistí, míbhuntáistí, láidreachtaí agus laigí ag baint leo, agus gur cheart iad a úsáid chun comhlánú a dhéanamh ar a chéile agus tuiscint a fháil ag an am céanna ar na difríochtaí agus na sainiúlachtaí, amhail na coincheapa éagsúla earráide agus an catagóiriú riosca a úsáideann gach institiúid; á mheas gur táscaire tábhachtach é ráta earráide na Cúirte maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht chur chun feidhme bhuiséad an Aontais a chomhlíonadh; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an éagsúlacht mhór sna rátaí a chuireann an Chúirt agus an Coimisiún ar fáil i ndáil leis na laigí a sainaithníodh ar thaobh an Choimisiúin; á chur in iúl gur díol sásaimh di, i ndáil leis an méid sin, torthaí, barúlacha agus moltaí na Cúirte mar rannchuidiú an-úsáideach le feabhas breise a chur ar bhainistiú agus ar chur chun feidhme an bhuiséid faoi mhodhanna éagsúla bainistíochta agus ag na geallsealbhóirí ábhartha uile; á chur in iúl gur saoth léi go ndéantar faillí san anailís ar an riosca amháin ar fhíorfheidhmíocht, ar cháilíocht, ar inbhuanaitheacht agus ar bhreisluach Eorpach na dtionscadal a cuireadh chun feidhme; á athdhearbhú go dtacaíonn sí le cur chuige iniúchóireachta agus modheolaíocht iniúchóireachta na Cúirte lenar cheart tionchar na mbeart ceartaitheach a cháiliú ar an leibhéal foriomlán earráide agus á iarraidh go gcomhoibreodh an Coimisiún leis an gCúirt d'fhonn comhchuibhiú a mhéadú agus d'fhonn figiúirí níos inchomparáide a chur ar fáil;

36. ag tabhairt dá haire, maidir le roinnt saincheisteanna, go bhfuil torthaí na Cúirte agus an Choimisiúin ailínithe, go háirithe maidir leis na príomhfhoinsí neamhrialtachtaí sa 'Comhtháthú', agus na rioscaí níos airde do bhearta margaidh agus d'fhorbairt tuaithe in 'Acmhainní nádúrtha agus an comhshaol'; ag tabhairt dá haire, maidir le 'Comhtháthú' go sonrach, nach gá go measann an Coimisiún go bhfuil roinnt earráidí incháilitheachta arna sainaithint agus arna gcainníochtú ag an gCúirt neamh-incháilithe; ní fheictear don Choimisiún go bhfuil bunús dlí ann chun an earráid a cháiliú mar neamhrialtacht atá le ceartú i gcomhréir leis an sainmhíniú a leagtar síos in Airteagal 2(36) de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) ('Rialachán na bhForálacha Coiteanna') agus dá bhrí sin, ní féidir leis an gCoimisiún nósanna imeachta maidir le ceartú airgeadais a shaothrú, agus nach dtiocfadh earráidí den sórt sin isteach i meastachán an Choimisiúin ar riosca tráth na híocaíochta;

37. á chur in iúl gur geal léi gur chuir an Coimisiún feabhas ar a thuairisciú ar bhearta coisctheacha agus ceartaitheacha chun buiséad an Aontais a chosaint ar chaiteachas neamhdhleathach agus neamhrialta; ag tabhairt dá haire gur shoiléirigh an Coimisiún go n-áirítear sa mhéid iomlán a tuairiscíodh sa Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht (AMPR) mar cheartuithe airgeadais agus aisghabhálacha (EUR 4,95 billiún) bearta coisctheacha agus ceartaitheacha arna ndéanamh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit; ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Coimisiún EUR 734 mhilliún i nglancheartúcháin agus EUR 195 mhilliún in íocaíochtaí neamhdhlite arna n-aisghabháil ó fhaighteoirí deiridh;

38. ag tabhairt dá haire nach ndéanann an Chúirt, agus a sainordú á fheidhmiú aici, calaois a imscrúdú ach go gcuireann sí riosca na calaoise san áireamh; ag tabhairt dá haire go gcuireann an Chúirt amhras faoi chionta coiriúla a thagann faoina hinniúlachtaí ar aghaidh chuig OIPE agus amhras faoi chalaois, éilliú nó gníomhaíocht neamhdhleathach eile chuig OLAF, a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, a sainaithníodh agus a cuid iniúchtaí á ndéanamh aici; ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Chúirt, in 2022, 14 chás calaoise amhrasta do OLAF, agus i gcomhthráth gur thuairiscigh sí 6 cinn de na cásanna sin do OIPE, rud a d'fhág 6 imscrúdú OLAF agus 3 imscrúdú OIPE go dtí seo;

([2]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

Bainistiú buiséadach agus airgeadais

39. á chur in iúl gur geal léi gur úsáideadh 98,5 % de na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bhí ar fáil, in 2022, (EUR 179,4 billiún as EUR 182,2 billiún); ag tabhairt dá haire go raibh na leithreasuithe a bhí ar fáil níos airde ná uasteorainn CAI de EUR 179,9 billiún mar gheall ar úsáid ionstraimí speisialta, a bhfuil bonn cirt leo de bharr imeachtaí gan choinne, agus úsáid á baint as an tsolúbthacht uile atá ar fáil faoi CAI; ag tabhairt dá haire gur úsáideadh 98,1 % de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (EUR 167,3 billiún de EUR 170,6 billiún ar fáil); ag moladh an Choimisiúin agus an údaráis bhuiséadaigh as a bhfreagairt bhuiséadach chinntitheach sholúbtha ar na dúshláin a bhí ann in 2022;

40. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, maidir leis na gealltanais iomlána le híoc, ar fiacha iad a bheidh ann amach anseo mura bhfuil siad saortha, gur shroich siad an leibhéal is airde riamh EUR 450 billiún in 2022, arbh é ba chúis lis sin an dá ghealltanas mhéadaithe a bhaineann le NGEU (leis na Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta uile a glacadh in 2022) agus tús mall chur chun feidhme chlárthréimhse 2021-2027; ag tabhairt dá haire go bhfuil an Coimisiún ag dréim leis go dtiocfaidh méadú breise ar an méid sin in 2023 i dtreo EUR 460 billiún, agus go bhforáiltear leis go dtiocfaidh laghdú air ó 2024 go 2027 nuair ba cheart méideanna geallta do NGEU agus do chlárthréimhse 2021-2027 araon a íoc amach; ag tabhairt dá haire nach n-úsáidfear thart ar EUR 90 billiún d'iasachtaí agus á mheabhrú go bhfuil an Coimisiún agus na Ballstáit ar gcúl faoi láthair le haghaidh íocaíochtaí arna mbunú sa chinneadh cur chun feidhme lena bhformheastar a bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta (RRPanna); ag tabhairt dá haire go bhfuil na gealltanais faoi CAI fós ag dul i méid agus go leanfaidh siad de bheith ag méadú sna blianta amach romhainn mar gheall ar thús mall na clárthréimhse agus go ndearnadh íocaíochtaí níos déanaí fós ina dhiaidh sin;

41. ag tabhairt chun suntais go bhfuil an t-am atá ar fáil chun cistí bainistíochta comhroinnte a chur chun feidhme faoi CAI 2021-2027 níos giorra ná mar a bhí faoi CAInna roimhe seo mar gheall ar riail n+2 don bhliain dheireanach den tréimhse; á chur in iúl gurb eol di na dúshláin a bhaineann le cistí comhcheangailte CAI agus NGEU a bhainistiú agus a rialú i ngeall ar a méid agus ar na sásraí éagsúla bainistithe, clársceidealaithe, cur chun feidhme agus rialaithe; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, na difríochtaí suntasacha i rátaí ionsúcháin in aghaidh an Bhallstáit; á chur in iúl gur oth léi na tionscnaimh neamhleora a rinne an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, chun cumas ionsúcháin na gclár a mhéadú agus, ar an gcaoi sin, laghdú géar marthanach a dhéanamh ar na gealltanais nár úsáideadh; á éileamh go ndéanfadh an Coimisiún na bearta agus an tacaíocht riaracháin uile is gá a ghlacadh do na Ballstáit, go háirithe chun feabhas a chur ar a n-acmhainneacht ionsúcháin;

42. á chur i bhfios go láidir go bhfuil réamh-mheastacháin an Choimisiúin maidir leis na gealltanais gan íoc a laghdú bunaithe ar na toimhdí go ndéanann na Ballstáit níos mó iarrachtaí go héifeachtach chun dlús a chur le hionsú chistí bainistíochta comhroinnte 2021-2027 agus gur leor coigeartuithe teicniúla uathoibríocha ar uasteorainn na n-íocaíochtaí chun riachtanais íocaíochtaí a chumhdach; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhféadfadh sé nach gcomhlíonfaí an dá thoimhde sin, rud a chruthódh staid an-chontúirteach do bhuiséad an Aontais;

43. ag tabhairt dá haire gur thug an Chúirt rabhadh go bhfuil méadú suntasach tagtha ar an riosca saortha i gcás cistí bainistíochta comhroinnte 2021-2027 faoi RTC, mar gheall ar shraith tosca, eadhon, an tús mall mar gheall ar rialacháin earnáilsonracha a ghlacadh go déanach, tosaíocht a thabhairt do Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE) atá fágtha agus cistiú NGEU, go bhfuil creat ama íocaíochta níos giorra ag na cistí sin de bhliain amháin i gcomparáid leis an tréimhse CAI roimhe sin agus an forluí le híocaíochtaí NGEU go dtí 2026; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, gur mhol an Chúirt in 2021 go n-áiritheodh an Coimisiún go mbeadh tacaíocht chomhairleach bhreise ann do na húdaráis náisiúnta ionas gur féidir le gach comhlacht atá freagrach as na cistí sin a bhainistiú agus a rialú bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú;

44. á chur in iúl gur geal léi an ról ríthábhachtach atá ag ENRanna maidir le hionadaíocht a dhéanamh ar an tsochaí shibhialta agus maidir leis na luachanna a chumhdaítear sna Conarthaí agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') a chur chun cinn agus a chosaint agus cláir agus tionscadail arna maoiniú ag buiséad an Aontais á gcur chun feidhme agus lánurraim á tabhairt do rialacha airgeadais an Aontais agus do chosaint leasanna airgeadais an Aontais; á iarraidh go n-áiritheofaí go liostófar sa Chóras Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES) tairbhithe cistiúcháin uile an Aontais, lena n-áirítear ENRanna, a bhain mí-úsáid nó míleithreasú as cistí an Aontais, nó a bhí i mbun gníomhaíochtaí atá contrártha le luachanna an Aontais, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht, an fhuathchaint a ghríosú, tacú le foréigean nó foréigean a mhóradh, nó an t-antoisceachas polaitiúil agus reiligiúnach a mhóradh agus go gcuirfear bac orthu ó rochtain ar institiúidí agus ar chláir chistiúcháin an Aontais; á mheas nach mór calaois, coinbhleachtaí leasa, cistiú dúbailte, éilliú agus sciúradh airgid nó claonchasadh a chosc agus dul i ngleic leo i ngach cás agus do na tairbhithe uile gan beann ar a gcineál agus a stádas dlíthiúil (mar a tugadh faoi deara i rún ón bParlaimint an 17 Eanáir 2024 maidir le trédhearcacht agus cuntasacht eagraíochtaí neamhrialtasacha arna gcistiú ó bhuiséad an Aontais); á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún moltaí an rúin sin a chur chun feidhme;

45. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur tháinig méadú ar fhiachas an Aontais ó EUR 236,7 billiún in 2021 go EUR 344,3 billiún in 2022; ag tabhairt dá haire, maidir leis an bhfiachas iomlán, nach gcruthaíonn ach an sciar de thacaíocht neamh-inaisíoctha NGEU (EUR 185,6 billiún, 53,9 %) riosca ráta úis do bhuiséad an Aontais; ag tabhairt dá haire, mar gheall ar rátaí úis an mhargaidh a bheith ag dul i méid, gur mhéadaigh costas chistiú nua NGEU ó 0,14 % sa dara leath de 2021 go 1,24 % sa chéad leath de 2022, agus méadú breise go 2,60 % sa dara leath de 2022, rud a d'fhág go raibh EUR 0,5 billiún d'íocaíochtaí úis le haghaidh NGEU in 2022, agus go raibh méadú suntasach tuartha do 2023; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an méadú mór ar rátaí úis ó 2020 i leith, rud a fhágann go bhfuil ualach airgeadais níos airde ar an mbuiséad bliantúil; á mheabhrú gur cheart tús a chur le haisíocaíochtaí iasachtaíocht NGEU in 2028 agus nach mór iad a chur i gcrích faoi 2058, a mbeidh acmhainní airgeadais leordhóthanacha ag teastáil ina leith; ag tabhairt dá haire, leis an úsáid is mó is féidir á baint as buiséad an Aontais in 2022, agus úsáid á baint as an tsolúbthacht uile atá ar fáil, nach féidir fiacha a aisíoc, mura ndéantar ciorruithe i réimsí eile de chaiteachas an Aontais; á iarraidh go ndéanfadh na Ballstáit plean aisíocaíochta a fhorbairt agus a chomhaontú as acmhainní dílse nua gan dochar a dhéanamh don CAI nua;

46. ag tabhairt dá haire go bhfuil straitéis nua bainistithe fiachais i bhfeidhm ag an gCoimisiún ó mhí na Nollag 2022 i leith, eadhon, 'straitéis cistiúcháin éagsúlaithe' ina bhfuil na teicnící agus na hionstraimí cistiúcháin a úsáideann eisitheoirí ceannasacha; ag cur sonrú i dTuarascáil Speisialta 16/2023 ón gCúirt maidir le bainistiú fiachais NGEU inar thángthas ar an gconclúid gur bhunaigh an Coimisiún a chóras bainistithe fiachais go tapa, lenar féidir tús tráthúil a chur le hoibríochtaí iasachtaíochta, lenar comhlíonadh na ceanglais rialála uile a bhaineann le punann fiachais agus bainistiú riosca;

47. ag tacú leis an moladh ón gCúirt gur cheart don Choimisiún gníomhú ar bhealach níos réamhghníomhaí chun a áirithiú go mbeidh acmhainneacht leordhóthanach ag na huirlisí atá ar fáil chun na rioscaí nochta a mhaolú;

48. ag tabhairt dá haire gur mhéadaigh neamhchosaint iomlán bhuiséad an Aontais mar gheall ar ráthaíochtaí agus dliteanais theagmhasacha le haghaidh iasachtaí go EUR 248,3 billiún, ar cruthaíodh EUR 57,8 billiún de le haghaidh coimirce bhreise tríd an gCiste don Soláthar Coiteann ('CPF'); ag tabhairt dá haire go n-éilíonn rátaí úis níos airde ráta soláthair níos airde freisin amach anseo;

49. ag tabhairt dá haire gur athraigh an Coimisiún nochtadh dliteanais theagmhasaigh ina chuntais chomhdhlúite in 2022, rud a d'fhág go raibh an chomparáid bliain i ndiaidh bliana thar a bheith casta agus an-fhada; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún tuarascáil níos soiléire a thabhairt maidir lena chuntas bliantúil, chun conclúidí agus anailís a éascú freisin i bhfianaise an nós imeachta um urscaoileadh;

50. ag tabhairt dá haire gur mhéadaigh neamhchosaint bhuiséad an Aontais ar an Úcráin in 2022 go EUR 15,6 billiún, le forálacha gaolmhara; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, maidir le tacaíocht MFA+ don Úcráin ar luach EUR 18,0 billiún, a comhaontaíodh ag deireadh 2022 agus a eisíocadh i rith 2023, nár ghá aon fhoráil sa chiste don soláthar coiteann chun rioscaí mainneachtana a chumhdach, rud a d'fhág go raibh baol tromchúiseach ann do bhuiséad an Aontais mar a cuireadh in iúl i dTuairim 07/2022; ag tarraingt aird ar an bhfíoras go caithfear caillteanais fhéideartha a bhaineann le MFA+ a chlúdach le buiséid an Aontais amach anseo nó leis an 'lamháltas' buiséadach idir uasteorainn CAI agus uasteorainn na n-acmhainní dílse; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún bearta breise a chur ar fáil chun buiséad an Aontais a chosaint ar chaillteanais a bhaineann le MFA+ amach anseo;

51. ag tabhairt dá haire gur tháinig méadú suntasach ar bhoilsciú praghsanna tomhaltóirí le linn 2022, rud a rinne difear do bhuiséad an Aontais ar roinnt bealaí, trí mhéid choibhneasta bhuiséad an Aontais a laghdú agus trí éifeachtúlacht chistí an Aontais a laghdú chun na cuspóirí a bhaint amach a mhéid céanna agus a beartaíodh ar dtús; á mheas go ndéanann boilsciú ard difear do chion an ioncaim ó fhoinsí éagsúla, le glanlaghdú ar sciar na n-acmhainní dílse bunaithe ar OIN; ag tacú go láidir leis an moladh ón gCúirt don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag méadú an bhoilscithe ar bhuiséad an Aontais chun bearta maolaitheacha a chur i bhfeidhm go réamhghníomhach;

52. á chur in iúl gur geal léi na hardáin trédhearcachta ar líne arna bhforbairt agus arna gcothabháil ag an gCoimisiún lena gcuirtear sonraí ar fáil maidir le cur chun feidhme chláir chaiteachais an Aontais agus lena lamháiltear d'fhaighteoirí cistiúcháin agus tionscadal de chuid an Aontais a chuardach, amhail an Córas um Thrédhearcacht Airgeadais, lena dtugtar faisnéis faoi chistiú an Aontais faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach, Scórchlár STA, an tArdán Sonraí Oscailte um Chomhtháthú agus ardán Kohesio;

53. ag cur sonrú i modheolaíocht an Choimisiúin chun gnéithe inscne den chaiteachas a rianú ó 2023 ar aghaidh; á mheabhrú nár measadh ach 2 % de bhuiséad an Aontais mar phríomhchuspóir a bheith aige chun comhionannas inscne a fheabhsú; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún feabhas a chur ar an scór sin trí inscne a phríomhshruthú ó thús dhearadh an chláir; á athdhearbhú go bhfuil gá le tuilleadh mionsonraí ionas gur féidir tuiscint iomlán a fháil ar fhormhór an chaiteachais (73 %) a mheastar faoi láthair mar 0* 'a d'fhéadfadh rannchuidiú leis an gcomhionannas inscne'; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur dearbhaíodh i dtuarascáil speisialta 10/2021, a d'fhoilsigh CIE, nach gcuirtear comhionannas inscne san áireamh go leordhóthanach i dtimthriall buiséid an Aontais go fóill ós rud é go bhfuil príomhghnéithe, amhail anailís inscne, cuspóirí a bhaineann le hinscne, táscairí agus cuntasacht trí thuairisciú, in easnamh den chuid is mó;

54. á iarraidh an athuair go mbeadh líne bhuiséid thiomnaithe ann don chomhionannas inscne, go háirithe laistigh de chlár Daphne i bhfianaise ghéarchéim an fhoréigin inscnebhunaithe atá os comhair an Aontais; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an tionscnamh tiomnaithe sonrach Daphne a neartú trína acmhainní a mhéadú, go háirithe bearta arb é is aidhm dóibh gach leibhéal agus gach cineál foréigin inscnebhunaithe in aghaidh na mban agus na gcailíní agus foréigean teaghlaigh a chomhrac i gcomhréir le hAirteagal 7(6) de Rialachán (AE) 2021/692 ó Pharlaimint na hEorpa aus ón gComhairle ([3]) agus tacaíocht chuí a thabhairt d'íospartaigh; á chur i bhfáth, ina theannta sin, a thábhachtaí atá sé úsáid a bhaint as Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa amhail Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) chun comhionannas inscne, fostaíocht na mban, cumhachtú na mban, fiontraíocht, ceannaireacht agus róil bhainistíochta, chomh maith le saoráidí cúraim fhadtéarmaigh a chur chun cinn; ag tabhairt dá haire go léirítear i staidéar, arna iarraidh ag coiste FEMM ([4]) gur minic a bhíonn fabhar ag fir, thar mhná agus grúpaí imeallaithe, a mhéid a bhaineann le ceapadh fóirdheontas agus tacaíochta, faoin bpacáiste 'Oiriúnach do 55', agus i mbeartais, cláir agus cistiú eile don aistriú glas;

Moltaí

55. ag tacú go láidir le moltaí na Cúirte ina Tuarascáil Bhliantúil ar chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022 ('Tuarascáil Bhliantúil don bhliain airgeadais 2022) ([5]) agus i dtuarascálacha speisialta gaolmhara; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún iad a chur chun feidhme gan mhoill agus an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn an chur chun feidhme;

56. á iarraidh go ndéanfadh an Chúirt Iniúchóirí an méid seo a leanas:

(i) idirdhealú a dhéanamh idir na cineálacha earráidí agus ráta na n-earráidí arb é mí-úsáid thromchúiseach, calaois nó gníomhaíochtaí coiriúla eile is cúis leo agus na hearráidí arb é formhaoirseacht riaracháin nó cur i bhfeidhm míchruinn rialacha is cúis leo a dhéanamh níos trédhearcaí;

(ii) measúnú níos déine a dhéanamh freisin ar cháilíocht, ar bhreisluach Eorpach, ar inbhuanaitheacht, ar fheidhmíocht agus ar infheidhmitheacht na dtionscadal a cuireadh chun feidhme;

57. á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún, go háirithe, an méid seo a leanas:

(i) teagmháil a dhéanamh leis an gCúirt chun tuiscint, cóineasú agus inchomparáideacht an dá chur chuige a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar neamhrialtachtaí;

(ii) dul faoi mheastóireacht *ex-post*, ar iontaofacht a measchán féin ar an riosca tráth dúnta an bhliain airgeadais, ar dúnadh na cláir ina leith, agus torthaí meastóireachta den sórt sin a chur i láthair an údaráis Urscaoilte;

(iii) leanúint de rialacha agus nósanna imeachta a shimpliú gan cáilíocht na rialuithe a chur i mbaol; agus leanúint de nósanna imeachta iniúchóireachta a dhigitiú;

(iv) dlús a chur leis na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar thrédhearcacht maidir le húsáid cistí, lena n-áirítear maidir le faisnéis faoi thairbhithe deiridh;

([3]) Rialachán (AE) 2021/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 390/2014 ón gComhairle (IO L 156, 5.5.2021, lch. 1)

([4]) https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2022/736899/IPOL_STU(2022)736899_EN.pdf.

([5]) IO C, C/2023/103, 4.10.2023.

(v) leanúint de thacaíocht a thabhairt d'acmhainneacht riaracháin údaráis na mBallstát; bealaí a shainaithint chun cabhrú leis na Ballstáit dlús a chur le húsáid chistí an Aontais, agus leibhéal na ngealltanas nár úsáideadh a laghdú, go háirithe i gcistí bainistíochta comhroinnte faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna;

(vi) tuarascáil mar chuid dá nochtadh maidir le dliteanais theagmhasacha agus an neamhchosaint bhliantúil atá ag buiséad an Aontais, a eascraíonn as ráthaíochtaí buiséadacha agus as cúnamh airgeadais do thríú tíortha, agus a meastachán ar an neamhchosaint bhliantúil iomlán a phoibliú;

(vii) bearta leordhóthanacha a chur ar fáil chun buiséad an Aontais a chosaint ar na rioscaí éagsúla a sainaithníodh go háirithe RAL, an fiachas méadaitheach, an neamhchosaint mhéadaithe ar an mbuiséad lena n-áirítear an Úcráin, an boilsciú méadaitheach, etc.;

(viii) leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar an riosca éillithe agus calaoise a d'fhéadfadh a bheith ann ar fud na gcistí go léir, agus úsáid á baint as aiseolas ó imscrúduithe arna ndéanamh ag OIPE agus OLAF; agus úsáid chórasach chórais bunachar sonraí Archane agus EDES a spreagadh;

(ix) bonneagar TF a sholáthar agus a chistiú do OIPE chomh fada agus is gá chun go mbeidh OIPE in ann córas TF neamhspleách agus leormhaith a chur chun feidhme, chun aistriú rianúil a áirithiú agus chun caillteanas sonraí a sheachaint;

(x) cosaint bhuiséad an Aontais a áirithiú trí úsáid ghinearálta agus chórasach a bhaint as córais dhigiteacha agus uathoibrithe le haghaidh tuairisciú, faireachán agus iniúchadh agus córas éigeantach comhtháite agus idir-inoibritheach a bhunú go práinneach, ar córas é lena gcuirfear leis na huirlisí agus na bunachair sonraí atá ann cheana, ach gan a bheith teoranta dóibh, i gcomhthéacs athmhúnlú an Rialacháin Airgeadais arna thabhairt i gcrích;

(xi) an Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta chomh maith le suíomh gréasáin STAan Choimisiúin faoi seach a mhodhnú agus a fheabhsú chun a áirithiú go ndéanfar cur chun feidhme, feidhmíocht agus comhlíonadh na dtáscairí a thabhairt cothrom le dáta go rialta, beacht agus struchtúrtha agus trédhearcach go soiléir;

(xii) a áirithiú go mbeidh toradh na n-iniúchtaí trédhearcach;

(xiii) a áirithiú go n-úsáidfidh gach Ballstát na córais agus na cláir lárnacha chun tuairisc a thabhairt ar úinéirí tairbhiúla agus ar thairbhithe deiridh;

(xiv) measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag boilsciú ard ar bhuiséad an Aontais thar roinnt blianta agus uirlisí a shainaithint chun na príomhrioscaí a eascraíonn astu a mhaolú;

Feidhmíocht bhuiséad an Aontais

58. ag cur sonrú in athimeascadh obair na Cúirte maidir le feidhmiú bhuiséad an Aontais ina Tuarascáil Bhliantúil; á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil an doimhneacht chéanna ag ábhar na caibidle gaolmhaire ná baol air ná mar a bhí i dtuarascáil bhliantúil na bliana roimhe sin maidir le feidhmíocht; á chur in iúl gur oth léi go háirithe nach bhfuil an nasc leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe chomh follasach céanna ná baol air sa leagan amach atá ann faoi láthair; ag tabhairt dá haire go bhfuil obair na Cúirte ar fheidhmíocht, mar a áirítear ina Tuarascáil Bhliantúil 2022 í, go príomha chun achoimre a dhéanamh ar na torthaí ó thuarascálacha speisialta;

59. ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt obair leantach ar chur chun feidhme 213 dá moltaí a rinneadh in 2019, agus go raibh 179 díobh dírithe chuig an gCoimisiún; ag tabhairt dá haire nach raibh ceithre cinn de na 179 moladh le cur chun feidhme fós faoin am a rinneadh an t-athbhreithniú leantach agus, as na 175 mholadh atá fágtha, go bhfuil 101 (58 %), 26 ar an mórchóir (15 %), 24 go pointe áirithe (13 %) curtha chun feidhme ina n-iomláine ag an gCoimisiún, agus nach bhfuil 17 (10 %) díobh curtha chun feidhme aige ar chor ar bith, nach raibh an Chúirt in ann teacht ar an gconclúid i 7 gcás (4 %) nár ghlac an t-iniúchaí leo nó go raibh sé ró-luath chun measúnú a dhéanamh ar an gcur chun feidhme;

60. á mheas go dtugtar forléargas maith ar na tuarascálacha arna gcur i láthair ag an gCúirt a bhaineann le réimsí straitéiseacha 2022 san fhorléargas ar thuarascálacha speisialta, a chuimsíonn an chuid is mó de chaibidil a trí de Thuarascáil Bhliantúil na Cúirte; á mheas go bhféadfadh anailís dhomhain ar fheidhmíocht bhuiséad an Aontais a bheith ina breisluach leis an obair leantach ar mholtaí na n-iniúchóirí; ag cur sonrú sa tsaincheist maidir le huainiú a bhaineann le foilsiú AMPR;

61. ag tabhairt dá haire go bhfoilsíonn an Coimisiún na "Ráitis ar Fheidhmíocht na gClár", ar forléargas é ar fhaisnéis feidhmíochta clár bhuiséad an Aontais 2021-2027, agus ar "Tosaíochtaí Cothrománacha", roinn maidir leis an gcaoi a ndéanann an Coimisiún rianú agus tuairisciú ar an méid a chaitear ar bhuiséadú glas, príomhshruthú comhionannais inscne, rianú digiteach agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe;

62. ag cur sonrú in athbhreithniú 06/2023 ón gCúirt ar AMPR 2022 an Choimisiúin do bhuiséad an Aontais agus a chonclúid gur lean Imleabhar I de AMPR 2022 treoir straitéiseach bhord bainistíochta corparáideach an Choimisiúin nuair a chuir sé na fíricí agus an méid a baineadh amach maidir le bainistiú buiséadach do 2022 i láthair, agus ag tabhairt dá haire go raibh deis ann cáilíocht na sonraí feidhmíochta a fheabhsú; ag cur sonrú i bhfreagraí an Choimisiúin ar cheisteanna i scríbhinn maidir le hiniúchadh IAS ar chóras rialaithe an Choimisiúin i ndáil le hiontaofacht na faisnéise feidhmíochta agus an t-athdhearbhú a tugadh go bhfuiltear ag déileáil leis an tsaincheist a sainaithníodh;

63. á chur in iúl gur geal léi gur chuir an Coimisiún faisnéis san áireamh ina AMPR maidir le buiséadú glas, rianú digiteach agus gné an chomhionannais inscne i mbuiséad an Aontais; ag tabhairt dá haire gur tháinig laghdú go 72 % ar líon na gclár nach eol an rannchuidiú leis an gcomhionannas inscne ina leith; ag tacú le seasamh an Choimisiúin gur gá an figiúr sin a laghdú tuilleadh;

64. ag cur sonrú i dtorthaí Thuarascáil Speisialta 09/2022 ón gCúirt dar teideal "An Caiteachas Aeráide i mBuiséad an Aontais 2014–2020"; ag cur sonrú freisin i dTuarascáil Speisialta 26/2023 ón gCúirt maidir leis an gcreat faireacháin feidhmíochta sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta; á chinneadh gur shainaithin an Chúirt sa dá Thuarascáil Speisialta faisnéis feidhmíochta maidir leis an modh a chuireann an Coimisiún faisnéis feidhmíochta i láthair, in CAI agus in STAaraon; ag tabhairt dá haire go háirithe go léiríonn nochtadh maidir le heasnaimh sna modheolaíochtaí faireacháin feidhmíochta laigí go háirithe mar gheall ar mheastacháin a mheascadh le líon iarbhír na dtorthaí a baineadh amach agus tionscadail réadaithe nó méideanna buiséadaithe a chumasc le méideanna a íocadh go hiarbhír; á mheas nár cheart meastacháin ach figiúirí na ngníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích a áireamh sna sonraí feidhmíochta arna dtíolacadh ag an gCoimisiún; á chur in iúl gur cúis bhuartha di fós cinneadh na Cúirte go bhfuiltear ag súil le feabhsuithe teoranta i dtuairisciú aeráide 2021-2027; á chur in iúl gur oth léi nár thug an Coimisiún aghaidh go fóill ar laigí i bhfigiúirí tuairiscithe a mhodheolaíochta nua;

Ioncam

65. ag tabhairt dá haire go gcuimsíonn ioncam bhuiséad an Aontais acmhainní dílse, ioncam sannta seachtrach agus ioncam eile; ag tabhairt dá haire gurbh ionann an acmhainn dhílis bunaithe ar Ollioncam Náisiúnta (OIN) in 2022 agus EUR 103,9 billiún (42,3 %), gurbh ionann ioncam sannta seachtrach agus EUR 62,2 billiún (25,4 %), gurbh ionann acmhainní dílse traidisiúnta (TOR) agus EUR 25,9 billiún (10,6 %), gurbh ionann ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a bhaineann le comhaontuithe agus cláir an Aontais agus EUR 20,9 billiún (8,5 %), gurbh ionann cáin bhreisluacha (CBL) agus EUR 19,7 billiún (8,0 %), gurbh ionann acmhainní dílse dramhaílbhunaithe ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte agus EUR 6,3 billiún (2,6 %), agus gurbh ionann ioncam eile agus EUR 6,4 billiún (2,6 %);

66. ag cur sonrú i dTuarascáil Speisialta 25/2022 ón gCúirt maidir le hOllioncam Náisiúnta (OIN) a fhíorú chun buiséad an Aontais a mhaoiniú; á mheabhrú go bhfuil na sonraí OIN arna dtuairisciú ag na Ballstáit mar bhonn chun ranníocaíochtaí na mBallstát a ríomh agus á mheas, dá bhrí sin, go bhfuil sé ríthábhachtach don Choimisiún feabhas a chur ar éifeachtúlacht an timthrialla fíorúcháin tar éis mholtaí na Cúirte; á chur in iúl gur geal léi conclúidí na Cúirte go raibh próiseas fíorúcháin na sonraí OIN a rinne Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh (Eurostat) éifeachtach; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil plean gníomhaíochta ullmhaithe ag Eurostat chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí d'fhonn iad a chur chun feidhme tar éis thimthriall 2020-2024;

67. ag tabhairt dá haire gur gá do bhuiséad an Aontais freagairt do dhúshláin iomadúla le cláir airgeadais bhreise, amhail ionstraim théarnaimh NGEU; ag tabhairt dá haire go raibh an t-ioncam ó acmhainní dílse traidisiúnta réasúnta cobhsaí do 2022, agus gur chuid shuntasach den ioncam iad ráthaíochtaí buiséadacha d'oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe; ag meabhrú, ina leith sin, rún ón bParlaimint an 10 Bealtaine 2023 maidir le hacmhainní dílse: tús nua do chúrsaí airgeadais an Aontais, tús nua don Eoraip;

68. á chur in iúl gur geal léi conclúid na Cúirte ina Tuarascáil Bhliantúil do 2022 nach raibh an leibhéal earráide in idirbhearta ioncaim ábhartha agus go bhfuil na córais chun an t-ioncam a bhainistiú éifeachtach go ginearálta; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na laigí a shainaithin an Chúirt i gcuntasaíocht agus i mbainistiú ADT i mBallstáit áirithe, agus i ngníomhaíocht an Aontais a rinneadh chun an bhearna chustaim a laghdú agus chun a áirithiú go mbeidh ADT iomlán; á chur in iúl gur geal léi na gníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún agus na Ballstáit i ndáil leis sin;

69. ag cur sonrú i dTuarascáil Bhliantúil maidir le Cosaint leasanna airgeadais an Aontais (Tuarascáil PIF ([6])) gur tháinig laghdú 6,8 % ar líon na neamhrialtachtaí calaoiseacha a bhaineann le ADT (454) in 2022, agus gur tháinig méadú 9,4 % ar neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha (4 207) i gcomparáid leis an meán 5 bliana do 2018-2022; ag tabhairt dá haire go mbaineann formhór na gcásanna calaoiseacha a tuairiscíodh in 2022 le luach mícheart agus le haicmiú mícheart nó míthuairisc ar earraí, agus go bhfuil smuigleáil fós ar cheann de na modus operandi príomha; ag tabhairt dá haire go mbraitear formhór na gcásanna calaoiseacha trí chigireachtaí ag seirbhísí frithchalaoise náisiúnta mar aon le rialuithe scaoilte custaim; ag tabhairt dá haire gurb é 48 % an ráta téarnaimh faoi láthair, cé gur féidir a bheith ag súil leis go dtiocfaidh méadú air amach anseo mar gheall ar fhad an phróisis;

70. ag cur sonrú san achoimre ar tharscaoileadh aisghabhálacha agus na méideanna a suíodh is infhaighte in Iarscríbhinn 9 de AMPR 2022; ag tabhairt dá haire gurbh ionann luach ginearálta iomlán na n-aisghabhálacha tarscaoilte agus EUR 40,4 milliún, méadú 28 % i gcomparáid le 2021 (EUR 31,4 milliún) agus á mheas gur caillteanas ioncaim é sin do bhuiséad an Aontais;

71. á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún anailís dhomhain ar na méideanna go léir arna n-aisghabháil ar bhonn fógraí OIPE agus an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas faoi na torthaí; á mheabhrú go bhfuil an príomhról ag ag na Ballstáit maidir le hobair leantach agus aisghabháil damáistí do bhuiséad an Aontais faoi bhainistíocht chomhroinnte, lena n-áirítear aisghabhálacha tar éis fógraí OIPE, agus gur féidir leis an gCoimisiún ceartuithe airgeadais a fhorchur; á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil OIPE go dtí seo ar an eolas faoi na sásraí a bhunaigh an Coimisiún chuige sin; ag tabhairt dá haire gur ardaíodh saincheist fhógraí OIPE sa mhalartú tuairimí idirinstitiúideach maidir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7])); welcomes the EPPO Working Arrangement and the set up of a working group to ensure that EPPO notifications will enable the Commission to maximize recovery to the EU budget;

72. á chur in iúl gur geal léi na forbairtí as ar tháinig deireadh leis an bhforchoimeádas cainníochtaithe agus neamhchainníochtaithe araon i réimse na dteicstílí agus na mbróga a allmhairítear ón tSín; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur íoc an Ríocht Aontaithe an méid iomlán atá dlite (íocaíocht deiridh EUR 1,57 billiún i mí Eanáir 2023) lena n-áirítear ús (EUR 1,4 billiún i mí Feabhra 2023); ag tabhairt dá haire go ndearna 27 mBallstát íocaíochtaí sealadacha suntasacha do na méideanna a mheastar a bheidh dlite do bhuiséad an Aontais faoi dheireadh 2023, agus i gcomhréir le breithiúnas CBAE i gcás C-213/19 go gcuirfidh an Coimisiún an modh cainníochtaithe céanna i bhfeidhm maidir leis na Ballstáit sin agus atá i gcás na Ríochta Aontaithe, rud a mbeidh méideanna athríofa mar thoradh air, rud a chuirfidh ar chumas an Choimisiúin an cleachtadh a thabhairt chun críche go hiomlán;

Moltaí

73. á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(i) seilbh a ghlacadh ar mholtaí Pharlaimint na hEorpa ina rúin maidir le hacmhainní dílse chun a áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ann chun na hinfheistíochtaí a rinneadh faoi NGEU a aisíoc;

(ii) úsáid a bhaint as na modhanna uile atá ar fáil chun comhar a spreagadh idir seirbhísí frithchalaoise agus gníomhaireachtaí custaim chun calaois a dhéanann difear d'ioncam an Aontais a bhrath, a chosc agus a cheartú;

(iii) an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas faoi thorthaí an athbhreithnithe ar na hacmhainní dílse a bailíodh;

(iv) scrúdú cúramach a dhéanamh ar na difríochtaí sna rátaí téarnaimh sna Ballstáit d'fhonn laigí sonracha a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint;

(v) mínithe mionsonraithe a sholáthar don údarás um urscaoileadh ar na cúiseanna nach ndearna an Coimisiún ach 13 % de mholtaí na Cúirte ó 2019 a chur chun feidhme go páirteach agus nach bhfuil 10 % breise dá moltaí curtha chun feidhme aige;

([6]) COM(2023)0464 final

([7]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, a mhéid a bhaineann le comhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (IO L 437, 28.12.2020, lch. 49).

An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach

74. ag tabhairt dá haire gur EUR 25,2 billiún (12,9 % de bhuiséad an Aontais) a bhí sa bhuiséad do na cláir faoi cheannteideal CAI 1 "An Margadh Aonair, an Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach" a dáileadh mar seo a leanas: EUR 15,8 billiún (62,8 %) le haghaidh Taighde, EUR 3,5 billiún (14,0 %) don Iompar, Fuinneamh agus Digiteach, EUR 2,7 billiún (10,6 %) don Chlár InvestEU, EUR 2 bhilliún (8,0 %) don Spás, agus EUR 1,2 billiún (4,6 %) do réimsí eile; ag tabhairt dá haire, amhail ón 31 Nollaig 2022 gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair gealltanas a glacadh agus EUR 21 845,08 milliún agus gur cuireadh chun feidhme 99,99 % díobh (EUR 21 842,58 milliún); ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair íocaíochtaí a glacadh agus EUR 20 605,64 milliún agus gur cuireadh chun feidhme 99,35 % díobh (EUR 20 471,31 milliún);

Nuálaíocht agus taighde

75. ag tabhairt chun suntais a thábhachtaí atá cláir chistiúcháin T & N an Aontais d'fhorbairt eolaíoch, shochaíoch agus theicneolaíoch/eacnamaíoch an Aontais, chun neamhionannais a laghdú, don téarnamh, don aistriú glas agus don aistriú digiteach agus don ghá atá ann spleáchas fuinnimh an Aontais ar an Rúis a laghdú; á mheabhrú gurb é Fís Eorpach an clár taighde agus nuálaíochta is suntasaí san Eoraip, a bhfuil buiséad iomlán EUR 95,5 billiún aige, lena n-áirítear EUR 5,4 billiún ó ionstraim NGEU; ag tabhairt dá haire go bhfuil thart ar EUR 48 mbilliún in infheistíochtaí leithdháilte ag STA ar T&N;

76. ag tabhairt dá haire gur glacadh bunúis dlí Fís Eorpach go déanach in 2021 agus á chur in iúl gur geal léi gur éirigh leis an gCoimisiún beagnach 100 % de chur chun feidhme an bhuiséid a bhaint amach in 2021 agus 2022; ag tabhairt dá haire gurbh é 5 509 líon na gcomhaontuithe deontais a síníodh faoi dheireadh 2022; ag tabhairt dá haire, in ainneoin gur tháinig méadú ar mheánráta rathúlachta na dtograí ó 11,9 % in Fís 2020 go 15,9 % in Fís Eorpach, nach féidir 7 as 10 dtogra ardcháilíochta a chistiú go fóill agus go mbeadh gá le EUR 34,3 billiún breise chun na tograí sin a chistiú;

77. ag tabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt 127 n-idirbheart lena gcumhdaítear raon iomlán an chaiteachais faoin gceannteideal CAI sin, go háirithe an clár Fís 2020, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE), ionstraimí airgeadais agus an clár spáis, lena n-áirítear an fhaisnéis rialtachta sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí ó Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta (AS RTD) agus ó Ard-Stiúrthóireacht an Tionscail Cosanta agus an Spáis (AS DEFIS);

78. ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt go raibh an leibhéal earráide sa chaiteachas ar "An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach" in 2022 ábhartha ag 2,7 %; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur laghdú suntasach é sin i gcomparáid le 4,4 % in 2021; ag cur sonrú i mbarúil na Cúirte gurb é an caiteachas ar thaighde agus nuálaíocht is mó a ndéanann earráid difear dó, go háirithe i réimse na gcostas pearsanra; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur ríomh an Coimisiún ráta earráide 1,5 % don cheannteideal seo, atá sa leath níos ísle de raon mheastachán na Cúirte; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil barúil na Cúirte maidir le gannmheastachán an ráta ag an gCoimisiún fós ann le roinnt blianta anuas, agus gur sainaithníodh laige shonrach in iniúchtaí ex post an Choimisiúin;

79. ag tabhairt dá haire gurb ionann earráidí inchainníochtaithe a bhaineann le costais neamh-incháilithe agus 98 % de leibhéal measta earráide na Cúirte de 2,7 % in 2022; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil na rialacha maidir le costais phearsanra a dhearbhú faoi Fís 2020 fós casta agus go bhfuil a ríomh fós ina bhfoinse shuntasach earráide (67 % den leibhéal measta earráide in 2022); ag tabhairt dá haire gur fhorbair an Coimisiún agus go gcuireann sé chun cinn úsáid "Draoi na gCostas Pearsanta" chun cabhrú le tairbhithe a gcostais phearsanra a dhearbhú i gceart;

80. ag tabhairt dá haire go leanann Fís 2020 de bheith ag déanamh ionadaíocht ar fhormhór mór na dtionscadal i sampla na Cúirte, agus nach bhfuil ann ach tionscadal amháin de chuid Fís Eorpach i sampla 2022; á chur i bhfáth, de réir na Cúirte, go bhfuil an t-ualach riaracháin do thairbhithe laghdaithe le simpliúcháin áirithe, go háirithe ráta comhréidh a thabhairt isteach do chostais indíreacha, agus d'fhéadfaidís sin an riosca earráide a laghdú;

81. ag cur sonrú sna barúlacha a thug Ard-Stiúrthóir an Taighde agus na Nuálaíochta ina éisteacht urscaoilte go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún eisíocaíocht chistí Fís Eorpach a mhéadú trí chnapshuimeanna ó 2 % in 2022 go 50 % in 2027; ag cur sonrú, sa chomhthéacs sin, in athbhreithniú sonrach na Cúirte ar nósanna imeachta agus treoir an Choimisiúin maidir le deontais chnapshuime arna gcistiú i dtaighde; ag cur sonrú sa ráiteas ón gCoimisiún go bhfuil leibhéal an ghrinnscrúdaithe níos airde ó thaobh na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta de sa mheastóireacht ar thograí cnapshuime; ag cur béim ar an ngá atá le cur chun feidhme iarbhír na dtionscadal a sheiceáil trí chnapshuimeanna a úsáid;

82. á chur i bhfáth go bhfuil ról ríthábhachtach ag an earnáil phríobháideach maidir le haghaidh a thabhairt ar an mbearna nuálaíochta san Aontas agus maidir le hiomaíochas agus fás an Aontais a fheabhsú; á chreidiúint, go háirithe, go bhfuil sé ríthábhachtach rannpháirtíocht fiontar beag agus meánmhéide (FBManna) i gcláir chistiúcháin T&N an Aontais a chur chun cinn agus a éascú a mhéid is féidir; ag cur sonrú i gconclúid na Cúirte go bhfuil seans níos mó ann go ndéanfaidh FBManna agus daoine nua earráidí ná tairbhithe eile, ós rud é nach bhfuil an taithí ná na hacmhainní acu chun na cistí a riar, agus á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí atá déanta ag an gCoimisiún chun tacú leo go sonrach, mar shampla trí fheachtais faisnéise, teagmhálacha le córas na bPointí Teagmhála Náisiúnta agus deasc chabhrach thiomnaithe na Seirbhíse Fiosrúcháin Taighde; á mheas gurb é simpliú na rialacha agus na nósanna imeachta an spreagadh is tábhachtaí do rannpháirtíocht mhéadaithe FBManna;

83. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé rialacha trédhearcacha agus soiléire a chur i bhfeidhm maidir leis an nós imeachta roghnúcháin agus maidir leis na nósanna imeachta soláthair phoiblí i ngach gníomhaireacht feidhmiúcháin; á chur in iúl gur oth léi an méadú atá tagtha ar ghearáin ó thaighdeoirí maidir le neamh-thrédhearcacht, go háirithe don Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde; á mheabhrú go mbainistíonn REA roinnt clár agus seirbhísí tacaíochta de chuid an Aontais faoi bhuiséad fadtéarmach an Aontais 2021-2027; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún measúnú ar na nósanna imeachta uile agus meastóireacht *ex-post* a dhéanamh ar bhreisluach a ngníomhaireachtaí feidhmiúcháin go léir i gcomhréir le hAirteagal 3.1 de Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ([8]);

84. ag tabhairt dá haire gur tugadh Measúnú Riosca Calaoise don Teaghlach T&N cothrom le dáta in 2022 mar obair roimh nuashonrú 2023 ar an gComhstraitéis Frith-Chalaoise; ag tabhairt dá haire gur dréachtaíodh agus gur glacadh in 2022 "Treoir maidir le seiceálacha frithchalaoise *ex-ante* ar Fís Eorpach", atá mar chuid de straitéis rialaithe *ex-ante* Fís Eorpach; ag tabhairt dá haire gurb é an príomhfhóram de Theaghlach T&N maidir le cúrsaí frithchalaoise an coiste atá freagrach as Calaois agus Neamhrialtachtaí sa Taighde (Coiste FAIR)), a tháinig le chéile dhá uair in 2022; ag tabhairt dá haire go ndearna AS RTD a Straitéis Frithchalaoise a nuashonrú freisin in 2022; á mheas go bhfuil gá freisin le beartas neamhfhulaingthe maidir le calaois i réimse an taighde; i bhfianaise na n-iarrachtaí leanúnacha simpliúcháin, tá sé tábhachtach a ráthú go rachaidh gach deontas agus fóirdheontas Eorpach chun tairbhe na spriocanna réamh-mheasta agus uirlisí éifeachtacha a fhorbairt chun calaois agus patrúin chalaoise a shainaithint i gcomhthéacs cnapshuimeanna; ag tabhairt dá haire gur gné thábhachtach amháin chun mí-úsáid chalaoiseach a sheachaint ná cásanna faoi seach a tharchur chuig painéal an Chórais Luathbhraite agus Eisiaimh;

85. á mheabhrú go bhfuil cothú, mealladh agus coinneáil tallann ar cheann de na cúig thionscnamh shuaitheanta lena gcuimsítear an Clár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht (NEIA), a glacadh an 5 Iúil 2022; ag cur sonrú sna ráitis ón gCoimisinéir Ivanova ina héisteacht urscaoilte maidir leis na hiarrachtaí a rinne an Coimisiún chun cuimsitheacht a mhéadú in Fís 2020 agus in Fís Eorpach; ag tabhairt dá haire gur aithin an Coimisinéir go bhfuil gá le hiarrachtaí breise chun rannpháirtíocht na mban agus na ndaoine óga i gcláir T&N an Aontais a mhéadú; ag tabhairt dá haire, i ndáil leis sin, na hiarrachtaí a rinne an Coimisiún chun na forálacha maidir le pleananna comhionannais inscne sa chlár Fís Eorpach a chur chun feidhme, agus an iarracht chomhpháirteach RTD-EAC chun tallann na mban a mhealladh chuig ETIM; á chur in iúl gur geal léi, sa bhreis ar thionscnaimh eile de chuid an Aontais arb é is aidhm dóibh tacú le mná sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht agus iad a chumhachtú, gur sheol an Coimisiún an dara heagrán de ghlao Women TechEU in 2022 le buiséad méadaithe EUR 10 milliún, a mheall an líon is mó riamh spéise le 467 n-iarratas ó 35 Bhallstát agus ó Thíortha Comhlachaithe Fís Eorpach;

86. á chur in iúl gur geal léi ról ERC maidir le tacaíocht a thabhairt do na taighdeoirí is fearr san Eoraip, rud a gcuirtear béim air sna gradaim iomadúla, lena n-áirítear 14 Dhuais Nobel, 6 Bhonn Fields agus 11 Dhuais Wolf; á chur in iúl gur geal léi an 2 300 iarratas ar phaitinní agus 400 seachchuideachta a gineadh a bhuí le tionscadail ERC;

87. á chur i bhfáth neamhspleáchas agus uathriail ERC agus a ról á chomhlíonadh aige maidir le tacú le taighde den scoth san Aontas; á mheabhrú go n-éilíonn ERC bunú uathúil chun foireann ERCEA, Comhairle Eolaíochta ERC agus na saineolaithe atá freagrach as meastóireachtaí na bpainéal a óstáil agus go bhfuil an chumraíocht sin fíor-riachtanach dá cuid oibre; á chur in iúl go bhfuil ionadh uirthi mar gheall ar phlean an Choimisiúin roinnt gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus ERCEA a aistriú go foirgnimh nua gan comhairliúchán cuí agus a gcomhaontú, agus neamhaird á tabhairt ar a riachtanais oifige iarbhír agus, ar an gcaoi sin, leanúnachas gnó á chur i mbaol; ag tabhairt chun suntais nach raibh fiú roinnt seirbhísí de chuid an Choimisiúin ar an eolas go leormhaith faoi na pleananna sin; á chur i bhfáth go bhfuil sé de cheart ag ERCEA conarthaí léasa a shíniú as féin agus gan formheas ón gCoimisiún a shamhail ghnó urghnách a choinneáil; á chur i bhfios go láidir nach mór don Choimisiún pleanáil agus comhoibriú le ERCEA in am trátha chun teacht ar spásanna oifige oiriúnacha a chomhlíonann a gcuid ceanglas agus nach gcuireann a ngníomhaíochtaí i mbaol;

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

88. ag cur sonrú sna héagothromaíochtaí i bhforbairt T&N laistigh den Aontas agus á chur in iúl gur geal léi na bearta éagsúla a ghlac an Coimisiún chun borradh a chur faoi infheistíochtaí T&N na mBallstát, go háirithe tíortha T&N nach bhfuil chomh feidhmíochta céanna, lena n-áirítear thart ar EUR 48 mbilliún ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, mar aon le EUR 43 bhilliún ón mBeartas Comhtháthaithe agus EUR 3 bhilliún ón gcomhpháirt "Rannpháirtíocht a ardú agus barr feabhais a scaipeadh" de chuid Fís Eorpach; ag tabhairt dá haire, in ainneoin iarrachtaí an Choimisiúin an cistiú a leithdháiltear ar thaighdeoirí i dtíortha leathnaithe a mhéadú, nach bhfuil dul chun cinn á léiriú go fóill ag roinnt "tíortha atá ar gcúl";

89. ag tabhairt dá haire, tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, gur chuir an Coimisiún stop le rannpháirtíocht eintiteas poiblí na Rúise i dtionscadail leanúnacha Fís 2020 agus i dtionscadail Fís Eorpach a bheidh ann amach anseo; ag tabhairt dá haire gur áiríodh sa leasú is déanaí ar "phríomhchlár" Fís Eorpach 2021-2022, a glacadh an 10 Bealtaine 2022, gníomhaíochtaí chun tacú le taighdeoirí a bhí gníomhach roimhe seo san Úcráin; ag tabhairt dá haire gur chuir an Coimisiún tacaíocht airgeadais i bhfoirm deontais EUR 1,5 milliún ar fáil d'Fhondúireacht Náisiúnta Taighde na hÚcráine chun Oifig Fís Eorpach a bhunú san Úcráin (Cív), a chuirfidh deiseanna cistiúcháin chun cinn agus a thabharfaidh tacaíocht maidir le tograí a dhréachtú agus comhpháirtithe a aimsiú san Eoraip;

90. á aithint gur bhain SCE a chéim iomlán cur chun feidhme amach in 2022 agus á mheas gur éacht é sin; á chur in iúl gur oth léi laghdú, i gcomparáid le 2021, ar chistiú do ghlaonna ar thograí faoi ionstraim chistiúcháin SCE 2022 don Iompar maidir le tionscadail lena ndírítear ar bhonneagar iompair Eorpach nua, uasghrádaithe agus feabhsaithe; ag tabhairt faoi deara gur chuir glaonna SCE 2022 don Iompar, a seoladh le linn an 3ú ráithe de 2022, deiseanna breise ar fáil, le EUR 6 bhilliún sa bhreis de chómhaoiniú an Aontais; á áitiú go bhfuil líne bhuiséid iompair SCE atá ard go leor ríthábhachtach chun cur chun feidhme ghréasán an Ghréasáin Iompair Thras-Eorpaigh (TEN-T) a áirithiú, lena n-áirítear an méadú i réigiún an Oirthir chun nasc a chur ar fáil do chomhpháirtithe an Oirthir amhail an Úcráin, iompar Eorpach a ghlasú, soghluaisteacht mhíleata mhéadaithe agus na rátaí boilscithe nach bhfacthas a leithéid cheana a fhritháireamh;

91. ag moladh an tionscnaimh ón gCiste Eorpach um Bainistiú Aerthrácht a don Úcráin agus don Mholdóiv faoi fhreagracht Eurocontrol, arb é is aidhm dó costais foirne/oiliúna agus aon chostais eile a choinneáil chun ullmhacht oibríochtúil a áirithiú nuair a thagann téarnamh ar an aerthrácht; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, sásra dlúthpháirtíochta Eurocontrol eile chun cabhrú leis na stáit túslíne atá ag streachailt leis na héifeachtaí a bhaineann le titim ghéar san aerthrácht; á chur i bhfios gur chinn Ballstáit Eurocontrol dhá chiste shonracha a bhunú: ceann amháin i bhfoirm tabhartais EUR 46,5 mhilliún don Úcráin agus don Mholdóiv agus ceann eile i bhfoirm iasachta EUR 46,1 mhilliún don Eastóin, don Laitvia, don Liotuáin agus don Pholainn;

Fuinneamh

92. ag cur sonrú i gcastacht an chreata beartais fuinnimh san Aontas agus á chur i bhfáth go bhfuil idirnascacht níos fearr i gcroílár mhargadh fuinnimh an Aontais; á chur in iúl gur geal léi gur glacadh an Rialachán nua maidir le bonneagar tras-Eorpach fuinnimh (AE) 2022/869 ó Pharliamint na hEorpa agus ón gComhairle ("Rialachán GTE-F") ([9]); á mheas go bhfuil creat dlíthiúil láidir curtha ar fáil ag an Aontas, trí GTE-F, SCE agus STA/Plean RePowerEU, le haghaidh infheistíochtaí i mbonneagar fuinnimh, lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le dícharbónú agus lena laghdaítear an spleáchas ar allmhairiú breosla iontaise; ag cur sonrú sna hiarrachtaí a rinneadh chun comhordú a dhéanamh ar thógáil bonneagair leictreachais ardtosaíochta ar fud na mBallstát, digitiú a dhéanamh ar chóras fuinnimh an Aontais, agus an infheistíocht san eangach a spreagadh leis an timpeallacht cheart rialála, go háirithe trí Fhuinneamh SCE;

93. ag tabhairt dá haire, san iomlán, gur chuir Fuinneamh 1 agus 2 (2014-2022) SCE EUR 6,24 billiún de thacaíocht ar fáil do thionscadail fuinnimh (EUR 5,74 billiún oibreacha, staidéir EUR 0,5 billiún) do bhreis agus 118 Tionscadal Leasa Choitinn (PCInna) agus faoi dheireadh 2022, cuireadh 123 ngníomhaíocht a fuair tacaíocht ó Fhuinneamh SCE-1 i gcrích;

94. ag tabhairt dá haire gur chuir cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus armú an fhuinnimh na margaí fuinnimh bunoscionn in 2022, rud a spreag luaineacht praghsanna agus neamhdheimhneacht fuinnimh ar fud chóras fuinnimh an Aontais; ag cur sonrú i bhfreagairt an Choimisiúin ar an ngéarchéim trí Phlean REPowerEU a fhorbairt lena ndírítear ar spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú agus deireadh a chur de réir a chéile le

([9]) Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (IO L 152, 3.6.2022, lch. 45).

hallmhairí fuinnimh na Rúise roimh 2030; ag tabhairt dá haire go slógtar le Plean REPowerEU beagnach EUR 300 billiún, thart ar EUR 72 bhilliún i ndeontais agus EUR 225 bhilliún in iasachtaí; ag tabhairt dá haire go bhfuil bunús dlí curtha ar fáil freisin le Plean REPowerEU do na Ballstáit agus don Choimisiún araon chun RRPanna náisiúnta a mhodhnú agus chun a sheiceáil an bhfuil clocha míle agus spriocanna (M&Tanna) sainithe go maith chun iad a shoiléiriú i gcás inar gá;

Moltaí

95. á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(i) cistí breise atá ag teastáil le haghaidh Fís 2020 agus Fís Eorpach a áireamh i ndréachtbhuiséad 2025 chun feabhas a chur ar an staid reatha nach féidir 7 gcinn as 10 dtogra ardcháilíochta a chistiú fós;

(ii) leanúint de rialacha agus nósanna imeachta simplithe, bearta digitithe agus roghanna costais simplithe (SCOnna) a chur i bhfeidhm agus, ag an am céanna, aghaidh a thabhairt, go háirithe, ar an riosca neamhrialtachtaí agus calaoise agus ar na costais a bhaineann le rialuithe;

(iii) leanúint de rialacha agus nósanna imeachta a shimpliú i gcomhréir leis an rialachán nua airgeadais, chun tacú le seisiúin oiliúna agus le faisnéis phraiticiúil d'iarratasóirí sna Ballstáit, go háirithe do FBManna, do sheachghnólachtaí, do ghnólachtaí nuathionscanta, d'eagraíochtaí neamhrialtasacha réigiúnacha nó do ghrúpaí áitiúla gníomhaíochta;

(iv) leanúint d'úsáid "Draoi na gCostas Pearsanra" a chur chun cinn do thairbhithe, go háirithe daoine nua agus FBManna, chun an leibhéal earráide a bhaineann le costais phearsanra a laghdú;

(v) leanúint dá iarrachtaí clár taighde níos cuimsithí de chuid an Aontais a bhaint amach trí thacaíocht a thabhairt, spriocanna soiléire a leagan síos agus cláir thaighde speisialta a eagrú do spriocghrúpaí faoi ghannionadaíocht, amhail mná agus daoine óga, agus é ag iarraidh freisin dáileadh geografach cothrom a bhaint amach ar fud an Aontais;

(vi) na Ballstáit a spreagadh agus tacú leo, go háirithe "tíortha atá ar gcúl", chun leas iomlán a bhaint as na sineirgí idir cistí an Aontais atá ar fáil, lena n-áirítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus na Cistí Comhtháthaithe, chun líon na ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta sna tíortha sin a mhéadú; agus

(vii) leanúint den chistiú chun Aontas Fuinnimh comhtháite, nuálach agus athléimneach a chruthú lena gcuirfear fuinneamh slán, inbhuanaithe, iomaíoch agus inacmhainne chun cinn do chách, go háirithe FBManna agus tomhaltóirí leochaileacha agus tomhaltóirí atá bocht ó thaobh fuinnimh de, agus dlús á chur ag an am céanna le haistriú fuinnimh glan agus cóir na hEorpa chun go mbeidh sí ar an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach faoi 2050;

(viii) feasacht, comhleanúnachas agus inbhuanaitheacht na tacaíochta d'idirnáisiúnú FBManna a mhéadú;

(ix) cur chun feidhme iarbhír na dtionscadal a sheiceáil trí chnapshuimeanna a úsáid;

(x) tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh:

a. an líon cásanna de chalaois amhrasta a rinne ranna inniúla an Choimisiúin a tharchur chuig painéal EDES, cad iad na forais eisiaimh, agus cé mhéad de na cásanna sin a raibh 1. cinneadh luathbhraite, 2. cinneadh maidir le heisiamh ón bpainéal mar thoradh orthu;

b. cé chomh fada a eisiadh eintitis ó rannpháirtíocht i gcistí an Aontais;

c. más rud é go bhfuair aon cheann de na heintitis eisiata cistí ón Aontas tar éis deireadh a bheith curtha leis an gcinneadh maidir le heisiamh;

Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna

96. ag tabhairt dá haire gur EUR 79,1 billiún (40,4 % de bhuiséad an Aontais) a bhí sa bhuiséad do na cláir faoi cheannteideal CAI 2 "Comhtháthú, athléimneacht agus luachanna" a dáileadh mar seo a leanas: 53,6 % do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus oibríochtaí réigiúnacha eile, 23,6 % do Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), 12,6 % don Chiste Comhtháthaithe (CC), 4,4 % do Erasmus+, 2,3 % do SCE Iompar, 0,6 % do SIE agus 2.9 % do réimsí eile; ag tabhairt dá haire, amhail ón 31 Nollaig 2022, gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair gealltanas a glacadh agus EUR 67 805,19 milliún agus gur cuireadh chun feidhme 98,29 % díobh (EUR 66 644,24 milliún); ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair íocaíochtaí a glacadh agus EUR 63 104,31 milliún agus gur cuireadh chun feidhme 99,86 % díobh (EUR 63 054,76 milliún);

97. ag tabhairt dá haire gur leanadh de chur chun feidhme an bheartais comhtháthaithe faoi chlárthréimhse 2014-2020 in 2022, agus don tréimhse 2021-2027, gur thug an Coimisiún an chaibidlíocht maidir leis na cláir uile i gcrích agus nach ndearna sé ach réamhíocaíochtaí, arbh ionann iad agus EUR 6,5 billiún;

98. á mheabhrú go bhfuil caiteachas faoin bhfo-cheannteideal "Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach" (Fo-cheannteideal 2a) dírithe ar éagothromaíochtaí forbartha idir Ballstáit agus réigiúin éagsúla den Aontas a laghdú; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá beartas comhtháthaithe an Aontais maidir le tacú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus a phríomhspriocanna a bhaint amach agus maidir le cúnamh a thabhairt do na Ballstáit agus do na réigiúin leas a bhaint as deiseanna nua agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin, amhail domhandú, dífhostaíocht, bochtaineacht agus eisiamh sóisialta, athrú tionsclaíoch, digitiú agus tacú le huas-sciliú agus le hathsciliú agus le foghlaim ar feadh an tsaoil;

99. á mheabhrú gur foilsíodh Tuarascáil Speisialta 27/2021 ón gCúirt dar teideal "EU Support to tourism – Need for a fresh strategic orientation and a better funding approach" [Tacaíocht an Aontais don turasóireacht – Treoshuíomh straitéiseach nua agus cur chuige cistiúcháin níos fearr de dhíth]; á mheabhrú gur mhol an Chúirt don Choimisiún straitéis chomhdhlúite nua a leagan amach d'éiceachóras turasóireachta an Aontais i gcomhar leis na Ballstáit chun clár oibre éifeachtach turasóireachta a fhorbairt do 2030 agus chun nósanna imeachta roghnúcháin a chur i bhfeidhm maidir le hinfheistíochtaí turasóireachta arna maoiniú ag CFRE chun tacú leis an treoshuíomh straitéiseach nua sin; á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé de fhreagracht ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit infheistíochtaí a bhaineann le turasóireacht a chur chun cinn, i gcomhréir leis an gclár oibre straitéiseach;

100. ag tabhairt dá haire gur shroich an ráta ionsúcháin do chistí an bheartais chomhtháthaithe faoi chlárthréimhse 2014-2020, 79,2 % ag deireadh 2022 (86 % ag deireadh 2023, lena n-áirítear cúnamh téarnaimh nua do chomhtháthú agus do chríocha na hEorpa (REACT-EU) in 2021-2022), ar ráta é a bhfuil leibhéal comhchosúil aige ag an bpointe céanna ama agus a bhí sa tréimhse 2007-2013; á chur in iúl gur cúis bhuartha di nár baineadh amach an leibhéal ionsúcháin sin ach amháin trí ráta cómhaoinithe sealadach 100 % ón Aontas lena dtarscaoiltear aon cheanglas maidir le cómhaoiniú náisiúnta tionscadal ar prionsabal seanbhunaithe de chuid airgeadas an Aontais iad; ag tabhairt dá haire gurb ionann cláir 2014-2020 agus breis agus 1 mhilliún tionscadal agus go bhfuil tacaíocht tugtha acu go dtí seo do 2,4 milliún gnólacht, gur cruthaíodh 370 000 post nua, gur mhéadaigh siad feidhmíocht fuinnimh níos mó ná 540 000 teaghlach, gur cruthaíodh 6 000 meigeavata d'fhoinsí nua fuinnimh in-athnuaite agus gur bhain 6,3 milliún teaghlach tairbhe as leathanbhanda; ag tabhairt dá haire gur tháinig feabhas mór ar ionsú in 2022 mar gheall ar CRII, CRII+, CARE, agus FAST-CARE chun críche freagairt ar ghéarchéimeanna, tionscadail laghdaitheacha, chun tacú leis na cuspóirí comhtháthaithe struchtúracha maidir le cóineasú agus comhtháthú a chruthú san Aontas;

101. á chur in iúl gur geal léi an tsolúbthacht airgeadais atá ar fáil agus cistí comhtháthaithe á n-úsáid agus á chur i bhfios go láidir, a bhuí leis an tsolúbthacht sin, go raibh ról túslíne ag an mbeartas comhtháthaithe maidir le haghaidh a thabhairt ar ghéarchéim COVID-19, ar éigeandálaí a bhaineann leis an gcogadh, agus ar an ngéarchéim fuinnimh; á mheabhrú, áfach, gurb é réasúnaíocht an bheartais sin pleanáil fhadtéarmach a áirithiú maidir le bearta ar cheart dóibh an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach idir réigiúin na hEorpa a neartú; á chreidiúint nach mór don bheartas comhtháthaithe tar éis 2027 an tsolúbthacht is gá a chur ar fáil maidir le húsáid cistí chun cur ar chumas na mBallstát agus na n-údarás réigiúnach agus áitiúil acmhainní a stiúradh ar bhealach iomchuí agus iontaofa, i gcomhréir i gcónaí le cuspóirí fadtéarmacha an bheartais chomhtháthaithe;

102. ag tabhairt dá haire thairis sin, in 2022, go ndearna Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE) agus an Tacaíocht Sholúbtha do Chríocha (FAST-CARE) breis agus EUR 1,3 billiún a shlógadh chun cabhrú leis na Ballstáit agus le réigiúin tacú leis na milliúin dídeanaithe ón Úcráin a bhí ag lorg dídine ar chríoch an Aontais, lena n-áirítear cláir phríomhshrutha um lánpháirtiú sóisialta, cúram sláinte, bia nó cúnamh riachtanach, agus ionduchtú don mhargadh saothair; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil na bearta atá beartaithe faoi réir na n-oibleagáidí céanna maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe leormhaithe agus bainistíocht fhónta airgeadais a bhfuil feidhm acu maidir le cistí an bheartais chomhtháthaithe;

103. ag tabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt sampla de 260 idirbheart lena gcumhdaítear raon iomlán an chaiteachais faoi Cheannteideal 2 de CAI; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur tháinig méadú go 6,4 % ar leibhéal foriomlán earráide measta na Cúirte maidir le "Comhtháthú, athléimneacht agus luachanna" in 2022, rud atá i bhfad os cionn na tairsí ábharthachta, tar éis ceartúcháin le luach iomlán EUR 618 milliún a chuir na Ballstáit i bhfeidhm in 2022 a chur san áireamh cheana féin; ag tarraingt aird ar an méadú suntasach ar an leibhéal foriomlán earráide a mheas an Chúirt in 2022 i gcomparáid le blianta roimhe sin (3,6 % in 2021, 3,5 % in 2020) agus go bhfuil meastacháin an Choimisiúin ar an riosca íocaíochta do 2022 idir 1,9 % agus 2,7 %, cosúil leis na blianta roimhe sin (1,9 %-2,5 % in 2021, 2,1 %-2,6 % in 2020); ag tarraingt aird ar thuarascáil na Cúirte go ndearnadh cuid shuntasach d'earráidí (3 % as 6,4 %) i gcaiteachas de thionscnamh CRII agus CRII+;

104. á chur in iúl gur cúis bhuartha di barúil na Cúirte go raibh brú ionsúcháin breise ag druidim le deireadh na tréimhse incháilitheachta do chláir 2014-2020 (31 Nollaig 2023) agus go bhféadfadh sé gur laghdaíodh éifeachtacht na seiceálacha agus na bhfíoruithe ag údaráis bhainistíochta agus iniúchóireachta le linn thréimhse COVID-19, rud a d'fhéadfadh cur leis an riosca go mbeadh earráidí agus neamhrialtachtaí gan bhrath ann; ag tabhairt dá haire go n-aithníonn an Coimisiún go bhféadfadh ról a bheith ag an staid shonrach agus na solúbthachtaí a tugadh le linn COVID-19 i mbaol neamhrialtachtaí mar gheall ar an ngá le bealaí malartacha (cianda) a aimsiú chun caiteachas a rialú; á chur i bhfáth, áfach, de réir an Choimisiúin, go bhfuil na rioscaí agus na neamhrialtachtaí arna sainaithint nasctha le cineál na ngníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme le linn thréimhse COVID-19 nó le cur chun feidhme nó tuiscint ar an tsolúbthacht a tugadh isteach i rialacha soláthair phoiblí;

105. ag cur sonrú i mínithe na Cúirte go dtagraíonn a ráta earráide don sciar den chaiteachas a dearbhaíodh, a measann sí nár comhlíonadh go hiomlán na coinníollacha íocaíochta a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) ("an Rialachán Airgeadais") , Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharliamint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]) maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ("Treoir PIF") rud a d'fhág tionchar airgeadais díreach agus intomhaiste ar an méid íocaíochta a údaraíodh ag an am ó bhuiséad an Aontais; ag cur sonrú i soiléiriú na Cúirte nár cheart a thuiscint go bhfuil an ráta earráide coibhéiseach le méid féideartha na gceartúchán airgeadais is féidir leis an gCoimisiún a fhorchur i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme; á mheas go léiríonn an ráta ard earráide cur amú acmhainní, go háirithe sa bheartas comhtháthaithe, i gcás ina bhfuil ar go leor údarás bainistíochta dul i ngleic le cur chun feidhme comhthreomhar STA;

106. ag tabhairt dá haire, sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí, go dtuairiscíonn an Coimisiún an riosca íocaíochta, i gcás gach cláir agus i gcás na gcistí ar an iomlán, ina ndéantar tagairt do neamhrialtachtaí as a n-eascraíonn ceartuithe airgeadais; ag tabhairt dá haire, chun ceartuithe airgeadais a fhorchur, gur gá don Choimisiún teacht ar an gconclúid gur tharla neamhrialtacht de réir bhrí Airteagal 2(36) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna, cé nach mbíonn caiteachas neamh-incháilithe mar thoradh ar na sáruithe foirmiúla agus earráidí uile a chuir an Chúirt san áireamh mar earráidí inchainníochtaithe ina ráta earráide measta toisc nach gcáilíonn siad mar neamhrialtacht mar a shainmhínítear in Airteagal 2(36) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé ina chabhair don údarás um urscaoileadh dearcadh bainistíochta a bheith aige maidir leis na hearráidí a sainaithníodh;

107. ag tabhairt dá haire go nglacann an Coimisiún le moltaí uile na Cúirte faoi cheannteideal 2 CAI "Comhtháthú, athléimneacht agus luachanna", cé go bhfuil éagsúlachtaí fós ann maidir le haicmiú na n-earráidí arna sainaithint ag an dá institiúid; á iarraidh ar an gCoimisiún oibriú i ndlúthchomhar leis an gCúirt, agus leis na geallsealbhóirí ábhartha uile, chun na rialacha is infheidhme a shoiléiriú tuilleadh agus chun éagsúlachtaí a laghdú agus a áirithiú ag an am céanna nach mbeidh ualach riaracháin iomarcach ar thairbhithe mar thoradh ar iniúchtaí;

108. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur shainaithin an Chúirt méadú ar na cineálacha sonracha earráidí, amhail costais agus tionscadail neamh-incháilithe agus sáruithe ar rialacha an mhargaidh inmheánaigh, lena n-áirítear soláthar poiblí agus rialacha maidir le státchabhair, á chur i bhfáth go bhféadfadh baint a bheith ag na cineálacha earráidí sin le droch-rialachas; ag tabhairt dá haire go mbaineann 3 % de ráta measta earráidí 6,4 % na Cúirte faoi Cheannteideal 2 le tosaíochtaí cómhaoinithe 100 % faoin Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas (CRII+) lenar ceadaíodh caiteachas níos solúbtha; á athdhearbhú nár cheart go gcuirfí cáilíocht agus rialuithe i mbaol choíche mar thoradh ar níos mó solúbthachta; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún athbhreithniú ar an staid reatha chun cásanna comhchosúla a sheachaint amach anseo; ag tabhairt dá haire nár aimsigh an Coimisiún fianaise iniúchóireachta maidir le tionchar suntasach foriomlán na gcineálacha nua beart agus solúbthachtaí a tugadh isteach ar rátaí earráide na gclár agus ag tabhairt dá haire go ndearna an Coimisiún bearta chun an riosca sin a chosc;

109. ag tabhairt dá haire gur shainaithin an Chúirt cásanna tionscadal ar glacadh le caiteachas neamh-incháilithe ina leith, chomh maith lena rannchuidiú leis an leibhéal foriomlán measta earráide; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé na bunchúiseanna sistéamacha a leigheas agus gur gá d'údaráis iniúchóireachta measúnú éifeachtach a dhéanamh ar na critéir incháilitheachta;

([10]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

([11]) Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

110. ag tabhairt dá haire go measann an Coimisiún gur uirlis úsáideach iad féindearbhuithe chun dearbhú a sholáthar nuair a bheadh sé deacair nó róchostasach ó thaobh riaracháin de do na tairbhithe fianaise tacaíochta mhalartach a aimsiú; ag tacú leis an moladh ón gCúirt feabhas a chur ar sheiceálacha ag údaráis iniúchóireachta ar fhéindearbhuithe arna n-eisiúint ag tairbhithe na gcistí chun a mbailíocht agus a n-iontaofacht a áirithiú;

111. ag tabhairt dá haire, i gcás CFRE agus CC, gur chuir an Coimisiún ceartuithe airgeadais agus aistarraingtí dar luach EUR 11 bhilliún chun feidhme le linn na clárthréimhse, lena n-áirítear EUR 2,4 billiún don bhliain chuntasaíochta 2021-2022; ag tabhairt dá haire nach raibh aon chaillteanas cistiúcháin do na Ballstáit mar thoradh ar na ceartuithe airgeadais sin go dtí seo, ós rud é nár chuir an Coimisiún aon ghlancheartú airgeadais chun feidhme go fóill sa tréimhse 2014-2020; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go leanann an Coimisiún de chur chun feidhme a "phlean gníomhaíochta spriocdhírithe maidir le soláthar poiblí agus státchabhair" i gcomhar leis na Ballstáit; á aithint gurb iad na húdaráis náisiúnta atá freagrach go príomha as na ceartuithe airgeadais arna gcinneadh ag an gCoimisiún a dhéanamh ach á chreidiúint go gcuirfear seiceálacha breise chun feidhme chun a dheimhniú gur cuireadh na ceartúcháin uile chun feidhme i gceart;

112. ag tabhairt dá haire gur luaigh an Chúirt go bhféadfadh an forluí idir clárthréimhsí, mar aon le hinfhaighteacht ionstraimí cistiúcháin breise faoi NGEU (REACT-EU agus STA), le saolré níos teoranta, brú a chur ar acmhainneacht riaracháin na mBallstát sa chlárthréimhse agus ag tús chur chun feidhme a gclár comhtháthaithe 2021-2027; ag tabhairt dá haire go raibh ar na húdaráis náisiúnta agus réigiúnacha a bhfócas a aistriú in 2022 ar chláir bheartais chomhtháthaithe 2014-2020 a athchlárú, lena n-áirítear bearta arna gcistiú faoi CRII(+), REACT-EU, Tacaíocht Sholúbtha do Chríocha (FAST-CARE) a thabhairt isteach agus Tacú le Fuinneamh Inacmhainne (SAFE), chomh maith leis na pleananna náisiúnta a chur chun feidhme faoi STA, chun aghaidh a thabhairt ar bhearta éagsúla géarchéime, téarnaimh agus tarrthála; ag tabhairt dá haire go gcuireann Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh (AS REGIO) tacaíocht ar fáil do na húdaráis náisiúnta agus réigiúnacha chun cur chun feidhme iomlán chláir 2014-2020 a áirithiú;

113. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an cás le déanaí maidir le mí-úsáid líomhnaithe chistí an Aontais i gconarthaí a bhaineann le maisc aghaidhe a cheannach ar a dtugtar "cás Koldo"; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go raibh EUR 14,6 milliún ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus EUR 3,1 milliún ó Chiste Dlúthpháirtíochta AE i gceist leis an mí-úsáid sin de chistí an Aontais agus d'airgead cháiníocóirí an Aontais; á chur in iúl gurb oth léi go bhfuair OIPE an fhaisnéis ábhartha ó dhuine príobháideach seachas ón údarás náisiúnta ábhartha; ag tathant ar na Ballstáit aon amhras faoi mhí-úsáid chistí an Aontais a thuairisciú gan mhoill do OIPE i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán OIPE; ag spreagadh an Choimisiúin chun leas a bhaint as saineolaithe seachtracha chun críoch iniúchóireachta má shainaithnítear dianeaspa acmhainneachta i mBallstát; ag tabhairt dá haire nár aimsigh an Coimisiún mí-úsáid líomhnaithe cistí sa chás in ainneoin iniúchtaí a bheith déanta; á mholadh go n-úsáidfí prionsabal na gceithre shúil agus fíorú ilchéime le linn conarthaí a dhámhachtain i gcásanna géarchéime mura féidir nósanna imeachta soláthair a thionscnamh mar gheall ar an ngéarchéim, chun mí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as cistiú an Aontais a sheachaint; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart don Choimisiún iniúchtaí ex-post doimhne a dhéanamh ar chonarthaí a dhámhtar gan nósanna imeachta soláthair le linn géarchéimeanna sna Ballstáit uile lena mbaineann; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur tharla cásanna comhchosúla i mBallstáit eile lena n-áirítear i gcás inar nochtadh le déanaí calaois líomhnaithe sa Phortaingéil a bhain le cistí CFRE agus roinnt cásanna i bPoblacht na Seice maidir le mí-úsáid líomhnaithe chistí REACT-EU chun trealamh leighis a cheannach;

114. ag tabhairt dá haire go bhfuil comhlántacht ina saintréith den ghaol idir cistí an bheartais comhtháthaithe agus ionstraimí cistiúcháin eile an Aontais; á mheabhrú, cé go bhfuil cistí an bheartais chomhtháthaithe agus STA éagsúil ó thaobh cuspóirí ginearálta, amlíne, modh bainistíochta agus maoiniú de, gur léir ón taithí atá ann faoi láthair go bhforáiltear le roinnt RRPanna d'infheistíochtaí a bheadh incháilithe do mhaoiniú faoin mbeartas comhtháthaithe; ag tabhairt chun suntais gur féidir agus go bhfuiltear ag súil leis an gcomhlántacht idir cistí an bheartais comhtháthaithe agus STA, ar choinníoll go ngabhann fíor-bhreisluach leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus nach gcumhdaítear na costais chéanna faoi dhó; á chur i bhfios go láidir go dtiocfaidh méadú ar an riosca go mbeidh forluí ann i dtreo dheireadh shaolré STA agus á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún a dhícheall chun na rioscaí sin a mhaolú;

115. ag tathant ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar an staid, go háirithe nuair is ionann údaráis chomhordúcháin náisiúnta STA agus údaráis chomhordúcháin náisiúnta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus do chistí an bheartais chomhtháthaithe, agus á áitiú go mbeadh acmhainneacht riaracháin agus acmhainní daonna breise leordhóthanach á leithdháileadh ar na sraitheanna éagsúla de chistiú an Aontais; á chur i bhfios, mar sin féin, na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann go bhféadfadh cásanna cistiúcháin dhúbailte gan aithint a bheith mar thoradh ar an gcomhthreomhaireacht sin; á iarraidh go bhfoghlaimeodh an Coimisiún ceachtanna ón taithí a fuarthas as dhá shamhail chistiúcháin éagsúla;

116. á chur in iúl gur geal léi nach sainaithníonn an Chúirt ná an Coimisiún, faoi láthair, aon chás inar íoc cistí STA as comhchistiú éigeantach náisiúnta ar thionscadal comhtháthaithe in eisíocaíochtaí STA 2022; ag tathant ar an gCoimisiún leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar an staid agus cosc a chur ar mhaoiniú den sórt sin a bheith ann;

117. á chur in iúl gur cúis bhuartha di barúlacha leanúnacha na Cúirte maidir leis an easnamh a sainaithníodh sa chaoi a n-oibríonn údaráis iniúchóireachta agus bainistíochta, go háirithe laigí sna seiceálacha ex post a dhéanann na húdaráis iniúchóireachta agus i rialuithe na n-údarás bainistíochta nach ndéanann i gcónaí neamhrialtachtaí i gcaiteachas arna ndearbhú ag tairbhithe a chosc nó a bhrath go héifeachtach agus róspleáchas an Choimisiúin ar cháilíocht obair údaráis na gclár, a bhaineann le srianta bunúsacha in athbhreithnithe deisce an Choimisiúin;

118. ag cur sonrú i bhfreagra an Choimisiúin go gcuireann a mheasúnú, bunaithe ar mheascán d'obair iniúchóireachta deisce agus ar an láthair lena gcumhdaítear na cláir aonair agus na pacáistí dearbhaithe éagsúla, ar a chumas meastachán réasúnta agus cothrom a bhunú ar na rátaí earráide do gach clár, gach bliain, agus go carnach do chistí an bheartais chomhtháthaithe; ag aontú leis an gCúirt go bhfuil teorainneacha bunúsacha ag baint le hathbhreithnithe deisce an Choimisiúin maidir le bailíocht na rátaí earráide iomlána iarmharacha arna dtuairisciú ag na húdaráis iniúchóireachta a dheimhniú; ag tabhairt dá haire go bhféadfadh na laigí sin difear a dhéanamh freisin do riosca measta an Choimisiúin tráth an chlabhsúir, toisc go bhféadfadh sé nach ndéanfadh an Coimisiún i ngach cás na ceartúcháin is gá chun an ráta earráidí iarmharacha a thabhairt faoi bhun ábharthachta;

119. á chur i bhfáth, agus é ina ábhar imní di, gur shroich cion na bpacáistí dearbhaithe ina bhfuil rátaí earráidí iarmharacha os cionn 2 % buaic de 61 % den chaiteachas i sampla na Cúirte in 2022 i gcomparáid le 39 % sa bhliain roimhe sin, rud a léiríonn na heasnaimh leanúnacha in obair na n-údarás iniúchóireachta; á chur i bhfáth, agus é ina ábhar imní di, go léirítear le torthaí iniúchóireachta na Cúirte le sé bliana anuas nach ndéantar an t-ardriosca bunúsach earráide sa chomhtháthú a fhritháireamh go leordhóthanach leis na rialuithe atá i bhfeidhm faoi láthair, agus nach ndéanann na húdaráis bhainistíochta neamhrialtachtaí sa chaiteachas arna dhearbhú ag tairbhithe a chosc nó a bhrath go héifeachtach i gcónaí; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur laigí suntasacha iad na hearráidí a d'aimsigh an Chúirt in obair na n-údarás iniúchóireachta maidir le hincháilitheacht caiteachas agus tionscadal a fhíorú, agus maidir le comhlíonadh rialacha an mhargaidh inmheánaigh; ag tabhairt dá haire go bhfuil cuid de na rátaí earráidí iarmharacha arna n-athríomh ag an gCúirt os cionn 2 % sna pacáistí dearbhaithe iniúchta inchurtha i leith na n-éagsúlachtaí thuasluaite;

120. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na heasnaimh leanúnacha a thug an Chúirt faoi deara sna hiniúchtaí náisiúnta, ar easnaimh iad a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar raon feidhme neamhleor, doiciméadacht dhoiléir iniúchtaí agus scagadh samplach arna ndéanamh ag údaráis náisiúnta iniúchóireachta, chomh maith le saincheisteanna acmhainní, amhail cistiú neamhleor agus easpa saineolaithe oilte; á chur i bhfáth gur cúis bhuartha di gur thug an Chúirt laigí faoi deara i raon leathan iniúchtaí, mar shampla cásanna de sheiceálacha neamhleora ar fhaisnéis arna soláthar ag tairbhithe maidir le hincháilitheacht tionscadal, maidir le comhlíonadh rialacha an mhargaidh inmheánaigh agus maidir leis an riosca calaoise agus coinbhleachta leasa; ag tabhairt dá haire go measann an Coimisiún, ar an taobh eile, go bhfuil obair fhormhór na n-údarás iniúchóireachta iontaofa agus nach gá ach do 10 as 116 údarás iniúchóireachta feabhsuithe suntasacha a dhéanamh; ag meabhrú a moltaí i rún ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Samhain 2023 maidir le féidearthachtaí chun iontaofacht iniúchtaí agus rialuithe ag údaráis náisiúnta sa bhainistíocht chomhroinnte a mhéadú;

121. ag tabhairt dá haire go bhfuil an Coimisiún tiomanta chun leanúint dá dhlúthobair leis na húdaráis iniúchóireachta chun go neartófaí a n-acmhainneacht earráidí a chosc agus a cheartú, a gcuid oibre iniúchóireachta a dhoiciméadú ar bhealach níos fearr agus, dá bhrí sin, rannchuidiú leis an bpróiseas dearbhaithe;

122. ag cur sonrú i gcinneadh na Cúirte, mar bhealach chun caiteachas a shimpliú, gur bhain tairbhithe chistiú an bheartais chomhtháthaithe úsáid as SCOnna le haghaidh 77 n-idirbheart, nó 30 % dá sampla, agus rátaí comhréidhe, scálaí caighdeánacha na gcostas aonaid nó meascán den dá rud a chur i bhfeidhm; á chur i bhfáth go bhfuil SCOnna ar cheann de na bearta is tábhachtaí chun costais agus ualaí riaracháin a laghdú do na tairbhithe agus, dá bhrí sin, chun rochtain tairbhithe beaga ar an gcistiú a éascú agus chun díriú níos mó ar bhaint amach na gcuspóirí agus an ráta earráide á laghdú ag an am céanna; ag tabhairt chun suntais go measann an Chúirt nach ndéantar SCOnna a chur chun feidhme go leordhóthanach i gcónaí agus go n-aontaíonn sí le conclúid iniúchóireachta na Cúirte nár cheart go mbeadh tairbhe iomarcach airgeadais ann do Bhallstát mar thoradh ar SCOnna; ar an taobh eile, ba cheart fíorlaghduithe ar an ualach maorlathach a bheith mar thoradh iarbhír ar SCO seachas rialú uileghabhálach ex-ante agus ex-post; ag tabhairt dá haire gur cheart athruithe beaga ar phraghsanna i meastacháin SCO i gcomparáid leis na praghsanna a sainaithníodh le linn rialuithe ex-post a bheith inghlactha;

123. ag tabhairt dá haire, le haghaidh chláir 2021-2027, gur mhol an Coimisiún d'údaráis na gclár úsáid a bhaint as na bearta simpliúcháin dá bhforáiltear faoi CPR, go háirithe úsáid SCOnna agus maoinithe nach bhfuil nasctha le scéimeanna costais (FNLC) chun dul i ngleic le saincheisteanna incháilitheachta, fíoruithe bainistíochta a éascú agus an t-ualach ar thairbhithe a rialú; ag tabhairt dá haire, mar thoradh ar an iarracht sin, i gcás CFRE agus CC, mar shampla, gur glacadh 120 scéim SCO ar leibhéal an chláir go dtí seo in 11 Bhallstát agus i gcás chláir Interreg (EUR 5,7 billiún den ranníocaíocht iomlán) chomh maith le 4 scéim FNLC i 4 Bhallstát (le haghaidh EUR 1,2 billiún den ranníocaíocht iomlán); á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le tuilleadh simplithe agus solúbthachta mar ábhar práinne; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún an chothromaíocht cheart a aimsiú idir an tsolúbthacht is gá le haghaidh athrú beag praghsanna, agus ar an taobh eile, costas míchuí d'aon ghnó agus rómheastacháin ar phraghsanna;

124. á chur in iúl gur cúis bhuartha di cinneadh na Cúirte maidir le clár CFRE sa tSlóvaic atá dírithe ar spás inmheánach foirgnimh phoiblí a athchóiriú, in ainneoin nach raibh ach bearta éifeachtúlachta fuinnimh incháilithe faoin gclár sin; ag cur sonrú i mbarúil na Cúirte nár cheart gur éirigh leis an tionscadal sin sa chéim mheastóireachta, ós rud é nár comhlíonadh an tairseach i gcur i bhfeidhm 25 % ar a laghad den chaiteachas don tionscadal atá nasctha le héifeachtúlacht fuinnimh; ag cur sonrú i gcásanna comhchosúla arna sainaithint ag an gCúirt nach bhfuil freagra ón gCoimisiún acu;

125. á mheabhrú nach mór do na Ballstáit coinníollacha cumasúcháin cothrománacha nó téamacha áirithe de CPR a chomhlíonadh don tréimhse 2021-2027, ar coinníollacha réamhriachtanais iad chun cuspóirí sonracha na gcistí a chur chun feidhme go héifeachtach agus go héifeachtúil; á mheabhrú, nuair nach gcomhlíontar coinníollacha cumasúcháin tráth a chuirtear iarratas ar íocaíocht faoi bhráid an Choimisiúin don chuspóir sonrach lena mbaineann, nach n-aisíocfar an caiteachas gaolmhar ó bhuiséad an Aontais go dtí go mbeidh an Coimisiún sásta gur comhlíonadh an coinníoll cumasúcháin;

126. á mheabhrú gur ghlac an Chomhairle, an 15 Nollaig 2022, bunaithe ar thogra ón gCoimisiún, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2506 ([12]) maidir le bearta chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir; á chur i bhfáth go raibh an cinneadh bunaithe ar ábhair imní an Choimisiúin maidir le saincheisteanna tromchúiseacha a bhaineann leis an gcóras soláthair phoiblí san Ungáir; á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh 55 % de na gealltanais ar fionraí go sealadach do chláir áirithe de chuid an bheartais chomhtháthaithe don tréimhse 2021-2027; ag tabhairt dá haire go bhfuil faireachán á dhéanamh ag an gCoimisiún ar chur chun feidhme na mbeart feabhais a mhol an Ungáir faoi chuimsiú an "Rialacháin maidir le Coinníollacht"; ag tabhairt dá haire, i mí na Nollag 2023, go ndearna an Coimisiún athmheasúnú as a stuaim féin ar an staid san Ungáir agus gur tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil buiséad an Aontais fós ar an leibhéal riosca céanna ós rud é go bhfuil gealltanais fós ann nár comhlíonadh i gceart ná in am trátha;

127. ag tabhairt dá haire gur tháinig an Coimisiún ar an gconclúid i mí na Nollag 2022 nach raibh na coinníollacha cumasúcháin cothrománacha faoi RTF maidir leis an gCairt maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna agus forálacha roinnt dlíthe lena mbaineann rioscaí tromchúiseacha do chearta LGBTIQ+, saoirse acadúil agus an ceart chun tearmainn á gcomhlíonadh ag an Ungáir; á chur in iúl gur oth léi go mór an cinneadh ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2023 ([13]) ós rud é go bhfuil an coinníoll cumasúcháin cothrománach a bhaineann le neamhspleáchas na mbreithiúna comhlíonta ag an Ungáir, rud a chuireann ar chumas údaráis na hUngáire éilimh ar aisíocaíocht suas le EUR 10,2 billiún a thíolacadh gan sásraí rialaithe leordhóthanacha ná nósanna imeachta soláthair phoiblí atá i bhfeidhm chun bainistíocht fhónta airgeadais agus cosaint bhuiséad an Aontais a ráthú; á chreidiúint go bhfuil an cinneadh sin ag teacht salach go polaitiúil ar fhadú na mbeart a glacadh faoin Rialachán maidir le Coinníollacht agus á chur in iúl gur cúis díomá di nár cuireadh an Pharlaimint ar an eolas go leormhaith le linn an phróisis; ag athdhearbhú a himní maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna, fiú tar éis na n-athchóirithe a rinneadh le déanaí, mar a cuireadh in iúl ina Rún an 18 Eanáir 2024 maidir leis an staid san Ungáir agus cistí reoite an Aontais;

128. á athdhearbhú gur gá caitheamh leis na bearta uile is gá chun cistiú ón Aontas a scaoileadh faoin Rialachán Coinníollachta, faoi RTFanna agus faoi Rialachán STA mar phacáiste aonair lárnach; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé leasanna airgeadais an Aontais a chosaint freisin chun réamh-mhaoiniú a eisíoc;

([12]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2506 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 maidir le bearta chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir (IO L 325, 20.12.2022, lch. 94).

([13]) Cinneadh ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2023 maidir leis an athmheasúnú, ar thionscnamh an Choimisiúin, ar chomhlíonadh na gcoinníollacha faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 tar éis Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2506 ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 maidir leis an Ungáir, C(2023)8999.

129. ag cur sonrú i dTuarascáil PIF don bhliain 2022 gur tháinig laghdú 116 % (233 a tuairiscíodh in 2021 i gcomparáid le 206 a tuairiscíodh in 2022) ar líon na neamhrialtachtaí calaoiseacha a bhaineann leis an mBeartas Comhtháthaithe, agus gur tháinig méadú 93 % ar neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha; ag tabhairt dá haire gur iarr an Coimisiún ar na húdaráis iniúchóireachta aird ar leith a thabhairt ar rioscaí nua a bhaineann le hiolrú Cistí agus cistiú breise faoi NGEU, go háirithe, "cistiú dúbailte", coinbhleachtaí leasa, calaois nó éilliú; ag cur sonrú sna hiarrachtaí a rinne an Coimisiún chun úsáid uirlis scórála riosca Arachne a chur chun cinn do na Ballstáit a bhfuil drogall orthu, agus feabhsuithe ar an uirlis a thabhairt isteach; ag tabhairt dá haire gur thug na húdaráis iniúchóireachta aghaidh go sainráite ar an riosca calaoise i gcás 65 % de na hoibríochtaí faoi iniúchóireacht i dtréimhse 2014-2020, ar fheabhsú é ar an 38 % a d'aimsigh an Chúirt in 2021;

130. á chur i bhfáth gur cheart rochtain a bheith ag an gCúirt, ag OLAF agus ag OIPE ar chóras TF comhtháite aonair le haghaidh mianadóireacht sonraí agus scóráil riosca arna sholáthar ag an gCoimisiún, ar bhealach comhréireach, laistigh d'fheidhmiú a n-inniúlachtaí faoi seach, mar a bheartaítear in athmhúnlú an Rialacháin Airgeadais;

131. ag tabhairt chun suntais a thábhachtaí atá dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais ar chomhtháthú chomh maith leis an ról ríthábhachtach atá ag na húdaráis bhainistíochta agus iniúchóireachta ina leith sin; á mheabhrú gur gá iniúchtaí a shimpliú agus a réasúnú, ag díriú ar a bhfuil riachtanach chun calaois a chomhrac; á mheabhrú, ina theannta sin, de réir Rialachán na bhForálacha Coiteanna 21-27, gur cheart d'údaráis na mBallstát gach cás amhrasta calaoise nó calaois bhunaithe a bhaineann le tionscadail arna gcistiú ag an Aontas a shainaithníonn siad a thuairisciú, agus gur cheart dóibh na cásanna sin a thuairisciú fiú má bhraitheann siad iad sula ndearbhaítear caiteachas don Choimisiún;

132. ag tabhairt chun suntais go bhfuil ról suntasach ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) maidir le buiséad an Aontais a chosaint; á iarraidh go rachadh na Ballstáit sin i bpáirt le OIPE; á mheabhrú, nuair a tháinig sí roimh an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach an 25 Bealtaine 2023, gur thug an tIonchúisitheoir Poiblí Eorpach chun suntais nach bhfuil an córas bainistithe agus rialaithe do chaiteachas an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair deartha chun calaois a bhrath agus gurb annamh a bhraitear coireacht airgeadais sna hiniúchtaí nó imscrúduithe riaracháin, a bhfuil gné thrasteorann ag baint léi go minic; á chur i bhfáth gur gá na modhanna atá riachtanach chun a dhualgais a chomhlíonadh a sholáthar do OIPE; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhfágfadh OIPE neartaithe go bhféadfadh an reachtóir an creat rialála don chomhtháthú a shimpliú tuilleadh chun feabhas a chur ar chur chun feidhme na gcistí;

133. á iarraidh go ndéanfadh OLAF imscrúdú críochnúil ar an mí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as cistí an Aontais trí Erasmus+ agus tríd an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach ag líonraí comhlachas a chuireann tionscadail bhréagacha i láthair, agus é mar aidhm leis tuarascálacha a rinne roinnt gníomhaireachtaí náisiúnta le déanaí ar an ábhar sin a fhíorú, scála agus tábhacht na gcásanna calaoise sin a thomhas, agus anailís a dhéanamh ar an gcaoi a gcaitheann údaráis inniúla sna Ballstáit leo;

Moltaí

134. á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(i) páirt réamhghníomhach a ghlacadh in idirphlé cuiditheach leis an gCúirt chun an líon méadaitheach cásanna a shárú inarb é freagairt oifigiúil an Choimisiúin ar chinntí na Cúirte "comhaontú chun easaontú" agus leanúint dá comhar leis an gCúirt chun torthaí a rátaí earráide measta agus léirmhíniú téacsanna dlí a ailíniú;

(ii) torthaí na Cúirte maidir le dearbhuithe na mBallstát a mheaitseáil leis an bhfaisnéis a thagann ó riosca an Choimisiúin maidir le híocaíocht agus riosca ag an gcleachtadh dúnta maidir le húdaráis bhainistíochta chun teophointí earráide nach mór aghaidh a thabhairt orthu go práinneach a shainaithint;

(iii) leanúint dá dhlúthobair leis na húdaráis iniúchóireachta chun a n-acmhainneacht a neartú chun earráidí athfhillteacha a chosc agus a cheartú, chun a gcuid oibre iniúchóireachta a dhoiciméadú ar bhealach níos fearr agus, dá bhrí sin, chun rannchuidiú leis an bpróiseas dearbhaithe;

(iv) córas bainistithe agus rialaithe na mBallstát a fheabhsú agus a neartú chun a áirithiú nach ndearbhaíonn na Ballstáit ach caiteachas incháilithe don Choimisiún;

(v) a áirithiú go bhfuil modhanna iomchuí i bhfeidhm ag na húdaráis iniúchóireachta chun féindearbhuithe a sheiceáil trí bhíthin dea-chleachtais a shainaithint agus treoir a eisiúint do na Ballstáit;

(vi) seiceálacha sonracha spriocdhírithe a dhéanamh mar chuid de na hiniúchtaí clabhsúir chun a áirithiú gur chuir na Ballstáit na ceartuithe airgeadais is gá i bhfeidhm le haghaidh earráidí arna mbrath;

(vii) aird ar leith a thabhairt ina cuid iniúchtaí ar na rioscaí a bhaineann leis na solúbthachtaí a tugadh isteach le leasuithe CRII/CRII+; athbhreithniú láithreach a sheoladh ar chaiteachas faoi na cláir sin chun saincheisteanna sistéamacha a shainaithint agus a cheartú as ar eascair méadú tobann ar an ráta earráide;

(viii) leanúint dá thacaíocht do na Ballstáit agus, ag an am céanna, plean gníomhaíochta a ullmhú maidir leis an mbealach is fearr chun an ró-ualach riaracháin a sheachaint i dtreo dheireadh CAI a thiocfaidh sa bhreis ar an tréimhse incháilitheachta atá beartaithe don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, i bhfianaise chur i gcrích chlárthréimhse 2014-2020 agus chur chun feidhme an chláir reatha, go háirithe trí thacú le fothú acmhainneachta riaracháin;

(ix) leanúint de chur chun feidhme a 4ú athbhreithniú ar an "plean gníomhaíochta maidir le soláthar poiblí" i gcomhar leis na Ballstáit chun cabhrú le húdaráis chláir agus le húdaráis chonarthacha a gcleachtais a fheabhsú i réimse an tsoláthair phoiblí, lena n-áirítear conas na hearráidí is coitianta sa soláthar poiblí a bhaineann le bainistiú Chistí SIE a sheachaint, chomh maith le seisiúin oiliúna spriocdhírithe d'oifigigh na mBallstát;

(x) a ghealltanas a chomhlíonadh maidir le liosta de na tairbhithe deiridh is mó de chistí an Aontais a sholáthar don Údarás um Urscaoileadh agus don phobal i gcoitinne araon, i gcás ina meastar leis an liosta sin gurb é an tairbhí deiridh an duine nádúrtha nó eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais mar an tairbhí deiridh i slabhra na bhfaighteoirí;

(xi) simpliú a fheabhsú tuilleadh i gcur chun feidhme na gclár comhtháthaithe; ina theannta sin, á mholadh go ndéanfadh an Coimisiún uirlisí a chur chun feidhme chun an soláthar poiblí a dhigitiú bunaithe ar shamhail an ríomhsholáthair, agus chun cabhrú leis na Ballstáit san aistriú sin;

(xii) oibriú, chun glacadh rathúil le SCOnna a bhaint amach, i gcomhthráth leis na geallsealbhóirí uile, ar chomhchuibhiú modheolaíochta agus dearbhaithe ionas go mbeidh intuarthacht leordhóthanach ann do na tairbhithe maidir leis an gcaoi a bhfuiltear ag súil go gcuirfear na roghanna sin chun feidhme; agus a áirithiú nach mbeidh tuilleadh maorlathaithe ar chur chun feidhme agus ualach iniúchóireachta neamhriachtanach ar thairbhithe mar thoradh ar iniúchtaí; a áirithiú nach gcuirfear SCOnna chun feidhme ar bhealach ina mbainfidh na Ballstáit tairbhe airgeadais iomarcach as, agus solúbthacht iomchuí á ráthú sna meastacháin ar chostais agus ar phraghsanna;

(xiii) oibriú i gcomhar le húdaráis iniúchóireachta na mBallstát chun a áirithiú go laghdófar an riosca sonrach a bhaineann le cistiú dúbailte, go háirithe le maoiniú STA, le rialuithe agus iniúchtaí náisiúnta leordhóthanacha; á áitiú go ndéanfadh an Coimisiún iniúchtaí téamacha nó iniúchtaí comhlíontachta, atá saincheaptha chun díriú ar réimsí ardriosca agus ar na Ballstáit; agus

(xiv) sásra cuimsitheach a bhunú chun cistí comhtháthaithe a úsáid i gcás imthosca eisceachtúla nó imthosca gan choinne, agus úsáid á baint as forálacha treoracha maidir lena raon feidhme, a infhaighteacht, a rialachas, a iniúchadh agus a rialú agus a chur i bhfeidhm; á chur i bhfios go láidir gur cheart úsáid den sórt sin d'imthosca eisceachtúla a theorannú do chásanna sonracha dea-shainithe, teoranta ó thaobh ama agus raon feidhme de agus le leibhéal méadaithe rialuithe chun rioscaí a mhaolú;

(xv) á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún athmheasúnú ar a chinneadh EUR 10,2 billiún de chistí comhtháthaithe a "dhíreo" don Ungáir agus staonadh ó aon chistí a eisíoc go dtí go mbeidh an reachtaíocht ábhartha curtha chun feidhme agus go dtí go mbeidh sé cruthaithe go bhfuil na bearta a glacadh éifeachtach sa chleachtas;

(xvi) úsáid uirlisí TF amhail EDES agus Arachne a dhéanamh éigeantach agus córasach do chistí uile an Aontais lena n-áirítear bainistíocht chomhroinnte agus úsáid níos fearr teicneolaíochta nua a áirithiú chun rialuithe a mhéadú agus buiséad an Aontais a chosaint ar chalaois agus ar mhí-úsáid cistí i gcomhthéacs an athbhreithnithe a tugadh i gcrích ar an Rialachán Airgeadais;

(xvii) rochtain a thabhairt don Chúirt, do OLAF agus do OIPE ar chóras comhtháite TF aonair le haghaidh mianadóireacht sonraí agus scóráil riosca arna chur ar fáil ag an gCoimisiún, sna téarmaí a comhaontaíodh in athmhúnlú an Rialacháin Airgeadais;

(xviii) tuairisc a thabhairt maidir leis na hiniúchtaí arna ndéanamh ar luathchóras coisctheach (EPSA) a rinneadh ag tús na clárthréimhse, chun éifeachtacht na gcóras rialaithe sna Ballstáit a dheimhniú, lena n-áirítear an córas atá i bhfeidhm chun neamhrialtachtaí a chosc;

(xix) tuairisciú don údarás um urscaoileadh conas a chuaigh úsáid na mbeart solúbthachta sa bheartas comhtháthaithe, a bhfuil ionsú feabhsaithe acu, i bhfeidhm ar chuspóirí comhtháthaithe struchtúracha an chóineasaithe agus an chomhtháthaithe;

Cultúr agus Oideachas

135. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí an Choimisiúin agus na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr (EACEA) chun Erasmus+, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus Eoraip na Cruthaitheachta a oiriúnú do réaltacht atá ag athrú, mar shampla trí athbhreithniú suas a dhéanamh ar rátaí tacaíochta aonair do dheontais chun a gcarachtar cuimsitheach a choimirciú, síneadh a chur le spriocdhátaí iarratais agus fad an tionscadail, agus gníomhaíochtaí a athdhíriú go deonach ar an Úcráin, agus ag súil le níos mó iarrachtaí chun bearta cuimsithe a threisiú tuilleadh agus níos mó tacaíochta chun rannpháirtíocht grúpaí leochaileacha a éascú;

136. á chur in iúl gur mór aici gur éirigh leis an gCoimisiún agus le EACEA feidhmiú buiséid beagnach iomlán do Erasmus + agus feidhmiú iomlán an bhuiséid don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach a bhaint amach in 2022, rud a d'fhág gur gá fiú creidmheasanna a ath-imlonnú ó chláir eile chun riachtanais íocaíochta a chumhdach; ag cur sonrú sna dúshláin a bhaineann le cur chun feidhme íocaíochta Eoraip na Cruthaitheachta in 2022, agus thart ar EUR 50 milliún curtha siar go 2023 mar thoradh ar shaincheisteanna oibríochtúla agus moilleanna sna próisis deonúcháin; ag aithint iarrachtaí Ard-Stiúrthóireacht an Oideachais, na hÓige, an Spóirt agus an Chultúir (AS EAC) agus iarrachtaí EACEA tionchar na moilleanna sin a theorannú agus filleadh ar luas normalaithe in 2023;

137. á athdhearbhú gur gá imchlúdaigh bhuiséadacha chláir óige, chultúrtha agus oideachais an Aontais a mhéadú tuilleadh, go háirithe chun for-rochtain agus rannpháirtíocht daoine óga, ealaíontóirí agus gairmithe ar lú na deiseanna atá acu a mhéadú agus chun tacú le hoideachas saoránachta; á iarraidh, i ndáil leis sin, go leanfadh an Coimisiún den dlúthchomhar leis na Ballstáit;

138. á chur in iúl gur geal léi, a bhuí le treisiú EUR 3 mhilliún ar Bhliain Eorpach na hÓige 2022 ar áitiú na Parlaiminte, go bhféadfaí roinnt gníomhaíochtaí faoin mBliain a neartú, amhail tionscadail dlúthpháirtíochta, gníomhaíochtaí saorálaíochta agus líonraithe; á chur i bhfios go láidir gur cheart torthaí rathúla na Bliana a chur chun feidhme ar bhealach inbhuanaithe anois chun a hoidhreacht bhuan a áirithiú;

139. ag tabhairt dá haire go bhfuil tús-ualú leanúnach á dhéanamh ar bhuiséad Eoraip na Cruthaitheachta in 2022 chun tionchar leanúnach phaindéim COVID-19 ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a mhaolú; ag tabhairt dá haire, a bhuí leis an tús-ualú sin, go bhféadfaí líon níos airde tionscadal um chomhar cultúrtha Eorpach a roghnú in 2022 ná riamh; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, áfach, go bhféadfadh ganntanas cistiúcháin ó 2023 a bheith mar thoradh ar thús-ualú 2021 agus 2022 agus á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil an clár ina iomláine fós tearcmhaoinithe i ndáil leis na cuspóirí atá le baint amach, go háirithe i bhfianaise a ráta ard síntiúis;

140. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gurbh ann do dhúshláin leanúnacha in 2022 leis na huirlisí ríomhdheontais do thairbhithe glaonna arna mbainistiú ag EACEA; ag tathant go láidir ar an gCoimisiún agus ar EACEA aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna TF sin aon uair amháin chun iarmhairtí ar bhaint amach spriocanna a sheachaint, riosca earráidí a laghdú agus nósanna imeachta a shimpliú; á chreidiúint go n-éascófaí rochtain tairbhithe beaga ar acmhainní cláir le bonneagar TF níos éifeachtúla agus níos inrochtana;

141. ag cur sonrú san fhorbairt dhearfach i staid foirne EACEA, agus méadú suntasach ar an bhfoireann faoi dheireadh 2022;

Acmhainní nádúrtha

142. ag tabhairt dá haire gur EUR 58,3 billiún (29,7 % de bhuiséad an Aontais) a bhí sa bhuiséad do na cláir faoi Cheannteideal 3 CAI "Acmhainní nádúrtha" agus a dáileadh mar seo a leanas: 65,9 % le haghaidh íocaíochtaí díreacha faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT), 26,2 % don Chiste Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), 4,7 % do chaiteachas a bhaineann leis an margadh faoi CERT, 1,8 % do Ghnóthaí Muirí agus Iascaigh, 0,9 % don Chomhshaol agus don Aeráid (LIFE), agus 0,5 % do limistéir eile; ag tabhairt dá haire, amhail ón 31 Nollaig 2022, faoi Cheannteideal CAI 3 "Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol" gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair gealltanas a glacadh agus EUR 56 681,11 milliún agus gur cuireadh chun feidhme 98,92 % díobh (EUR 56 069,86 milliún); ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair íocaíochtaí a glacadh agus EUR 55 826,77 milliún agus gur cuireadh chun feidhme 98,89 % díobh (EUR 55 205,48 milliún);

143. ag tabhairt dá haire gurb é 2022 an dara bliain agus an bhliain dheireanach den idirthréimhse, ar lena linn a d'fhéadfadh na Ballstáit cistí ó leithdháileadh buiséid an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) 2021-2027, agus EUR 8 mbilliún breise d'ioncam sannta seachtrach ó chistí NextGenerationEU don Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), a ghealladh in oirchill theacht i bhfeidhm CBT nua an 1 Eanáir 2023, agus gur féidir leis na Ballstáit na híocaíochtaí gaolmhara a dhéanamh le feirmeoirí agus le tairbhithe eile CBT go dtí an 31 Nollaig 2025;

144. ag tabhairt dá haire, sa bhliain airgeadais 2022, go raibh níos mó ná 5,9 milliún tairbhí de scéimeanna tacaíochta dírí, thart ar 3,5 milliún tairbhí de bhearta forbartha tuaithe agus thart ar 0,11 milliún tairbhí de bhearta margaidh; á chur i bhfáth gur lean athléimneacht fheirmeoirí agus chóras bia an Aontais de shlándáil bia a áirithiú san Aontas agus níos faide i gcéin, d'ainneoin na ndúshlán a bhí rompu in 2022;

145. ag tabhairt dá haire gur spreag cogadh foghach gan chúis na Rúise i gcoinne na hÚcráine, i measc gníomhaíochtaí eile, gníomhachtú an chúlchiste géarchéime i bhfoirm pacáiste tacaíochta arbh ionann é agus EUR 500 milliún, as ar cuireadh EUR 350 milliún ar fáil do tháirgeoirí a ndearnadh difear dóibh ón gcúlchiste agus EUR 150 milliún eile ó CERT; á chur in iúl gur geal léi an ráta ard forghníomhaithe (os cionn EUR 492 mhilliún) agus an cur chun feidhme tapa; ag tabhairt dá haire gur tugadh solúbthacht do na Ballstáit agus cinneadh á dhéanamh acu maidir leis na hearnálacha is mó a bhí thíos leis an suaitheadh sa mhargadh agus maidir leis na cineálacha scéimeanna cabhrach, lenar cinneadh an córas rialaithe a cuireadh i bhfeidhm;

146. ag tabhairt dá haire go bhfuil scrúdú déanta ag an gCúirt ar shampla ina raibh 218 idirbheart a chlúdaíonn an raon iomlán caiteachais faoin gceannteideal seo de CAI; ag tabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt freisin an fhaisnéis rialtachta a thugtar sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí ó Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe (AS AGRI) agus ón Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide (AS CLIMA), chomh maith le córais roghnaithe in 17 mBallstát agus sa Ríocht Aontaithe; ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt gurb é 2,2 % (1,8 % in 2021) an leibhéal earráide le haghaidh "Acmhainní Nádúrtha" agus go ndearna tromlach na n-earráidí difear d'idirbhearta forbartha tuaithe; ag tabhairt dá haire go measann AS AGRI go bhfuil riosca 1,76 % ann tráth na híocaíochta;

147. ag tabhairt dá haire gur d'aimsigh an Chúirt 21 earráid inchainníochtaithe i bhforbairt tuaithe, 7 gcinn in íocaíochtaí díreacha, 2 cheann i gcaiteachas a bhaineann le bearta margaidh agus 2 cheann i gcaiteachas neamh-CBT; á chur in iúl go bhfuil sí muiníneach ós rud é gur luaigh an Coimisiún go bhfuil tionchar airgeadais faoi bhun EUR 100 ag 8 gcinn de na hearráidí inchainníochtaithe (ródhearbhú limistéar) agus i gcás fhormhór na n-earráidí sin, go bhfuil an méid a chailltear faoi bhun EUR 1 000;

148. ag tabhairt dá haire gur bhain formhór na n-earráidí a d'aimsigh an Chúirt le faisnéis mhíchruinn a sholáthar maidir le limistéir nó ainmhithe (42 %) agus le tairbhí, gníomhaíocht, tionscadal agus caiteachas neamh-incháilithe; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, mar a bhí in 2021, gur chinn an Chúirt i roinnt cásanna go raibh faisnéis leordhóthanach ag údaráis na mBallstát agus ag an gCoimisiún chun an earráid a chosc, nó chun an earráid a bhrath agus a cheartú sular ghlac siad leis an gcaiteachas agus, dá mba rud é gur bhain údaráis na mBallstát' agus an Coimisiún úsáid chuí as an bhfaisnéis uile a bhí ar fáil dóibh, go mbeadh an leibhéal measta earráide don chaibidil seo 1,3 pointe céatadáin níos ísle;

149. á mheabhrú gurb iad an Coimisiún agus na Ballstáit araon atá freagrach as aghaidh a thabhairt ar chalaois i gcaiteachas CBT; á mheabhrú gur cheart go leanfadh bearta frithchalaoise de bheith ina bpríomhthosaíocht don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit mar cuireann an chalaois cosc ar acmhainní an Aontais na cuspóirí beartais a bhaint amach.

150. á chur in iúl gur geal léi an ráiteas ón gCoimisiún go bhfuil sé mar aidhm le samhail seachadta CBT 2023-2027 rialacha a shimpliú agus béim a leagan ar úsáid teicneolaíochtaí nua, amhail an Córas Faireacháin Limistéir, a chuideoidh le hearráidí a laghdú; ag tabhairt dá haire, in éineacht le hearráidí arna ndéanamh ag na feirmeoirí, go bhfuil an Córas Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talún (LPIS) mar bhonn don iarratas geospásúil ar chabhair agus ag meabhrú na dtairbhí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ag teicneolaíochtaí chun faireachán a dhéanamh ar chabhair limistéir d'fheirmeoirí, do riaracháin agus don chomhshaol;

151. ag cur sonrú sa sampla de dhearbhú mícheart maidir le gníomhaíocht talmhaíochta a chuir an Chúirt i láthair ina tuarascáil bhliantúil, a luaitear i roinnt meán mar chás 'crainn líomóide', inar dhearbhaigh feirmeoir barr buan a shaothrú, áit nár saothraíodh an réimse talún ar feadh roinnt blianta i ndáiríre; ag tabhairt dá haire gurbh é EUR 8 349,06 tionchar airgeadais na hearráide sin mar a thuairiscigh an Coimisiún, mar aon leis na gníomhaíochtaí ceartaitheacha a rinne na húdaráis náisiúnta freagracha, lena n-áirítear aisghabháil an mhéid a éilíodh; ag moladh obair iniúchóireachta chríochnúil na Cúirte agus an Choimisiúin agus an obair leantach ghasta a rinne an ghníomhaireacht íocaíochta lena mbaineann; á chur i bhfáth, áfach, nár cheart an cás sin a thuiscint mar chomhtharlú neamhchoitianta aonair ach mar riosca go mbeadh bealach córasach ann chun go bhféadfaí cistí an Aontais a fháil ar bhealach calaoiseach agus nár cheart, dá bhrí sin, gannmheastachán a dhéanamh air;

152. ag tabhairt dá haire go gcuirtear SCOnna i bhfeidhm ar fud CBT, lena n-áirítear i bhforbairt tuaithe ina bhfuil na coinníollacha incháilitheachta níos casta agus ina bhfuil an riosca earráide níos airde, agus go bhféadfaí bearta nach bhfuil bunaithe ar dhearbhuithe limistéir nó ar dhearbhuithe ainmhithe a shimpliú, i gcás inar féidir leis na Ballstáit a chinneadh cibé acu costais iarbhír nó pá a aisíoc de réir aschuir réamhshainithe; ag tabhairt dá haire go dtuairiscíonn an Coimisiún go mbaineann beagnach 92 % de na Cláir Forbartha Tuaithe úsáid as SCOnna; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún an méid a eisíoctar trí SCOnna a nochtadh;

153. á mheabhrú go n-áirítear i samhail dearbhaithe CBT na rialuithe ar an gcéad leibhéal a dhéanann na gníomhaireachtaí íocaíochta, an obair iniúchóireachta a dhéanann na comhlachtaí deimhniúcháin neamhspleácha a thugann tuairimí bliantúla maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas na ngníomhaireachtaí íocaíochta, agus obair an Choimisiúin trí imréiteach cuntas; á chur in iúl gur geal léi, in ainneoin roinnt neamhréireachtaí mar gheall ar sceidil nuashonraithe éagsúla na dtacar sonraí rialaithe agus íocaíochta, gur chinn an Chúirt go ndearna córais na ngníomhaireachtaí íocaíochta roghnaithe na híocaíochtaí cúnaimh a ríomh go hiontaofa, ar léiriú é ar cháilíocht agus ar chomhleanúnachas foriomlán staitisticí rialaithe agus sonraí íocaíochtaí na mBallstát arna dtuairisciú don Choimisiún;

154. á chur in iúl gur geal léi an spéis mhéadaithe atá ag na Ballstáit in uirlis chomhtháite TF Arachne le haghaidh mianadóireacht sonraí agus an úsáid a bhaineann siad aisti, agus úsáid á baint ag 13 Bhallstát as an uirlis do roinnt beart ar a laghad, agus cúig Bhallstát ag glacadh páirt i gceardlann intreorach ginearálta maidir le Arachne; á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil sé éigeantach do na Ballstáit úsáid a bhaint as an uirlis chomhtháite TF Arachne le haghaidh mianadóireacht sonraí; ag cur sonrú sna bacainní a thuairiscigh na Ballstáit agus iarrachtaí leanúnacha an Choimisiúin feabhas a chur ar Arachne; á chur in iúl gur oth léi gur ghlac na Ballstáit Arachne go roghnaitheach;

155. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Coimisiún, in 2022, ráta cur chun feidhme 99,69 %, le haghaidh gealltanais faoin gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID), feabhas suntasach ar ráta cur chun feidhme 15,98 % CEMID in 2021; ag tabhairt dá haire, áfach, go raibh 94,76 % ó EUR 1 135,74 milliún leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in 2022 agus 97,06 % ó EUR 148,12 milliún in 2021 gan íoc ag deireadh na bliana comhfhreagraí; ag tabhairt dá haire thairis sin gur 99,99 % a bhí i ráta cur chun feidhme na leithreasuithe údaraithe faoi chomhair íocaíochtaí do CEMID in 2022 agus gur 86,55 % a bhí ann i gcás CEMI in 2021;

156. ag cur sonrú i dTuarascáil Speisialta 09/2023 ón gCúirt maidir le slabhraí soláthair táirgí talmhaíochta a dhaingniú le linn COVID-19 agus a conclúid go raibh freagairt an Choimisiúin ar an mbagairt ar shlabhraí soláthair táirgí talmhaíochta de dheasca phaindéim COVID-19 iomchuí den chuid is mó ach nach raibh sí spriocdhírithe go leor; á mheabhrú gur cuireadh tacaíocht dhíreach, le buiséad EUR 712 mhilliún, chun feidhme go tapa trí chistí nár úsáideadh ó CETFT a ath-leithdháileadh, rud a d'fhág gur ghlac na Ballstáit an beart sin den chuid is mó agus nár úsáideadh cuid shuntasach de bhuiséad CETFT ag deireadh 2019; á mheabhrú, thairis sin, gur chuir 5 cinn de na 14 Bhallstát cistí ón Aontas ar fáil do na feirmeoirí go léir a d'fhulaing caillteanais agus gur dhírigh na naoi gcinn eile ar earnálacha roghnaithe agus thacaigh siad le tairbhithe is cuma ar fhulaing siad caillteanais nó nár fhulaing;

157. ag tabhairt dá haire go léirítear leis na réamh-mheastacháin (bunaithe ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas) de rannchuidiú aeráide na bpríomhchlár go raibh 34,8 % de bhuiséad an Aontais in 2022 tiomnaithe don ghníomhú ar son na haeráide, i gcomhréir le pleananna an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh le haghaidh 30 % ar a laghad de CAI 2021-2027 atá le húsáid chun na críche sin;

158. ag cur sonrú sna hathruithe a rinneadh ar mhodheolaíocht rianaithe aeráide an Choimisiúin in 2022 mar fhreagairt ar na hábhair imní a thug an Chúirt le fios i dTuarascáil Speisialta 09/2022 ([14]), ina luaitear nach raibh an caiteachas tuairiscithe ábhartha i gcónaí maidir le gníomhú ar son na haeráide, go ndearnadh rómheastachán EUR 72 bhilliún ar a laghad ar an méid a tuairiscíodh mar chaiteachas a caitheadh chun na críche sin, rud a chiallaíonn nár caitheadh ach thart ar 13 % de bhuiséad 2014-2020 ar chuspóirí a bhaineann leis an aeráid; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhfónann an fíoras sin mar rabhadh; ag tathant ar an gCoimisiún idirdhealú a dhéanamh idir maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide sa mhodheolaíocht rianaithe trí chatagóir faireacháin agus tuairiscithe a bhriseadh san oiriúnú don athrú aeráide agus sa mhaolú ar an athrú aeráide;

159. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé grinnscrúdú cuí a dhéanamh ar chaiteachas aeráide agus bithéagsúlachta i mbuiséad an Aontais, agus an Coimisiún a choinneáil freagrach as modheolaíocht láidir iontaofa a chur chun feidhme, i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh i gcomhaontú CAI agus i mír 16d de IIA an 16 Nollaig 2020; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún comhfhogasú míthreorach ar an rannchuidiú caiteachais le cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta, easpa spriocanna sainráite, chomh maith le cumhdach páirteach amháin ar thionchair dhiúltacha nó dhoiléire aeráide agus bithéagsúlachta a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint; á aithint go bhfuil na hidirghabhálacha ann a bhfuil tairbhí coiteanna ag baint leo ach á chur i bhfios go láidir gur gá comhaireamh dúbailte a sheachaint;

160. á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil a chur ar fáil don Pharlaimint ina leagfar amach go mionsonraithe rannchuidiú gach míre buiséid leis an bpríomhshruthú aeráide agus leis na spriocanna bithéagsúlachta, chun faireachán orthu a éascú; á iarraidh freisin go ndéanfadh an Coimisiún a thuairisciú an mainníonn aon mhír bhuiséid an critéar 'gan dochar suntasach a dhéanamh' dá dtagraítear sa Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a urramú;

161. ag tabhairt dá haire gur mhéadaigh an tÚdarás Eorpach um Fhreagairt d'Éigeandáil Sláinte (HERA), tar éis a bhunaithe mar sheirbhís inmheánach de chuid an Choimisiúin an 1 Deireadh Fómhair 2021, a chuid oibríochtaí le linn 2022 agus gurb é an misean atá aige tacú le tosaíochtaí an Choimisiúin maidir le sláinte phoiblí, ullmhacht agus bainistiú géarchéime in earnálacha na sláinte, an taighde agus na nuálaíochta agus na tionsclaíochta; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil forluí freagrachtaí ann agus dúbláil iarrachtaí idir sainorduithe AS HERA le AS SANTE agus ECDC; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún breisluach HERA a áirithiú mar chuid lárnach den Choimisiún agus dúbailt oibre agus acmhainní a chosc;

162. á chur in iúl gur oth léi go raibh an cinneadh ón gCoimisiún maidir le HERA a mhaoiniú ag brath go mór ar Chlár EU4Health, rud a ghearr níos mó ná leath dá bhuiséad le ranníocaíocht EU4Health dar luach EUR 2,795 billiún le HERA idir 2021 agus 2027; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go ndearna an laghdú sin difear do chumas EU4Health maoiniú uaillmhianach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí eile mar a fhoráiltear le Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na Eorpa agus ón gComhairle ([15]), lena n-áirítear rioscaí a bheith ann do ghníomhaíochtaí faoi Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa agus don tacaíocht is gá chun Spás Eorpach Sonraí Sláinte a chruthú; á chur in iúl gur saoth léi, trí mhéideanna suntasacha den sórt sin a shannadh do HERA, gur sháraigh an Coimisiún na huasteorainneacha cistiúcháin a comhaontaíodh le haghaidh caiteachas íosta agus uasta a leagtar síos i Rialachán EU4Health;

Moltaí

163. á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(i) aird shainráite a thabhairt sa mheastóireacht ex post ar CBT 2014-2020 ar idirthréimhse 2021-2022 agus ar na ceanglais bhreise a áirítear sna forálacha idirthréimhseacha i Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]);

([14]) Climate spending in the 2014-2020 EU budget - Not as high as reported' [Caiteachas ar an aeráid i mbuiséad 2014-2020 an Aontais – Níl sé chomh hard agus a tuairiscíodh], 30 Bealtaine 2022.

([15]) Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte ('Clár EU4Health') don tréimhse 2021-2027, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 1).

([16]) Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe le haghaidh tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sna blianta 2021 agus 2022 agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus cur i bhfeidhm sna blianta 2021 agus 2022 agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus le leithdháileadh tacaíochta den sórt sin i leith na mblianta 2021 agus 2022 (IO L 437, 28.12.2020, lch. 1).

(ii) an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas maidir le húsáid SCOnna sa CBT reatha agus nua agus meastóireacht a dhéanamh ar a n-úsáid le húdaráis na mBallstát agus le tairbhithe (féideartha) chun tuiscint a fháil ar ghlacadh sách mall leis na roghanna sin;

(iii) leanúint d'úsáid Arachne a chur chun cinn chun líon na mBallstát a úsáideann an córas a mhéadú, agus chun méid na húsáide a mhéadú chun na cláir uile a áireamh i gcomhthéacs an athbhreithnithe a tugadh i gcrích ar an Rialachán Airgeadais;

(iv) na táscairí riosca in Arachne a mheas go cúramach agus é mar aidhm leis líon na dtáscairí bréagacha a laghdú agus na táscairí eile a dhéanamh níos éifeachtúla chun cásanna a bhrath a bhfuil ardriosca ag baint leo maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint; agus

(v) gníomhaireachtaí íocaíochta na mBallstát a chur chun cinn agus dreasachtaí agus tacaíocht a thabhairt dóibh maidir le huirlisí TF amhail íomhánna satailíte Copernicus agus teicneolaíochtaí íomháithe eile a úsáid i réimse an fhaireacháin talmhaíochta;

(vi) leas níos fearr a bhaint as an intleacht shaorga agus na sonraí ó theicneolaíochtaí nua amhail satailítí Copernicus Sentinel atá faoi úinéireacht an Aontais, chun faireachán agus rialú a dhéanamh ar an úsáid cheart a bhaintear as cistí CBT;

Imirce agus Bainistiú teorainneacha, Slándáil agus Cosaint

164. ag tabhairt dá haire gur EUR 3,4 billiún (1,7 % de bhuiséad an Aontais) a bhí sa bhuiséad do na cláir faoi Cheannteideal CAI 4 'Imirce agus Bainistiú Teorainneacha' a dáileadh mar seo a leanas: 43,9 % don Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF), 23,1 % don Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha (CBCT) agus 33 % do thrí ghníomhaireacht dhíláraithe: An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a Dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA); ag tabhairt dá haire, amhail ón 31 Nollaig 2022, gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair gealltanas a glacadh agus EUR 3 410,39 milliún agus gur cuireadh chun feidhme 99,54 % díobh (EUR 3 394,69 milliún); ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair íocaíochtaí a glacadh agus EUR 3 372,54 milliún agus gur cuireadh chun feidhme 97,61 % díobh (EUR 3 292,03 milliún);

165. ag tabhairt dá haire gurbh ionann an buiséad do na cláir faoi Cheannteideal 5 den CAI 'Slándáil agus Cosaint' agus EUR 1,2 billiún arna dháileadh mar seo a leanas: 45,6 % don Chiste Eorpach Cosanta (EDF), 17 % don Chiste Slándála Inmheánaí (CSI), 19,2 % do ghníomhaireachtaí díláraithe An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA), Europol agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), 6,8 % maidir le sábháilteacht núicléach agus díchoimisiúnú núicléach, agus 11,4 % le haghaidh réimsí eile; ag tabhairt dá haire, amhail ón 31 Nollaig 2022, gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair gealltanas a glacadh agus EUR 1 813,03 milliún agus gur cuireadh chun feidhme 99,8 % díobh (EUR 1 809,43 milliún); ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair íocaíochtaí a glacadh agus EUR 1 158,67 milliún agus gur cuireadh chun feidhme 97,54 % díobh (EUR 1 130,20 milliún);

166. ag tabhairt dá haire go raibh cion suntasach den chaiteachas faoi Cheannteidil 4 agus 5 den CAI in 2022 ag baint le tionscadail a chur i gcrích a bhí fágtha ó CAI 2014-2020; ag tabhairt dá haire go bhfuil méideanna suntasacha de chláir náisiúnta AMIF agus ISF do 2014-2020 neamh-eisíoctha fós (26 % i gcomhair AMIF agus 33 % i gcomhair ISF ag deireadh 2022), cé go gcaithfidh cistiú le haghaidh 2014-2020 a bheith caite faoi Mheitheamh 2024;

167. ag tabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt sampla de 23 idirbheart nach bhfuil ionadaíoch go leor den chaiteachas faoi Cheannteidil 4 agus 5 den CAI agus, dá bhrí sin, nach féidir léi measachán a thabhairt ar an ráta earráide; á chur i bhfáth, agus é ina ábhar imní di, go léirítear le torthaí iniúchóireachta na Cúirte go bhfuil tionchar ag saincheisteanna incháilitheachta agus soláthair ar an gcaiteachas agus gur réimse ardriosca é (bhí tionchar ag earráidí ar 11 as 23 idirbheart a ndearnadh iniúchadh orthu, i.e. 48 %), agus dá bhrí sin, á iarraidh go ndéanfadh an Chúirt measachán soiléir a sholáthar ar an ráta earráide don chaibidil seo; ag tabhairt dá haire gur chainníochtaigh an Chúirt naoi n-earráid a raibh tionchar acu ar na méideanna a gearradh ar bhuiséad an Aontais agus gur aimsigh sí freisin ceithre chás de neamhchomhlíonadh forálacha dlíthiúla agus airgeadais, nach raibh aon tionchar acu ar bhuiséad an Aontais; ag tabhairt dá haire go gcinneann an Coimisiún go bhfuil an riosca tráth na híocaíochta faoi bhun 2 % don chaiteachas ar imirce agus bainistiú teorainneacha, agus don tslándáil agus don chosaint chomh maith;

168. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn a shainaithin an Chúirt ina hathbhreithniú ar an obair a rinne údaráis iniúchóireachta sé Bhallstát mar ullmhúchán do AMIF 2021-2027, don Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí (BMVI) agus do chuntais bhliantúla ISF; ag cur sonrú i mbarúil na Cúirte, tráth a cuairteanna (idir Meán Fómhair 2022 agus Feabhra 2023), nár glacadh straitéisí iniúchóireachta na sé Bhallstát go fóill, rud atá ina réamhriachtanas chun 'pacáiste dearbhaithe' a thíolacadh; ag tabhairt dá haire, tráth chuairt na Cúirte, go raibh na córais TF chun an fhaisnéis agus an doiciméadacht is gá le haghaidh iniúchtaí ar údaráis bhainistíochta na sé Bhallstát a stóráil á bhforbairt nó fós le forbairt;

169. ag tabhairt dá haire gur tugadh straitéis frithchalaoise AS DEFIS cothrom le dáta i mí Feabhra 2022 agus go bhfuil faireachán á dhéanamh ar a cur chun feidhme agus go bhfuil sé á tuairisciú don lucht bainistíochta go bliantúil; á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh 100 % de mholtaí OLAF maidir le AS DEFIS chun feidhme agus nár tuairiscíodh aon chás calaoise ar leibhéal an Choimisiúin ná ag a chomhpháirtithe; ag tabhairt dá haire gur i mí Dheireadh Fómhair 2021 a rinneadh an nuashonrú deireanach ar straitéis frithchalaoise na hArd-Stiúrthóireachta um Imirce agus Gnóthaí Baile (AS HOME) agus go bhfuil sé á chur chun feidhme faoi láthair; á chur in iúl gur geal léi, faoi dheireadh 2022, go raibh 72 % de mholtaí airgeadais OLAF ón mbliain roimhe sin curtha chun feidhme ina n-iomláine agus go raibh 28 % díobh á gcur chun feidhme;

An imirce agus bainistiú teorainneacha

170. ag tabhairt dá haire go raibh na cistí faoi cheannteideal 4 CAI ríthábhachtach in 2022 chun aghaidh a thabhairt ar thionchar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; ag tabhairt dá haire gur tugadh níos mó solúbthachta isteach faoi chistí 2014-2020 chun feabhas a chur ar dheiseanna na mBallstát cistiú a dhíriú ar riachtanais nua, agus gur spreagadh EUR 400 milliún de Chúnamh Éigeandála faoi na Saoráidí Téamacha; ag tabhairt dá haire gur cheadaigh glacadh chláir na mBallstát do 2021-2027 rochtain a fháil ar níos mó ná EUR 10 mbilliún faoi na cistí nua don chlárthréimhse;

171. ag tabhairt dá haire gur taifeadadh gur tháinig níos mó ná 16 mhilliún duine ón Úcráin agus ón Moldóiv isteach san Aontas ó thosaigh cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus go bhfuair os cionn 4 mhilliún duine atá ag teitheadh ón gcogadh cosaint san Aontas; ag tabhairt dá haire gur chuir an Coimisiún tacaíocht airgeadais ar fáil don Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce chun tacú leis an bpróiseas, mar chuid de thionscadal EUR 15 mhilliún lena n-éascaítear aistrithe daoine leochaileacha ón Moldóiv atá ag teitheadh ón Úcráin; ag tabhairt dá haire thairis sin gur fhógair an Coimisiún, an 30 Samhain 2022, an cinneadh tacaíocht airgeadais EUR 5,5 milliún a bhronnadh ar thionscadal a bheidh le cur i gcrích ag Cónaidhm Idirnáisiúnta de chuid Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg (IFRC) chun tacú le hóstaigh agus leo siúd go léir a bhfuil baint acu le cóiríocht phríobháideach a chur ar fáil do dhaoine easáitithe, agus dea-chleachtais á gcur le chéile do riachtanais a bheidh ann amach anseo; ag tabhairt dá haire, in 2022, i gcomhthéacs mhaoiniú na hÚcráine, gur ghlac an Coimisiún cinntí lena n-údaraítear úsáid a bhaint as an gcistiú nach mbaineann le costais arb ionann iad agus EUR 248 milliún (Bealtaine 2022) agus EUR 137 milliún (Lúnasa 2022), chomh maith le deontais níos lú, tithe sábháilte agus tacaíocht shíceasóisialta dar luach EUR 15 mhilliún;

172. ag tabhairt dá haire gur chuir AS HOME EUR 27 milliún ar fáil in 2022 chun faisnéis a bhaineann leis an tslándáil a mhalartú agus EUR 25,5 milliún chun an choireacht a chomhrac agus a chosc, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht; ag tabhairt dá haire freisin gur leithdháil an Coimisiún, i mí Iúil 2022, tríd an gCiste Slándála Inmheánaí (CSI), EUR 15,7 milliún ar na Ballstáit chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do thionscadail agus do ghníomhaíochtaí fadtéarmacha laistigh den Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT) — ionstraim slándála atá 'faoi stiúir' na mBallstát chun bagairtí a bhaineann leis an gcoireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach a shainaithint, a chur in ord tosaíochta agus chun aghaidh a thabhairt orthu,

An tslándáil agus an chosaint

173. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil rannpháirtíocht FBManna in EDF (an Ciste Eorpach Cosanta)(go háirithe rannpháirtíocht trasteorann FBManna i gcuibhreannais thionsclaíocha) á éascú trí ghlaonna spriocdhírithe EDF, bónais airgeadais, critéir dhámhachtana shonracha, agus úsáid SCOnna chun an t-ualach riaracháin a laghdú; ag tabhairt dá haire, i nglaonna EDF 2022, gur FBManna iad 38,2 % de na heintitis rannpháirteacha, agus go mbeidh 20 % den chistiú iomlán trí na glaonna sin ar fáil do FBManna (EUR 166 mhilliún);

174. á mheabhrú gur réamhchlár de chuid EDF a bhí sa Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta (RBTC) le buiséad EUR 90 milliún lenar maoiníodh 18 dtionscadal taighde a roghnaíodh tar éis glaonna ar thograí sna blianta 2017 go 2019; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go dtugann an Chúirt faoi deara, i dTuarascáil Speisialta 10/2023 uaithi dar teideal 'An Réamhbheart maidir le taighde cosanta', nach bhfuil straitéis fhadtéarmach fós ag an Aontas le haghaidh na dtionscadal faoi EDF, go háirithe ó thaobh tionchair, taighde breise, forbartha, monaraíochta, soláthair agus gnéithe eile de; á chur in iúl gur geal léi gur ghlac an Coimisiún le gach ceann de mholtaí na Cúirte;

175. ag cur sonrú i mbarúlacha na Cúirte ina Tuarascáil Speisialta 10/2023 maidir le hinfhaighteacht theoranta acmhainní daonna ag an gCoimisiún agus an riosca ina dhiaidh sin do EDF; ag tabhairt dá haire, mar thoradh ar shaincheisteanna slándála, go bhfuil an líon foirne is gá chun tionscadail chosanta a bhainistiú níos airde ná mar atá i gcás tionscadail eile; ag tabhairt dá haire go gcuireann an méadú leanúnach atá ag teacht ar líon na dtograí a mbeidh meastóireacht le déanamh orthu agus ar thionscadail a mbeidh bainistiú le déanamh orthu brú suntasach ar acmhainní daonna agus go gcruthaíonn sé dúshláin maidir le foireann cháilithe a bhfuil an taithí chuí acu a earcú;

Moltaí

176. á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(i) straitéis níos fadtéarmaí a fhorbairt do EDR, ag tógáil ar an taithí a fuarthas le PADR agus ar mholtaí na Cúirte;

(ii) soláthar leordhóthanach buiséid agus acmhainní daonna oilte a áirithiú chun comhar agus infheistíocht i réimse na cosanta a fheabhsú agus chun EDF a chur chun feidhme; agus

(iii) a rialuithe a dhíriú ar chaiteachas ar chinn an Chúirt go ndéanann saincheisteanna incháilitheachta agus soláthair difear mór dóibh in 2022 agus á iarraidh go ndéanfadh an Chúirt sampla d'idirbhearta iniúchta a leathnú chun go mbeidh sí in ann meastachán ar an ráta earráide a sholáthar;

(iv) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme mholtaí airgeadais OLAF atá fós gan réiteach;

An Chomharsanacht agus an Domhan

177. ag tabhairt dá haire gur EUR 14,5 billiún (7,4 % de bhuiséad an Aontais) a bhí sa bhuiséad do na cláir faoi Cheannteideal 6 CAI 'An Chomharsanacht agus an domhan' agus a dáileadh mar seo a leanas: 64,8 % le haghaidh na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta — an Eoraip Dhomhanda (ICFCI)-an Eoraip Dhomhanda), 16,8 % le haghaidh Cabhair Dhaonnúil (HUMA), 14,4 % le haghaidh Cúnamh Réamhaontachais (IPA III) agus 4 % le haghaidh gníomhaíochtaí agus cláir eile; ag tabhairt dá haire, amhail ón 31 Nollaig 2022, gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair gealltanas a glacadh agus EUR 17 670,49 milliún agus gur cuireadh chun feidhme 99,79 % díobh (EUR 17 632,52 milliún); ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair íocaíochtaí a glacadh agus EUR 13 156,10 milliún agus gur cuireadh chun feidhme 99,19 % díobh (EUR 13 049,50 milliún);

178. ag tabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt sampla de 72 idirbheart nach bhfuil ionadaíoch go leor den chaiteachas faoin gceannteideal CAI sin agus, dá bhrí sin, nach féidir léi meastachán a thabhairt ar an ráta earráide; ós rud é go léiríonn torthaí iniúchóireachta na Cúirte gur réimse ardriosca é sin (bhí tionchar ag earráidí ar 34 idirbheart as 72 idirbheart, i.e. 47 %, a ndearnadh iniúchadh orthu),á iarraidh go ndéanfadh an Chúirt meastachán soiléir a thabhairt ar an ráta earráide don chaibidil seo; ag tabhairt dá haire gur aimsigh an Chúirt 25 earráid a raibh tionchar airgeadais acu ar bhuiséad an Aontais, maidir le costais neamh-incháilithe, easpa doiciméad tacaíochta, soláthar poiblí agus caiteachas nár tabhaíodh, réimsí a d'fhéadfadh a léiriú go bhféadfadh feidhmiú neamhiontaofa shásra rialaithe na n-údarás náisiúnta a bheith ann nó fiú an neamhthoilteanas riaracháin nó polaitiúil rialacha airgeadais an Aontais a chur i gcrích i gceart;

179. á mheabhrú go dtuairiscíonn an Ard-Stiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú (AS NEAR) an riosca tráth an chlabhsúir ina Tuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí (AARanna) bunaithe ar staidéar arna dhéanamh ag conraitheoir seachtrach, ar a dtugtar an ráta earráidí iarmharacha (RER), arb é is aidhm dó meastachán a dhéanamh ar ráta na n-earráidí nár braitheadh leis an gcóras rialaithe inmheánaigh agus a chinneadh an bhfuil sé éifeachtach nó nach bhfuil; ag tabhairt dá haire torthaí staidéar RER 2022 go bhfuil an ráta earráidí iarmharacha in 2022 cothrom le 1 % agus, dá bhrí sin, faoi bhun na tairsí ábharthachta de 2 %;

180. ag tabhairt dá haire gur shainaithin an Chúirt teorainneacha maidir leis an modheolaíocht a úsáideadh chun RER a chinneadh a d'fhéadfadh cur lena tearcmheastachán, go háirithe, gur féidir leis an gconraitheoir brath go hiomlán ar thorthaí na hoibre rialaithe a rinneadh roimhe seo i gcásanna áirithe agus nach n-áirítear an meastachán ar an ráta earráidí iarmharacha do dheontais faoi bhainistíocht dhíreach i ríomh RER foriomlán AS NEAR; ag tabhairt dá haire go ndearbhaíonn an Coimisiún nach bhfuil sé faoi réir na dteorainneacha sin toisc (i) go bhfuil an spleáchas ar obair rialaithe a rinneadh roimhe seo faoi réir coinníollacha dochta agus (ii) go n-áirítear sa ráta earráide domhanda deontais faoi bhainistíocht dhíreach;

181. á chur in iúl gur geal léi gur chuir an Coimisiún moltaí na Cúirte chun feidhme maidir le teorainneacha an staidéir RER a nochtadh in AARanna AS NEAR ó 2021 i leith, chun seiceálacha a neartú trí earráidí athfhillteacha a shainaithint agus a chosc, agus go gcuirfidh AS NEAR oibleagáidí ar an gconraitheoir staidéir RER aon chalaois amhrasta i gcoinne bhuiséad an Aontais a braitheadh le linn a chuid oibre ar an staidéar RER a thuairisciú don Choimisiún;

182. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur thuairiscigh AARanna AS NEAR agus Ard-Stiúrthóireacht na gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta (AS INTPA) go raibh deacrachtaí ag baint le cur chun feidhme an chórais nua faisnéise oibríochtúla OPSYS, córas a bhí éagobhsaí ar uairibh, nár éirigh leis an méid a rabhthas ag súil leis a chomhlíonadh, agus go raibh gá le hidirghabháil rialta ó fhoirne tacaíochta AS DIGIT, rud a fhágann go n-aithnítear é mar riosca criticiúil i gcleachtadh measúnaithe riosca AS NEAR;

183. ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt measúnú freisin ar mhúscailt feasachta i measc fhoireann Thoscaireachtaí an Aontais sna réimsí seo a leanas: cosc calaoise, eitic agus ionracas; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nár cuireadh oiliúint ar roinnt ball foirne a chuir an Chúirt faoi agallamh chun calaois a chosc le cúig bliana anuas; ag tabhairt dá haire go gcuireann AS NEAR sraith uirlisí agus acmhainní ar fáil dá fhoireann chun saincheisteanna a bhaineann le calaois a chumhdach, amhail oiliúint, líonra frithchalaoise a bhfuil pointí fócasacha agus treoir aige; ag cur sonrú i dtorthaí dearfacha na suirbhéanna a rinne AS NEAR chun faireachán a dhéanamh ar leibhéal feasachta calaoise a foirne, agus gur sainaithníodh roinnt réimsí a bhféadfaí feabhsúcháin a dhéanamh iontu agus go bhfuil plean gníomhaíochta á chur chun feidhme;

184. á aithint a thábhachtaí atá ENRanna maidir lena áirithiú go bhfuil an tAontas, an deontóir cabhair forbraíochta is mó ar domhan, ag rannchuidiú i gcónaí chun cobhsaíocht agus síocháin a chur chun cinn, an bhochtaineacht a shárú agus an fhorbairt inbhuanaithe a chur ar aghaidh; ag moladh go háirithe gníomhaíocht ENRanna i réimsí coinbhleachta chun a áirithiú go sroicheann an chabhair dhaonnúil an pobal sibhialtach ar bhealach tapa agus éifeachtach; ag cur sonrú sna ceanglais maidir le rialú agus iniúchóireacht, trédhearcacht agus cuntasacht is infheidhme maidir le cistiú uile an Aontais agus geallsealbhóirí éagsúla, ach á mheas go bhféadfaí feabhas a chur ar chúrsaí i gcónaí, go háirithe tríd an leas is fearr is féidir a bhaint as an digitiú;

185. á chur i bhfáth go bhfuil ról ag eagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla agus ag comhpháirtithe áitiúla maidir le soláthar seirbhísí agus tacaíocht do phobail áitiúla; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar a gcumas gníomhaíochtaí arna maoiniú ag an Aontas a bhainistiú agus a chur chun feidhme agus á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún oiliúint leormhaith a éascú i dtreo na sprice sin; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na deacrachtaí leanúnacha atá ag eagraíochtaí beaga áitiúla rochtain a fháil ar chistiú ón Aontas; ag spreagadh an Choimisiúin feabhas a chur ar na nósanna imeachta cistiúcháin sin agus tús áite a thabhairt go córasach d'eagraíochtaí áitiúla chun fothú acmhainneachta níos fearr a chur ar fáil ar an láthair; ag tabhairt chun suntais éifeachtúlacht na húinéireachta áitiúla i gcur chun feidhme tionscadal maidir le tosaíocht a thabhairt, acmhainní a leithdháileadh agus fios gnó áitiúil a fhorbairt;

186. ag tabhairt chun suntais go bhfuil dlisteanacht agus éifeachtacht chomhar an Aontais um fhorbairt ag brath ar chur chun feidhme ceart gníomhaíochtaí agus a gcistiú cuí; ag aithint obair an Choimisiúin maidir le rialuithe a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go ndéanfar idirbhearta ar bhealach dlisteanach agus go gcuirfear gníomhaíochtaí chun feidhme i gcomhréir leis na tosaíochtaí arna leagan síos ag an reachtóir; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún tuilleadh feabhais a chur ar rialuithe chun méid na n-earráidí idirbheartaíochta a laghdú, gníomhú ar mholtaí CIE nár cuireadh chun feidhme agus dlús a chur leis na hiarrachtaí chun tionscadail incháilithe a aimsiú agus chun méid leordhóthanach íocaíochtaí a áirithiú faoin uasteorainn chaiteachais reatha; á chur in iúl gur geal léi toradh thuarascáil CIE maidir le buiséad an Aontais do 2022 gur chuir AS ECHO moladh CIE chun feidhme agus gur bhunaigh sé nós imeachta lena n-áirithítear go mbunaíonn eagraíochtaí comhpháirtíochta a leithdháileadh costas comhroinnte ar chaiteachas a tabhaíodh go hiarbhír;

187. á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún comharthaí soiléire a chur chuig na tíortha sin is iarrthóirí ina bhfuil frithfhreagairt i gcoinne chaighdeáin an smachta reachta - lena n-áirítear srianta ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse an phreasa, cearta na mban agus cearta mionlach, ciapadh ENRanna agus cosantóirí chearta an duine - ag cur a n-aontachais leis an Aontas i mbaol nó ag cur moill leis; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún scrúdú ar éifeachtúlacht na gcistí a chaitear chun feabhas a chur ar staid an Smachta Reachta sna tíortha aontachais agus tuarascáil a thabhairt do Choiste AFET agus do Choiste CONT;

188. á chur in iúl gur geal léi gur chuir an Coimisiún roinnt sásraí chun feidhme chun rioscaí a mhaolú agus chun úsáid chuí chistí an Aontais a chaitear i limistéir éagobhsaí nó i limistéir choinbhleachta a choimirciú; ag tabhairt dá haire go ndéanann an Coimisiún measúnú córasach ar rioscaí éillithe i dtíortha comhpháirtíochta agus go n-úsáideann sé réimse uirlisí chun iad a mhaolú, ag an am céanna go gcuireann sé coinníollacha agus táscairí feidhmíochta i bhfeidhm chun trédhearcacht fhioscach agus cuntasacht fhioscach a chur chun cinn trína thacaíocht bhuiséadach; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil feabhas tagtha, de réir shonraí an Bhainc Dhomhanda, ar thíortha a bhaineann tairbhe as tacaíocht bhuiséadach an Aontais maidir le rialú an éillithe le himeacht ama;

189. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur chinn an Chúirt, i dTuarascáil Speisialta 14/2023 uaithi dar teideal 'An clársceidealú don Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda', cé go ndearna an Coimisiún agus SEGS cistiú a thabhairt le chéile in aon ionstraim amháin, Ionstraim ICFCI-an Eoraip Dhomhanda, a chlúdaíonn níos mó ná 70 % den mhaoiniú ón Aontas atá leithdháilte ar ghníomhaíocht sheachtrach le haghaidh thréimhse airgeadais 2021-2027, bhí dhá mhodheolaíocht leithdháilte éagsúla in úsáid acu i dtaca le tíortha Comharsanachta agus le tíortha Neamhchomharsanachta, agus nár áirithíodh leis na cláir ilbhliantúla tháscacha gurbh iad na hearnálacha idirghabhála a roghnaíodh na hearnálacha sin ina bhféadfadh cistiú ón Aontas tionchar a bhaint amach;

190. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé na spriocanna caiteachais agus cláir uile a leagtar amach san ionstraim NDICI-GE a bhaint amach agus á iarraidh go gcuirfí faisnéis chuimsitheach ar fáil maidir leis an dul chun cinn a bhainfear amach; á chur in iúl gur oth léi na heasnaimh shuntasacha maidir le sprioc aeráide 30 % na hIonstraime a bhaint amach, maidir le rannchuidiú leis an sprioc bhithéagsúlachta 10 % sa CAI le haghaidh 2026 agus 2027 agus maidir lena áirithiú go gcomhlíonfar gealltanais dhomhanda airgeadais an Aontais faoi chreat na Náisiún Aontaithe, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an ranníocaíocht leis an gCiste Caillteanais agus Damáiste; ag tabhairt chun suntais an bhrú a chuirtear de réir a chéile ar tháirgeadh bia agus ar rochtain ar bhia mar thoradh ar an athrú aeráide, go háirithe i réigiúin leochaileacha, a mbíonn tionchar aige ar an tslándáil bia agus ar an gcothú; á mheabhrú go bhfuil an bhithéagsúlacht ríthábhachtach chun an t-athrú aeráide a chomhrac, agus go mbaineann caillteanas na bithéagsúlachta an bonn den dul chun cinn maidir le tuairim is 80 % de na spriocanna measúnaithe do na SDGanna; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún plean mionsonraithe ina leagfar amach an chaoi a bhfuil sé beartaithe aige na spriocanna caiteachais agus inscne a bhaint amach faoi dheireadh CAI;

191. ag tathant ar an gCoimisiún trédhearcacht agus cuntasacht a mhéadú maidir le clársceidealú agus cur chun feidhme cistí Gnóthaí Baile i dtríú tíortha, agus cistiú NDICI, amhail i dtíortha amhail an Túinéis agus an Libia; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún forléargas a bheidh ar fáil go poiblí ar an gcaiteachas uile a bhaineann leis an imirce i dtríú tíortha a ghiniúint, agus ag tathant go ndéanfaí measúnuithe tionchair *ex ante* ar chearta an duine ar chaiteachas a bhaineann leis an imirce i dtríú tíortha, agus na measúnuithe sin a roinnt leis an bParlaimint i gcás ina gceanglaítear sin le rialacha;

192. ag tabhairt dá haire, tar éis na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta uafásacha a rinne Hamas i gcoinne Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023, gur fhógair an Coimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2023 a chinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar chúnamh an Aontais don Phalaistín; ag tabhairt dá haire gur léirigh an t-athbhreithniú, a tugadh chun críche an 21 Samhain 2023, go gcuireann an Coimisiún rialuithe leormhaithe *ex-ante* agus *ex-post* i bhfeidhm, go bhfuil na coimircí atá i bhfeidhm éifeachtach agus nár aimsíodh aon fhianaise go dtí seo gur atreoraíodh airgead chun críoch neamhbheartaithe; á áitiú gur gá cistí Eorpacha a chur ar fáil do thairbhithe a bhfuil na luachanna céanna acu san Aontas maidir leis an Smacht Reachta, leis an daonlathas agus le cearta an duine, agus chuig na tairbhithe sin amháin; á mheabhrú, ina leith sin, gur glacadh an 17 Eanáir 2024 i dtuarascáil Pharlaimint na hEorpa 2023/2122(INI) maidir le trédhearcacht agus cuntasacht eagraíochtaí neamhrialtasacha arna gcistiú ó bhuiséad an Aontais ina n-iarrtar go ndéanfaí sásraí rialaithe an Choimisiúin a threisiú agus go bhforbrófaí córas faireacháin comhchuibhithe arb é is aidhm dó cistí an Aontais a rianú chomh fada le tairbhithe deiridh;

193. á chur i bhfios go láidir nach mór leanúint de thacaíocht a sholáthar le buiséad an Aontais chun síocháin agus cobhsaíocht a chothú i réigiún an Mheánoirthir, fuath agus bunúsaíochas a chomhrac agus cearta an duine a chur chun cinn; ag fanacht leis an athbhreithniú atá á dhéanamh ag an gCoimisiún maidir le húsáid chistí an Aontais; á chur i bhfios go láidir na hidirnaisc idir an chobhsaíocht agus an fhorbairt inbhuanaithe, go háirithe i dtíortha agus i réigiúin leochaileacha;

194. á chur i bhfáth nár cheart go mbeadh cabhair ón Aontas in imthosca ar bith — go díreach nó go hindíreach — ag maoiniú na sceimhlitheoireachta, agus dá bhrí sin níor cheart di tacú le haon eintiteas atá nasctha le Hamas ná le haon eagraíocht sceimhlitheoireachta eile; á chur i bhfáth gur cheart don Aontas cabhrú le pobal sibhialtach na Palaistíne agus gur cheart dó an tsíocháin a chothú sa réigiún; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún an Pharlaimint a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí nua agus faoi iarrachtaí nua a rinneadh chun tacaíocht dhíreach a thabhairt do shibhialtaigh agus do dhídeanaithe Palaistíneacha agus chun cosc a chur ar sceimhlitheoirí cistí a atreorú;

195. á chur in iúl gur cúis bhuartha di tuarascálacha inchreidte go bhféadfadh an eagraíocht sceimhlitheoireachta, Hamas, mí-úsáid a bhaint go páirteach as airgead cháiníocóirí an Aontais nó as cistí deontóirí eile; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart do chistí ábhartha an Aontais dul chun tairbhe phobal sibhialtach na Palaistíne agus bia, soláthairtí leighis, tithíocht agus bonneagar bunúsach a sholáthar don daonra atá ag fulaingt agus go háirithe do leanaí, do mhná, do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas; ag tathant ar an gCoimisiún, i gcomhthéacs tacaíocht agus cabhair dhaonnúil a thabhairt do phobal na Palaistíne, comhpháirtithe iontaofa amhail EDS, UNICEF nó eagraíochtaí éagsúla an Chorráin Dheirg a éagsúlú; ina theannta sin, á chur in iúl gur cúis bhuartha di tuarascálacha inchreidte eile go bhféadfadh baint a bheith ag fostaithe áirithe de chuid UNWRA le gníomhartha sceimhle a rinne eagraíocht sceimhlitheoireachta Hamas nó go bhféadfadh baint a bheith acu le gníomhartha sceimhlitheoireachta den sórt sin; ag tathant ar an gCoimisiún rialuithe neamhspleácha UNRWA a ráthú ag saineolaithe seachtracha, ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus ag comhpháirtithe idirnáisiúnta a bhfuil taithí acu, amhail Gnóthaí Domhanda Cheanada nó AusAid, ach gan a bheith teoranta dóibh;;

196. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an fógra a thug roinnt tíortha le déanaí maidir le cistiú a chur ar fionraí do Ghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le Dídeanaithe Palaistíneacha (UNRWA) ar feitheamh thoradh an imscrúdaithe; á iarraidh go mbeadh cistiú méadaithe agus marthanach ann mar aitheantas ar ról ríthábhachtach na gníomhaireachta sa fhreagairt dhaonnúil in Gaza, agus chun a áirithiú go gcuirfear seirbhísí ríthábhachtacha ar fáil gan bhriseadh do dhaonra leochaileach sa Mheánoirthear; á mheabhrú go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gcabhair dhaonnúil a thugtar do dhídeanaithe na Palaistíne ar fud an Mheánoirthir;

197. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an t-oideachas agus a ríthábhachtaí atá sé gach léiriú den fhuathchaint agus de ghníomhaíochtaí foréigneacha ar an dá thaobh a cháineadh agus a dhíothú; á chur i bhfios go láidir nár cheart cistiú a chur ar fionraí go treallach nó gan fianaise thrédhearcach agus neamhspleách ar mhí-úsáid;

198. á mheabhrú gur léiríodh le torthaí an staidéir a choimisiúnaigh an Coimisiún d'Institiúid Georg Eckert maidir leis na Téacsleabhair Palaistíneacha pictiúr casta ina gcloíonn na téacsleabhair (i) le caighdeáin UNESCO agus ina nglacann siad critéir atá suntasach sa dioscúrsa oideachais idirnáisiúnta, lena n-áirítear béim láidir ar chearta an duine, (ii) ina léirítear insint ar an bhfrithbheartaíocht i gcomhthéacs na coinbhleachta idir Iosrael agus an Phalaistín agus (iii) ina léirítear naimhdeas i leith Iosrael; ag tabhairt dá haire nach maoiníonn an tAontas na Téacsleabhair Palaistíneacha agus nach bhfuil UNRWA freagrach astu, a oibríonn chun oideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus béim á leagan ar chultúr chearta an duine a chothú, fiú le linn tréimhsí dúshlánacha; á chur i bhfios go láidir go bhfuil oideachas agus rochtain na ndaltaí ar théacsleabhair shíochánta neamhchlaonta ríthábhachtach; ag cur béim ar sheasamh na Parlaiminte nach mór téacsleabhair arna ndréachtú le cistí an Aontais a bheith coinníollach ar chaighdeáin síochána agus caoinfhulaingthe UNESCO a chomhlíonadh go hiomlán; mar a chinn an Pharlaimint cheana ina moladh ó 2023 maidir leis an gcaidreamh le hÚdarás na Palaistíne, agus mar a iarradh arís agus arís eile sna rúin is déanaí uaithi a glacadh maidir le Réamhionchais don Réiteach Dhá Stát;

199. ag cur sonrú i straitéis an Aontais chun oideachas ardcháilíochta do leanaí ar fud an domhain a chur chun cinn agus a áirithiú, go háirithe nuair a chuirtear tacaíocht airgeadais shonrach ón Aontas ar fáil; ag cáineadh an ábhair achrannach agus fuatha lena spreagtar foréigean, lena scaiptear an frithsheimíteachas agus lena spreagtar fuath i dtéacsleabhair scoile Phalaistíneacha arna ndréachtú ag státseirbhísigh atá maoinithe ag an Aontas agus in ábhair oideachais fhorlíontacha a d'fhorbair foireann UNRWA agus a mhúintear ina scoileanna; á athdhearbhú, i gcomhthéacs na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta uafásacha a rinne Hamas an 7 Deireadh Fómhair 2023, go bhfuil iarmhairtí díreacha agus drámatúla ag an oideachas chun fuatha ar shlándáil Iosraelach agus ar an dearcadh go mbeidh todhchaí níos fearr ann do Phalaistínigh óga; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún, dá bhrí sin, grinnscrúdú géar nach bhfuil aon chistí leithdháilte ná nasctha go díreach nó go hindíreach le húsáid na n-ábhar oideachais sin agus go ndéanfaidh Údarás na Palaistíne an curaclam iomlán a mhodhnú go gasta mar a iarradh arís agus arís eile sna cinntí maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais do na blianta airgeadais 2016, 2018, 2019, 2020 agus 2021; á chur i bhfáth go soláthrófar tacaíocht airgeadais ón Aontas d'Údarás na Palaistíne i réimse an oideachais ar choinníoll curaclaim náisiúnta Phalaistínigh, le téacsleabhair thagartha agus ábhar oideachais, atá saor ó ábhar frith-Sheimíteach agus ó ghríosú chun foréigin agus a chomhlíonann oideachas ardcháilíochta; á iarraidh, ina leith sin, go ndéanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit saineolas a chur ar fáil, eolas, treoir agus tacaíocht theicniúil a roinnt chun múinteoirí, oiliúnóirí agus saineolaithe Palaistíneacha a chumhachtú chun oideachas a chur chun feidhme a chomhlíonann caighdeáin UNESCO go hiomlán;

200. ag tabhairt chun suntais, de réir na bhfreagraí ón gCoimisinéir um an gComharsanacht agus um Méadú do Thuarascáil 2021 um Urscaoileadh, gurb ionann an phunann leanúnach forbartha do na Palaistínigh, faoin Rialachán maidir leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI), agus EUR 681 mhilliún idir 2021 agus 2023, d'Údarás na Palaistíne, do UNRWA agus do thionscadail forbartha sa Bhruach Thiar agus in Gaza; ag tabhairt dá haire gur thairbhigh thart ar aon trian den chistiú do thionscadail in Gaza agus dhá thrian ar an mBruach Thiar; á chur i bhfios go láidir gur chuir an tAontas EUR 271 mhilliún ar fáil do UNRWA chun seirbhísí sóisialta a sholáthar do dhídeanaithe na Palaistíne agus ina theannta sin, gur thug an tAontas tacaíocht do chaiteachas athfhillteach Údarás na Palaistíne, go príomha tuarastail agus pinsin státseirbhíseach, na liúntais shóisialta a íocadh tríd an gclár aistrithe airgid agus cuid de na costais a bhaineann le tarchur chuig Ospidéil Iarúsailéim Thoir trí shásra PEGASE;

201. á chur in iúl gur cúis uafáis di na hionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh an 7 Deireadh Fómhair 2023 inar rinne Hamas foréigean, éigniú agus cineálacha eile céastóireachta gnéis in aghaidh ban, déagóirí baineanna agus cailíní ó Iosrael agus náisiúntachtaí eile; ag cur béim ar an bhfíoras go n-úsáidtear an cineál spriocdhírithe sin d'fhoréigean gnéasach agus de chéasadh in aghaidh na mban go córasach mar choir chogaidh agus mar sceimhlitheoireacht; á chur in iúl gur oth léi easpa fócais SEGS agus an Choimisiúin i réimse an fhoréigin ghnéasaigh in aghaidh na mban a bhaineann le coinbhleacht; á iarraidh go mbunófaí sásra chun íospartaigh a shainaithint agus tacaíocht a thabhairt dóibh, chun teistiméireachtaí a bhailiú, chun déantóirí coire a shainaithint agus chun gníomhaíochtaí tráthúla a dhéanamh chun a áirithiú nach dtarlóidh cásanna comhchosúla amach anseo; á iarraidh go mbunófaí ardán chun infheictheacht a chur ar fáil d'íospartaigh agus dá bhfulaingt; á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht mhéadaithe d'eintitis amhail Comhlachas na Lárionad Géarchéime um Éigniú in Iosrael nó d'eintitis chomhchosúla i limistéir choinbhleachta; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart cistiú breise ón Aontas a chur ar fáil d'íospartaigh foréigin ghnéasaigh a bhaineann le coinbhleacht agus do ghníomhaíochtaí ábhartha oideachais freisin; ag tabhairt dá haire gurb ann d'easpa sonraí i dtuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí maidir leis an méid cistí de chuid an Aontais atá buiséadaithe chun tacú leis na híospartaigh sin agus leis na heintitis ábhartha sin; á mholadh don Choimisiún tuairisciú níos soiléire a chur ar fáil maidir le cabhair ón Aontas a chuirtear ar fáil d'íospartaigh den sórt sin agus d'eintitis ábhartha den sórt sin;

202. á chur i bhfios go láidir go dtugann CIE AR 2022 chun suntais sampla de chaiteachas neamh-incháilithe a áirítear san éileamh costais a bhaineann le tionscadal sa Phalaistín maidir le húsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha chun tacú le haistriú na Palaistíne chuig geilleagar glas ina bhfuil gné dreasachta a raibh sé beartaithe tacú le FBManna i bhfoirm deontas do thionscadail 'glasa' i réimsí na héifeachtúlachta fuinnimh, an fhuinnimh in-athnuaite agus an laghdaithe truaillithe; á chur i bhfios go láidir gur formheasadh EUR 190,500 agus gur íocadh é le gníomhaireacht forbartha, agus é de chúram uirthi faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an tionscadail ag an tairbhí deiridh, ach nár cuireadh an tionscadal i gcrích ([17]);

203. á chur in iúl gur cúis bhuartha di scriosadh agus coigistiú tionscadal sa Bhruach Thiar atá maoinithe ag an Aontas agus ag tabhairt dá haire, in 2022, go ndearna Iosrael 101 struchtúr arna gcistiú ag an Aontas nó ag na Ballstáit a scartáil nó a urghabháil ar luach EUR 337 019, arb ionann é agus an tríú díobháil airgeadais is airde ó 2016 i leith; á mheabhrú gur iarr ionadaithe ó institiúidí an Aontais, ó na Ballstáit lena mbaineann agus ó dheontóirí eile roinnt uaireanta go ndéanfaí filleadh nó cúiteamh as sócmhainní arna gcistiú ag an Aontas a ndearnadh a scartáil, a dhíchóimeáil nó a choigistiú; á mheabhrú gur ann do sheasamh na Comhairle lena gcuirtear in iúl go ndéanfaidh sí a dícheall a áirithiú go gcuirfear in iúl ar bhealach ríshoiléir agus sainráite i ngach comhaontú idir Iosrael agus an tAontas Eorpach nach bhfuil feidhm ag na comhaontuithe sin maidir leis na críocha atá faoi fhorghabháil Iosrael ó 1967 i leith agus, chomh maith leis sin, go leanfaidh sí de dhlí an Aontais atá ann cheana agus na socruithe déthaobhacha is infheidhme maidir le táirgí lonnaíochta a chur chun feidhme go héifeachtach;

204. ag tabhairt dá haire gur íoc AS NEAR EUR 910,8 milliún i gcúnamh déthaobhach leis an Úcráin in 2022, agus gur íocadh EUR 698 milliún de sin trí Thacaíocht Bhuiséadach; ag tabhairt dá haire, gur éirigh le beagnach EUR 200 milliún de thionscadail atá ar siúl faoi láthair a gcuspóir a athrú chun na tairbhithe a bhaint amach, sularbh fhéidir le comhpháirtithe daonnúla a gcláir chabhrach a shlógadh; ag tabhairt dá haire go bhfuil forchoimeádas in AAR 2022 de chuid AS NEAR mar thoradh ar na srianta maidir le faireachán leormhaith a dhéanamh ar thionscadail san Úcráin agus go bhfuil gníomhaíochtaí ceartaitheacha á gcur chun feidhme, amhail faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme tionscadal trí athbhreithnithe deisce, réitigh chianda agus soláthraí seirbhíse a úsáid;

205. ag cur sonrú i bPlean Fáis um Athchóiriú do na Balcáin Thiar a mhol an Coimisiún chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'iarrachtaí cóineasaithe sa réigiún; á chur i bhfáth go bhfuil gá le tuilleadh soiléireachta maidir leis an úsáid a bhaintear as ionstraimí airgeadais éagsúla i dtreo an réigiúin, go príomha i measc IPA III, an Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta, agus an Phlean Fáis Athchóirithe; ag tathant ar an gCoimisiún a chur ar chumas an leibhéal fonáisiúnta rochtain níos dírí a bheith aige ar chistí an Aontais;

206. á chur in iúl gur geal léi go leagtar amach forálacha sa tSaoráid don Úcráin chun rialuithe éifeachtacha a áirithiú; á mheabhrú gur iarr an Pharlaimint, an 7 Aibreán 2022, go ndéanfaí coigistiú ar shócmhainní Rúiseacha atá faoi úinéireacht daoine aonair agus eintitis Rúiseacha, arna reo mar thoradh ar bhearta sriantacha an Aontais, chun atógáil na hÚcráine a mhaoiniú;

207. á chur in iúl gur geal léi straitéis Global Gateway mar fhreagairt chomhbheartaithe ón Aontas ar dhúshláin dhomhanda lena dtugtar le chéile infheistíocht phoiblí agus phríobháideach; ag tabhairt dá haire gurbh í 2022 an chéad bhliain iomlán de chur chun feidhme na straitéise Global Gateway; á chur i bhfáth go bhfuil gá le tuilleadh trédhearcachta, cuntasachta agus measúnuithe rialta ar chur chun feidhme Global Gateway chomh maith le rannpháirtíocht fheabhsaithe na Parlaiminte i ndáil lena ról grinnscrúdaithe dhaonlathaigh;

([17]) https://www.eca.europa.eu/ECAPublications/AR-2022/AR-2022_GA.pdf.

208. á chur in iúl gur geal léi gur shínigh OLAF socruithe comhair riaracháin le hOifig Ard-Ionchúisitheoir na hÚcráine an 11 Feabhra 2021 agus le Seirbhís Iniúchóireachta Stáit na hÚcráine i mí an Mhárta 2023; ag tabhairt dá haire go bhfuiltear ag súil go luath go mbeidh baint ag an Úcráin le Clár Frithchalaoise an Aontais (CFCA) agus á chur in iúl gur geal léi go bhfuil OLAF ag cur tacaíocht ar fáil d'údaráis na hÚcráine ina n-iarrachtaí agus straitéisí frithchalaoise náisiúnta; á chur in iúl gur geal léi gur shínigh OIPE socruithe oibre le Biúró Náisiúnta Frith-Éillithe na hÚcráine, i mí Iúil 2023, arb é is aidhm dóibh an comhar a éascú maidir le cásanna éillithe a imscrúdú, agus le hOifig Ard-Ionchúisitheoir na hÚcráine, i mí an Mhárta 2022, chun leas airgeadais an Aontais agus na hÚcráine a chosaint trí imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach;

Moltaí

209. á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(i) a mhéid a bhaineann le córas feidhmchlár OPSYS, feabhas a chur ar cháilíocht na mbogearraí nua, an feidhmchlár a chobhsú agus comhéadain idir modúil éagsúla OPSYS a fheabhsú, agus na hacmhainní is gá a leithdháileadh chun a aibíocht/stóinseacht a fheabhsú;

(ii) leanúint dá áirithiú go n-urramaíonn gach conradh a bhaineann le cistiú ón Aontas luachanna is infheidhme an Aontais, reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear cuntasacht, trédhearcacht agus cosaint chistí an Aontais; a áirithiú go n-áirithítear le sásraí diana faireacháin agus rialaithe *ex ante* agus *ex post* go saothraíonn gach duine aonair a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an Aontas cuspóirí agus gníomhaíochtaí an Aontais arna bhformheas le haghaidh cistiú ón Aontas, go n-iarrfaidh siad, i gcás inar gá, go ndéanfar sócmhainní arna gcistiú ag an Aontas a scartáil, a dhíchóimeáil nó a choigistiú;

(iii) dlús a chur lena cumarsáid le heagraíochtaí idirnáisiúnta chun rochtain iomlán, neamhtheoranta agus thráthúil a thabhairt do CIE ar dhoiciméid is gá chun a cúram a chur i gcrích i gcomhréir le CFAE, agus ní hamháin i bhformáid inléite amháin;

(iv) bearta rialaithe *ex ante* agus *ex post* leordhóthanacha a chur i bhfeidhm i gcriosanna éagobhsaí nó coinbhleachta chun a áirithiú go ndéanfar rialú cuí ar chaiteachas chistí an Aontais agus ar bhealaí chun cistí an Aontais a aisghabháil;

(v) a áirithiú go ndéanfar iniúchadh cuí, tráthúil agus críochnúil, lena n-áirítear OIPE agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a áireamh, ar na cistí uile a chuirtear ar fáil faoin tSaoráid don Úcráin agus faoin tsaoráid um na Balcáin Thiar atá ar na bacáin;

An Riarachán Poiblí Eorpach

Acmhainní Daonna

210. ag tabhairt dá haire gurbh ionann an buiséad do na cláir faoi Cheannteideal 7 CAI 'Riarachán Poiblí Eorpach' agus EUR 11,6 billiún (5,9 % de bhuiséad an Aontais), lena gcuimsítear caiteachas institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais maidir le hacmhainní daonna agus pinsin (thart ar 70 % den iomlán), foirgnimh, trealamh, fuinneamh, cumarsáid agus teicneolaíocht faisnéise; ag tabhairt dá haire go gcaitheann an Coimisiún 58,6 % den mhéid iomlán (EUR 6,7 billiún); ag tabhairt dá haire, amhail ón 31 Nollaig 2022, gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair gealltanas a glacadh don Choimisiún Eorpach agus EUR 6 298,13 milliún (cuireadh chun feidhme 99,84 % díobh, i.e. EUR 6 288,14 milliún), agus gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair íocaíochtaí a glacadh agus EUR 6 298,22 milliún (94,66 % díobh sin a cuireadh chun feidhme, i.e. EUR 5 961,72 milliún);

211. ag tabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt sampla ina raibh 60 idirbheart a chlúdaíonn an raon iomlán caiteachais faoi Cheannteideal 7 den CAI a raibh baint ag institiúidí agus comhlachtaí uile an Aontais leis; ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt scrúdú freisin ar an bhfaisnéis maidir le rialtacht atá tugtha sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí ó gach ceann de na hinstitiúidí agus comhlachtaí, lena n-áirítear iad sin ó Ardstiúrthóireachtaí agus oifigí an Choimisiúin atá freagrach go príomha as an gcaiteachas riaracháin, agus a áiríodh ina dhiaidh sin in AMPR an Choimisiúin; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go measann an Chúirt nach raibh an leibhéal earráide i gCeannteideal 7 CAI ábhartha agus ag tabhairt dá haire nach bhfuil aon mholtaí nua curtha chuig an gCoimisiún;

212. ag tabhairt dá haire gur ghlac an Coimisiún a straitéis nua Acmhainní Daonna ('Straitéis AD') i mí Aibreáin 2022, a bhfuil sé d'aidhm aici aghaidh a thabhairt ar riachtanais atá ag teacht chun cinn tar éis ghéarchéim COVID-19 agus a dhíríonn ar ionad oibre tarraingteach a bhaint amach, ar roghnú agus earcaíocht níos tapúla agus níos solúbtha, agus ar ghairmréim sholúbtha agus thairbheach a bhaint amach don fhoireann uile; ag tabhairt dá haire gur sraith de rún don athrú agus don fheabhsú é an doiciméad agus gur cheart é a chur chun feidhme de réir a chéile, agus go ndéanfar cuid dá inneachar a chaibidliú ar dtús san idirphlé sóisialta le hionadaithe foirne;

213. ag tabhairt dá haire gur earcaigh an Coimisiún gníomhairí conarthacha nó sealadacha níos mó agus níos mó ar phoist bhuana chun cúraimí nua a dhéanamh a eascraíonn as tosaíochtaí atá ag athrú go tapa, mar fhreagairt ar chásanna speisialta nó práinneacha agus fiú chun earcaíocht neamhchothrom ó thaobh na tíreolaíochta de a chúiteamh; á mheabhrú gur cúis bhuartha di an easpa eolais do na hinstitiúidí, chomh maith leis an tionchar diúltach ar pheirspictíocht agus ar shlándáil fostaíochta na mball foirne lena mbaineann; ag tabhairt chun suntais nach réiteach inbhuanaithe é gníomhairí conarthacha nó sealadacha a earcú ar iarratais laghdaitheacha agus neamhchothromaithe ó thaobh geografaíochta de orthu siúd a chuireann isteach ar chomórtais an Aontais agus, níos tábhachtaí fós, ar an tsaincheist chasta maidir le laghdú tarraingteachta an Aontais mar fhostóir, rud atá sainaitheanta le fada;

214. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go bhfuil méadú suntasach tagtha ar chéatadán na mban i bhfeidhmeanna bainistíochta ó thús an tsainordaithe: i mí Iúil 2023, b'ionann sciar na mban i bhfeidhmeanna bainistíochta agus 45,2 % ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí (ardú beagnach 9 bpointe céatadáin ó thús an tsainordaithe) agus 47,5 % ar leibhéal na meánbhainistíochta (suas 6 phointe céatadáin);

215. á aithint, chun earcaíocht a áirithiú ar an mbonn geografach is leithne is féidir, gur gá aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna atá leis an tearcionadaíocht ó phointe na hearcaíochta tosaí; á chur in iúl gur geal léi, chun cothromaíocht gheografach a neartú i gcatagóirí éagsúla d'fhoireann an Choimisiúin, gur eagraigh an Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus um Shlándáil (AS HR) cruinnithe leis na Ballstáit uile chun a n-ionadaíocht a phlé agus chun bailchríoch a chur ar na pleananna gníomhaíochta comhpháirteacha uile agus sainiúlachtaí gach Ballstáit á gcur san áireamh chun aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le tearcionadaíocht;

216. ag tabhairt dá haire gur glacadh agus gur cuireadh chun feidhme plean gníomhaíochta chun tarraingteacht na ngairmeacha i Lucsamburg a mhéadú; ag cur sonrú i mbreithnithe an Choimisiúin i gcoinne comhéifeacht cheartúcháin a thabhairt isteach do Lucsamburg ag an gcéim seo ina thuarascáil ina ndéantar measúnú ar éabhlóid chumhacht ceannaigh luach saothair agus pinsean oifigigh an Aontais (COM(2022) 180 final); á mheabhrú gur iarr sí arís ar an gCoimisiún bealaí a aimsiú chun maolú a dhéanamh ar an bhfadhb mhéadaitheach a bhaineann le héagothromaíocht na cumhachta ceannaigh a d'fhulaing na baill foirne atá postaithe i Lucsamburg, arb é an costas maireachtála is cúis leis den chuid is mó;

217. á mheabhrú go ndearna an Chúirt iniúchadh ar ghníomhaíochtaí na hOifige Eorpaí um Roghnú Foirne (EPSO) agus na barúlacha maidir lena héifeachtacht agus lena héifeachtúlacht ([18]); ag tabhairt dá haire, in 2022-2023, gur thug EPSO tástálacha a ndearnadh feitheoireacht chianda orthu isteach agus gur saoth léi go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ar an gcóras sin anois mar gheall ar an iliomad deacrachtaí teicniúla a bhí ag go leor iarrthóirí; á chur in iúl gur oth léi an mhíchaoithiúlacht d'iarrthóirí, na costais bhuiséadacha dhíreacha a bhaineann leis na comórtais sheachtracha a chur ar fionraí, agus an iarracht bhreise a rinne seirbhísí earcaíochta an Choimisiúin chun teacht ar ionadaí leormhaith;

218. ag meabhrú chonclúid na Cúirte ina Tuarascáil Speisialta 13/2019 'nach féidir glacadh le haon iompar neamheiticiúil a dhéanann foireann agus baill institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh agus fiú mura bhfuil ann ach líomhain, go meallann sé aird an phobail go mór agus laghdaíonn sé an mhuinín a chuirtear san Aontas'; á chur in iúl gur oth léi an dá chás de choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann lena mbaineann oifigigh ardchéime in AS MOVE le haghaidh misean agus AS NEAR maidir le húinéireacht a thuairiscigh an preas in 2022; ag tabhairt dá haire go gcuireann an Coimisiún córas rialaithe inmheánaigh éifeachtach chun feidhme in ábhair bhainistíochta eitice de réir na Cúirte ina tuarascáil in 2019 agus an Ombudsman Eorpaigh ina chinneadh maidir le fiosrúchán na ndoirse imrothlacha; á chur i bhfios go bhfuil costas buiséadach ag baint le hiompar mí-eiticiúil don institiúid lena mbaineann agus ag athdhearbhú a seasaimh agus a hionchais maidir le Comhlacht Eitice an Aontais;

219. ag tabhairt dá haire gur cruthaíodh Toscaire de AE na FBManna agus gur earcaíodh é dá éis sin, ar Gníomhaire Sealadach Hors-Classe é ar ghrád AD 15; á chur in iúl gur oth léi gur thuairiscigh roinnt de na meáin gur ceapadh an t-iarratasóir rathúil ar deireadh d'ainneoin gur sháraigh an bheirt iarrthóirí baineanna a bhí fágtha ó Bhallstáit faoi ghannionadaíocht é sna measúnuithe earcaíochta, rud a spreagann an cheist ar cuireadh prionsabail an fhiúntais, na cothromaíochta inscne agus geografaí san áireamh; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur Feisire é an t-iarrthóir rathúil atá ag dul as oifig ó pháirtí polaitiúil Gearmánach an Uachtaráin von der Leyen; á iarraidh ar an gCoimisiún an staid a chur ina ceart tríd an gceapachán a chealú agus trí fhíorphróiseas trédhearcach agus oscailte a sheoladh chun Toscaire AE na FBManna a roghnú;

([18]) Tuarascáil Speisialta 23/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'EPSO: Time to adapt selection process to changing recruitment needs' [EPSO: Tá sé thar am an próiseas roghnúcháin a chur in oiriúint do riachtanais earcaíochta atá ag athrú].

Foirgnimh agus riaracháin

220. ag tabhairt dá haire go raibh sé beartaithe go rachadh lárchóras airgeadais corparáideach nua an Choimisiúin, SUMMA, i mbun táirgthe faoi dheireadh 2023 agus go raibh dul chun cinn déanta aige i gcomhréir leis an gcuspóir maidir lena chur i bhfeidhm ag tús 2024; ag tabhairt dá haire gur cuireadh síneadh bliana leis an spriocdháta chun an córas cuntasaíochta nua a chur chun feidhme toisc gur léiríodh go raibh cur chun feidhme naisc na gclár oibríochtúil (bainistiú comhroinnte, ríomhdheontais, ríomhsholáthar, íocaíochtaí foirne) le SUMMA ag an am céanna ina chleachtadh níos casta ná mar a bhíothas ag súil leis; á chur i bhfáth, agus é ina ábhar imní di, gurbh ionann costas chlár SUMMA ó bunaíodh é ag tús 2018 go dtí deireadh 2022 agus thart ar EUR 95 mhilliún agus go mbeidh acmhainní breise ag teastáil in 2024 chun síneadh ama a chur leis, a mheastar a bheith thart ar EUR 7 milliún;

221. ag tabhairt dá haire gur glacadh an 'Teachtaireacht maidir leis an gCoimisiún a ghlasú' an 5 Aibreán 2022, arb é is aidhm di aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2030, lena n-áirítear plean gníomhaíochta chun a astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún na cuspóirí sin a bhaint amach trí fhoirgnimh atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de agus níos glaise a fháil, trí aistriú chuig spásanna oibre comhoibríocha dinimiciúla agus trí líon na n-oifigí a laghdú, agus á athdhearbhú gur cheart dea-bhail agus sásamh na foirne a chur san áireamh i ngach cinneadh a dhéanfar amach anseo i ndáil leis sin;

222. ag cur sonrú sna tuarascálacha ó na meáin maidir leis an gcaibidlíocht idir Rialtas na Beilge agus an Coimisiún maidir le hidirbheart réadmhaoine ar fiú beagnach EUR 1 bhilliún é agus, ar an gcaoi chéanna, pleananna an Choimisiúin spásanna oifige a fháil ar cíos i limistéar na Bruiséile Thuaidh, lena n-áirítear drogall ar an bhfoireann lena mbaineann; á chur i bhfáth nár cheart d'aon fhorbairt i mbeartais eastáit réadaigh an Choimisiúin dálaí oibre a phearsanra a dhíghrádú;

223. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur dhiúltaigh an Coimisiún taifid a chur ar fáil ar an bplé le cuideachta chógaisíochta agus gur oth léi an easpa trédhearcachta a bhaineann leis na teachtaireachtaí téacs idir Uachtarán an Choimisiúin agus cuideachtaí cógaisíochta maidir le vacsaíní COVID-19 a cheannach; ag cur sonrú i gcinneadh an Ombudsman Eorpaigh maidir le cás 1316/2021/MIG lena mbaineann ós rud é gur 'drochriarachán' é gan teachtaireachtaí téacs a thaifeadadh ina chlár doiciméad agus á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach ndearna an Coimisiún obair leantach ar an moladh cuardach eile a dhéanamh ar theachtaireachtaí téacs ábhartha; ag tabhairt dá haire, go dtí seo, nár chuir an Coimisiún leaganacha neamhfholaithe de na conarthaí arna síniú ar fáil d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa; ag meabhrú rún ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Iúil 2023 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid — tuarascáil bhliantúil do na blianta 2019-2021;

Scoileanna Eorpacha

224. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, nár aimsigh an Chúirt, ina Tuarascáil Bhliantúil maidir le cuntais na Scoileanna Eorpacha don bhliain airgeadais 2022, aon earráidí ábhartha i gcuntais bhliantúla chomhdhlúite deiridh na Scoileanna Eorpacha do 2022; á chur in iúl gur geal léi feabhsuithe breise ar tharraing an Chúirt aird orthu maidir le cáilíocht na gcuntas deiridh aonair agus comhdhlúite i gcomparáid leis na blianta roimhe sin;

225. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur aimsigh an Chúirt agus an t-iniúchóir seachtrach araon earráidí neamhábhartha, earráidí a bhain go príomha le ríomh na bhforálacha maidir le sochair iarfhostaíochta agus nach raibh tuairimí iniúchóireachta an iniúchóra sheachtraigh i gcomhréir leis an gcreatchonradh a tugadh i gcrích le hOifig an Ard-Rúnaí ('an Lároifig');

226. ag tabhairt dá haire gur chinn an Chúirt, agus feabhsuithe á moladh aici ar nósanna imeachta earcaíochta agus soláthair sa Lároifig, go raibh easnaimh sna nósanna imeachta sin i gcás dhá cheann as na seacht scoil a ndearna sí athbhreithniú orthu (Frankfurt agus Lucsamburg I); ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur thug an Chúirt ar aire, arís eile, go raibh laigí i dtéarmaí nósanna imeachta íocaíochta don Lároifig agus don dá scoil araon a ndearnadh athbhreithniú orthu;

227. á mheabhrú go ndearna an Pharlaimint an méid seo a leanas ina rún an 12 Meán Fómhair 2023 maidir le córas na Scoileanna Eorpacha: staid na himeartha, dúshláin agus peirspictíochtaí, ([19]) á chur i bhfáth go bhfuil easnaimh thromchúiseacha sa chóras reatha earcaíochta múinteoirí i gCóras na Scoileanna Eorpacha (EES), rud a fhágann go bhfuil neamhréir idir na riachtanais ar an láthair agus an fhoireann iarbhír ar iasacht ó na Ballstáit, saincheisteanna le pleananna earcaíochta bliantúla, deacrachtaí maidir le múinteoirí agus baill foirne cháilithe a aimsiú, dálaí oibre forbhásacha do mhúinteoirí agus d'fhoireann oideachais eile a earcaítear go háitiúil agus fadhbanna le forbairt ghairmiúil leanúnach;

Moltaí

228. á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(i) úsáid éifeachtúil spásanna oifige agus sláinte agus folláine na foirne a chur san áireamh ar bhonn cothrom agus an straitéis nua acmhainní daonna á cur chun feidhme, go háirithe maidir le daoine faoi mhíchumas, chomh maith le hionadaithe foirne a rannpháirtiú go cuí agus dálaí oibre á n-athrú;

(ii) a bheith ar an airdeall i gcónaí maidir le cásanna tnáite a chosc, a shainaithint agus a bhainistiú go leormhaith i gcomhthéacs níos mó foirne, ualach oibre agus fholláine na foirne;

(iii) na bearta a threisiú chun tacú le mná atá ag saothrú gairme bainistíochta chun líon na n-iarratas ó mhná ardcháilithe ar fheidhmeanna meánbhainistíochta agus ardbhainistíochta laistigh den Choimisiún agus de ghníomhaireachtaí an Aontais araon a mhéadú;

(iv) leanúint dá chuid oibre chun cothromaíocht gheografach a neartú dá fhoireann ar gach leibhéal agus, ag an am céanna, ag comhlíonadh na gceanglas sna Rialacháin Foirne maidir le hinniúlachtaí agus tuillteanais na n-iarrthóirí;

(v) aghaidh a thabhairt, gan a thuilleadh moille agus ar bhealach éifeachtúil, ar na dúshláin atá os comhair na mball foirne a shanntar do Lucsamburg agus a bhfuil cónaí orthu ann;

(vi) infheistíochtaí iomchuí a dhéanamh chun acmhainneachtaí agus acmhainní TF a fhorbairt le go mbeidh EPSO níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí agus, go háirithe, chun na dálaí tástála is fearr a áirithiú sna próisis roghnúcháin amach anseo; agus

(vii) cur chuige bainistithe riosca níos fearr agus níos déine a áirithiú maidir le hullmhacht imscaradh SUMMA agus rioscaí ábhartha a bhaineann le suaitheadh sealadach a sheachaint go dtí go mbeidh an córas cuntasaíochta nua lánoibríochtúil;

(viii) obair leantach a dhéanamh ar mholadh an Ombudsman i gcás 1316/2021/MIG, chomh maith lena áirithiú go bhfuil a threoirlínte inmheánacha maidir le clárú doiciméad i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]);

229. Ina theannta sin, á iarraidh go leanfadh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do na Scoileanna Eorpacha chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) moltaí na Cúirte a chur chun feidhme gan mhoill ina Tuarascáil ar chuntais na Scoileanna Eorpacha don bhliain airgeadais 2022, agus an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas maidir leis an dul chun cinn;

(ii) na ganntanais leanúnacha múinteoirí a réiteach go práinneach agus staid chobhsaí chothrom fostaíochta a áirithiú do chách trí bhaill foirne a choinneáil agus trí láimhdeachas foirne a laghdú, agus ar an gcaoi sin imirce daoine oilte a sheachaint freisin; agus

(iii) grinn-athbhreithniú a dhéanamh faoi chathaoirleach neamhspleách ar na struchtúir rialachais agus bhainistíochta ar fud Chóras na Scoileanna Eorpacha agus páirt a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr de chuid an Choimisiúin;

([19]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0306.

([20]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

CAIBIDIL II

An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA)

Barúlacha ginearálta

230. á mheabhrú gur athraigh ráig phaindéim COVID-19 in 2020 go tobann ionchas eacnamaíoch agus sóisialta an Aontais agus go ndearnadh iarracht aontaithe chun an pacáiste téarnaimh don Eoraip a sheoladh, a bhí comhdhéanta de CAI 2021-2027 agus NGEU, arb é STA an bhunchloch de; á mheabhrú gurb é an cuspóir atá le STA ná tacaíocht airgeadais a sholáthar do na Ballstáit chun tionchar tromchúiseach eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim COVID-19 a mhaolú agus geilleagair agus sochaithe na hEorpa a dhéanamh níos inbhuanaithe agus níos athléimní, níos cuimsithí agus a chinntiú gur fearr a bheidh siad ullmhaithe do dhúshláin agus do dheiseanna a leanfaidh as na haistrithe glasa agus digiteacha; á mheabhrú gur ionstraim nuálach, shealadach í STA atá bunaithe ar fheidhmíocht, rud a chiallaíonn go bhfuil íocaíochtaí nasctha le comhlíonadh sásúil garspriocanna agus spriocanna (M&Tanna) lena léirítear an dul chun cinn maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí a áirítear sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta (RRPanna), a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;

231. ag tabhairt dá haire gur glacadh na 27 RRP uile faoi dheireadh 2022, lenar leithdháileadh EUR 335,1 billiún i ndeontais agus EUR 165,3 billiún in iasachtaí, a íocfar nuair a chomhlíonfar 2 557 mbeart (a mbeidh thart ar aon trian ann le haghaidh athchóirithe agus dhá thrian le haghaidh infheistíochtaí), agus a 6 237 ngarspriocanna agus spriocanna gaolmhara, faoi 2026; ag tabhairt dá haire go ndearna an Coimisiún EUR 74,4 billiún (EUR 47,2 billiún i ndeontais agus EUR 27,2 billiún in iasachtaí) a eisíoc in 2022, lena n-áirítear réamh-mhaoiniú;

232. ag tabhairt dá haire gur seoladh Plean REPowerEU i mí na Bealtaine 2022 chun cabhrú leis an Aontas a spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú trí fhuinneamh a shábháil, fuinneamh glan a tháirgeadh agus a sholáthairtí fuinnimh a éagsúlú, atá ailínithe leis an aistriú glas; ag tabhairt dá haire gur chuir na leasuithe a tugadh isteach ar Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]) ('Rialachán STA') le Rialachán (AE) 2023/435 ([22]) maidir le REPower EU maoiniú breise agus tosaíochtaí breise leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta; ag tabhairt dá haire gur chuir gach ceann de na 27 mBallstát RRPanna modhnaithe isteach chun caibidlí REPowerEU a chur san áireamh, ach freisin chun tacaíocht iasachta bhreise a iarraidh, chun coigeartuithe a dhéanamh tar éis an ranníocaíocht uasta airgeadais a thabhairt cothrom le dáta nó chun leasuithe a dhéanamh mar gheall ar imthosca oibiachtúla, mar a chumasaítear le Rialachán STA; ag tabhairt dá haire go bhfuil an t-athbhreithniú ar RRPanna faoi réir na gcritéar measúnaithe céanna leis na pleananna bunaidh, mar aon le ceanglais shonracha is infheidhme maidir le caibidlí REPowerEU;

233. á mheabhrú gur féidir leis an gCoimisiún, faoi NGEU, suas le EUR 806,9 billiún a thiomsú idir lár 2021 agus 2026 trí bhannaí an Aontais a eisiúint; ag tabhairt dá haire gur fhógair an Coimisiún i mí an Mheithimh 2022 plean cistiúcháin don tréimhse ó mhí an Mheithimh go dtí deireadh mhí na Nollag 2022 agus gur thiomsaigh sé EUR 50 billiún breise i gcistiú fadtéarmach do NGEU, arna chomhlánú le heisiúintí billí gearrthéarmacha an Aontais, rud a fhágann gurb é EUR 171 bhilliún méid iomlán bannaí NGEU gan íoc, ar tiomsaíodh EUR 36,5 de trí bhannaí glasa a eisiúint; ag tabhairt dá haire gurb éard atá san fhiachas sin méideanna a fuarthas ar iasacht agus a bhfuil aibíochtaí éagsúla acu, ó bhliain amháin go níos mó ná 25 bliana; ag tabhairt dá haire nach dtosófar ar fhiachas NGEU a aisíoc go dtí tar éis 2028;

234. ag tabhairt dá haire go raibh rath ar iarrachtaí an Choimisiúin cistí a thiomsú ar na margaí airgeadais chun na hacmhainní airgeadais le haghaidh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sholáthar; ag tabhairt dá haire gur beartaíodh EUR 14,9 billiún in CAI 2021-2027 in 2020 chun na híocaíochtaí úis le haghaidh tacaíocht neamh-inaisíoctha NGEU a chumhdach; á chur in iúl gur cúis bhuartha di tionchar na rátaí úis níos airde ar chumhacht cheannaigh bhuiséad an Aontais, agus méadú ag teacht ar na rátaí úis ar Bhannaí 10 mbliana an Aontais ó 0,09 % in 2021 go 3,2 % in 2023; ag tabhairt dá haire go bhfuil costais iasachtaíochta AAA an Choimisiúin níos airde ná roinnt Ballstát ag a bhfuil rátáil níos ísle; ag tabhairt dá haire gur gá méideanna a fuarthas ar iasacht a aisíoc agus go bhfuil gá fós le gníomhaíochtaí iasachtaíochta ní hamháin chun cistí nua a chruinniú, ach chun fiachas atá ann cheana a ionadú freisin; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an méadú atá ag teacht ar rátaí úis, go háirithe in 2022, agus na fiachais mar thoradh ar sin agus an acmhainneacht neamhchinnte atá ann na hiasachtaí a aisíoc, agus an méid mór airgid atá á fháil ag an gCoimisiún á chur san áireamh chun STA a mhaoiniú; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil an fiachas EUR 90 billiún níos lú faoi láthair ná mar a tuaradh ar dtús; ag cur sonrú i bplean fadtéarmach an Choimisiúin maidir le haisíoc an fhiachais agus á iarraidh go ndéanfahd Coimisiún é a thabhairt cothrom le dáta

([21]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

([22]) Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

go rialta agus an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas faoi aon rioscaí nua a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a chur chun feidhme; ag cur sonrú sa ráiteas ón gCoimisiún go gcomhlíonfaidh an tAontas a oibleagáidí i leith sealbhóirí bannaí i ngach imthoisc agus a thogra le haghaidh modhnú teicniúil ar CAI chun láimhseáil bhuiséadach chostais iasachtaíochta NGEU a bharrfheabhsú; ag tabhairt dá haire go bhfuil faisnéis maidir le fiachas an Aontais agus aisíocaíochtaí pleanáilte mar chuid den tuairisciú rialta laistigh d'idirphlé NGEU; á iarraidh go leanfaidh an Coimisiún de thuilleadh faisnéise a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa maidir leis an gcaoi a ndéanfar aisíocaíocht agus cé na hinstitiúidí a bhfuil cistí á bhfáil ar iasacht uathu; ag cur béim ar an bhfíoras go gcuireann an fiachas sin ualach ar bhuiséad an Aontais;

235. á chur in iúl gur geal léi meastachán an Choimisiúin gur féidir astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú faoi 44 mhilliún tona CO2 in aghaidh na bliana, arb ionann iad agus 1,2 % de chomhiomlán astaíochtaí GCT an Aontais in 2022, le cur chun feidhme iomlán na ngarspriocanna agus na spriocanna inchainníochtaithe suas go dtí deireadh 2026 arna chistiú ag Bannaí Glasa NGEU, arb ionann é agus 57 % de chaiteachas incháilithe Bannaí Glasa NGEU, agus á áitiú go gcuirfear chun feidhme go cuí é; á chur i bhfáth, thairis sin, a thábhachtaí atá sé go gcomhlíonfaidh athchóirithe agus infheistíochtaí faoi na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta spriocanna aeráide an rialacháin agus go n-urramófar go hiomlán an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh';

Barúlacha na Cúirte

236. ag tabhairt dá haire gur eisigh an Chúirt tuairim cháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas STA in 2022; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur tháinig an Chúirt ar an gconclúid go ndearna torthaí cainníochtúla difear do 11 as 13 íocaíocht STA a rinneadh in 2022 agus go raibh tionchar ag earráid ábhartha ar 6 cinn de na híocaíochtaí sin; ag tabhairt dá haire, i dtuairim na Cúirte, cé is moite de na hábhair sin, go bhfuil caiteachas STA a glacadh sna cuntais don bhliain 2022 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha; ag tabhairt dá haire go bhfuil cineál shamhail chaiteachais STA ag brath ar na breithiúnais atá le déanamh ag an gCoimisiún agus, dá bhrí sin, nach gcuireann an Chúirt ráta earráide ar fáil ach go measann sí go mbeidh tionchar airgeadais íosta a cuid torthaí faoi bhun na tairsí ábharthachta ach gar don tairseach ábharthachta;

237. ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt iniúchadh ar 244 gharsprioc as 274 gharsprioc agus ar na 37 sprioc uile a áirítear in iarrataí ar íocaíocht 2022 le haghaidh deontas; á chur in iúl gur oth léi go measann an Chúirt go raibh tionchar ag saincheisteanna rialtachta ar 15 díobh (faoi bhun 5 % den iomlán); ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt nár comhlíonadh na ceanglais go sásúil le haghaidh 8 M&Tanna in 8 n-íocaíocht agus go ndearna an Coimisiún na híocaíochtaí comhfhreagracha; ag tabhairt dá haire go bhfuil conclúidí na Cúirte bunaithe ar obair fhorleathan iniúchóireachta agus go gcuireann an Coimisiún in aghaidh léirmhíniú na Cúirte ar na ceanglais dhlíthiúla atá leagtha síos ag an gComhairle nó breithiúnais cháilíochtúla nach bhfuil mar an gcéanna i gcás an Choimisiúin; ag tabhairt dá haire nach mór íocaíochtaí uile STA a mheasúnú de réir an chreata arna chur in iúl agus arna chur i bhfeidhm ag an gCoimisiún, nach mór dó tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais agus an grinnscrúdú a dhéanann saineolaithe ó na Ballstáit faoin nós imeachta coiste a chur san áireamh le haghaidh gach íocaíochta;

238. ag tabhairt dá haire gur shainaithin an Chúirt an dá chás a mheasann sí a bhaineann le leanúint de thionscadal a bhí ann cheana, a thosaigh roimh an tréimhse incháilitheachta, agus spriocanna a bhí ina n-ionad ar chaiteachas buiséadach náisiúnta athfhillteach; á chur in iúl gur cúis bhuartha di cásanna den sórt sin, cé nach n-aontaíonn an chonclúid sin le breithniú na Cúirte féin go dtagraíonn gníomhaíochtaí athfhillteacha do chineálacha caiteachais amhail costais foirne agus costais oibriúcháin eintiteas rialtais; á mheabhrú nach n-úsáidfear STA chun caiteachas buiséadach athfhillteach a mhaoiniú agus á iarraidh go ndéanfar bearta leormhaithe, lena n-áirítear íocaíochtaí páirteacha, nuair a shainaithníonn an Coimisiún na cásanna sin;

239. ag meabhrú bharúil na Cúirte i dTuarascáil Speisialta 21/2022 agus ina Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2021 gur minic nach bhfuil soiléireacht ag garspriocanna agus spriocanna agus nach bhfuil siad sainithe go maith agus go dtugann an Chúirt an bharúil chéanna ina tuarascáil bhliantúil 2022; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún leas a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh agus ionstraimí feidhmíochtbhunaithe á ndearadh aige amach anseo;

240. á chur in iúl gur cúis bhuartha di torthaí na Cúirte in SR 26/2023 go bhfuil garspriocanna agus spriocanna éagsúla uaillmhéine idir na Ballstáit agus á mheas gur sampla eile é sin fós i gcás nach gcaitheann an Coimisiún go cothrom le Ballstáit; ag tabhairt dá haire gur dheimhnigh an Coimisiún na difríochtaí agus go ndéanfaidh sé iarracht cóir chomhionann a fheabhsú le linn chéim an chur chun feidhme; á mheas gur cheart caitheamh go cothrom leis na Ballstáit mar réamhshocrú agus á chur in iúl gur oth léi nach amhlaidh an cás agus na RRPanna á gcaibidliú; á áitiú gur cheart cóir chomhionann a áirithiú agus meastóireacht á déanamh ar chur i gcrích na ngarspriocanna agus na spriocanna;

241. ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt gur tharla cás de chistiú dúbailte in 2022, cé nach bhfuil aon chostais ag gabháil leis an mbeart atá i gceist faoi STA; ag cur sonrú i mbarúil an Choimisiúin, de réir Rialachán STA, go bhfuil 'cistiú dúbailte' nasctha go sainráite le costais agus, dá bhrí sin, nach féidir 'maoiniú dúbailte' a bheith ann mura bhfuil aon mheastachán costais curtha isteach ag an mBallstát mar chuid dá phlean náisiúnta; ag tabhairt dá haire go gcuireann an Coimisiún i bhfios go láidir nach méadaíonn athchóirithe gan chostas an t-imchlúdach airgeadais ach gur critéir bhunriachtanacha iad mar sin féin do mheasúnú dearfach an Choimisiúin ar RRPanna, chomh maith lena gcur chun feidhme iomlán le haghaidh na n-íocaíochtaí ábhartha;

242. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur shainaithin an Chúirt roinnt cásanna de dhearadh lag in M&Tanna, agus fadhbanna le hiontaofacht na faisnéise a áirítear sna dearbhuithe bainistíochta a dhéanann na Ballstáit, ag tabhairt dá haire go n-aontaíonn an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar M&Tanna, ar choinníoll go bhfuil bonn cirt dlíthiúil le gnéithe de Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a athrú, eadhon go dtíolacfaidh Ballstát plean leasaithe, agus go dtugann bunús dlí bonn cirt do na hathruithe;

243. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Coimisiún, faoi dheireadh 2022, 6 chás neamhrialtachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do OLAF, arna sainaithint le linn iniúchtaí *ex-post* nó ó fhoinsí oscailte i ndáil le gníomhaíochtaí lenar thacaigh STA; ag tabhairt dá haire gur scaip OLAF creat riosca don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2022 agus gur chuir sé os cionn 50 seisiún oiliúna feasachta calaoise ar fáil do ranna, do ghníomhaireachtaí agus do chomhpháirtithe seachtracha eile de chuid an Choimisiúin, lena n-áirítear údaráis na mBallstát;

244. ag cur béim ar an bhfíoras gur príomhthosaíocht é leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus go gcuideoidh cur chun feidhme níos beaichte, agus faireachán ar fheidhmíocht, le calaois a chosc agus a laghdú ag céimeanna luatha; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil an smacht reachta agus M&Tanna a bhaineann le frithéilliú bunriachtanach chun bac a chur ar dhaoine aonair éillitheacha, ar eagraíochtaí, ar rialtais nó ar chórais choiriúla; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar chomhlíonadh an smachta reachta agus frithéillithe M&Tanna agus tuairisciú maidir le aisiompaithe féideartha;

245. á chur in iúl gur cúis bhuartha di cinneadh na Cúirte go bhfuil cur chuige caighdeánaithe, lena ngabhann comhordú agus comhar láidir idir na Ballstáit, in easnamh ar chalaois a bhaineann le caiteachas STA a thuairisciú; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an Córas Bainistíochta Neamhrialtachtaí oiriúnaithe cheana féin ag an gCoimisiún ionas gur féidir leis na húdaráis náisiúnta inniúla é a úsáid le haghaidh STA; ag spreagadh an Choimisiúin, OIPE agus eintitis ábhartha eile ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta dul i mbun comhar struchtúrtha chun cásanna agus patrúin fhéideartha calaoise agus coireanna i gcoinne leas airgeadais an Aontais a shainaithint agus a thuairisciú, de réir a n-inniúlachta faoi seach, chun airgead na gcáiníocóirí a chosaint ar bhealach níos fearr; á iarraidh go ndéanfadh na Ballstáit a n-acmhainneachtaí a neartú chun coireanna sa réimse sin a nochtadh;

246. á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí a rinneadh maidir le hobair iniúchóireachta chórasach na Cúirte maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus béim á leagan ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais, lena soláthraítear anailís chríochnúil ar ghnéithe ábhartha na Saoráide agus léargas luachmhar ar a cur chun feidhme; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go nglacann an Coimisiún go ginearálta le moltaí na Cúirte agus go gcuireann sé i bhfeidhm iad agus á aithint go mbaineann go leor de na saincheisteanna a shainaithin an Chúirt le bunús dlí STA; á mheas go bhfuil moltaí na Cúirte a eascraíonn as a cuid oibre iniúchóireachta maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ábhartha go háirithe do na comhreachtóirí maidir le hionstraimí maoiniúcháin de chuid an Aontais a bheidh bunaithe ar fheidhmíocht amach anseo;

247. á chur i bhfáth gur bunaíodh STA mar ionstraim choiteann an Aontais chun tionchar tromchúiseach eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim COVID-19 a mhaolú agus chun geilleagair agus sochaithe na hEorpa a dhéanamh níos inbhuanaithe, níos athléimní, níos cuimsithí agus níos ullmhaithe do dhúshláin agus do dheiseanna na n-aistrithe glasa agus digiteacha, agus nach féidir a thuiscint, dá bhrí sin, gurb ionann acmhainní airgeadais na mBallstát agus acmhainní buiséid na mBallstát; ag cur béim ar an ról ríthábhachtach atá ag an gCúirt agus ag an gCoimisiún ina rialuithe réamhghníomhacha *ex-ante* agus *ex-post* chun a áirithiú go gcaithfear na cistí go héifeachtach le comhlíonadh sásúil M&Tanna;

Iniúchadh agus rialú

248. ag tabhairt dá haire go bhfuil an creat rialaithe saincheaptha do chineál uathúil STA agus go bhfuil sé bunaithe ar dhá chineál rialuithe, eadhon (i) rialuithe ag an gCoimisiún chun dearbhú réasúnta a thabhairt maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht gealltanas agus íocaíochtaí, bunaithe ar ghnóthú sásúil M&Tanna mar a leagtar amach sna Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena bhformheastar na STAnna, agus (ii) rialuithe ag na Ballstáit chun cosaint leormhaith leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú mar a fhoráiltear in Airteagal 22 de Rialachán STA;

249. ag tabhairt dá haire, bunaithe ar mholtaí na Cúirte agus ar an taithí a fuarthas, gur thíolaic an Coimisiún a mhodheolaíochtaí maidir le (i) measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh sásúil M&Tanna, (ii) na méideanna a cuireadh ar fionraí a ríomh i gcás nach gcomhlíontar garsprioc nó sprioc, agus (iii) déileáil le cásanna a d'fhéadfadh a bheith ann ina ndearna an Ballstát M&Tanna, a measadh ar dtús a bheith comhlíonta go sásúil ag an gCoimisiún, a fhreaschur ina dhiaidh sin;

250. ag tabhairt dá haire nach bhfuil mínithe sa chreat chun measúnú a dhéanamh ar M&Tanna, lena n-áirítear an fáth nár cheart an sásra fíoraithe mar a thuairiscítear sa socrú oibríochta a mheas don mheasúnú; ag tabhairt dá haire go sainmhínítear na sainmhínithe ar 'chomhlíonadh sásúil' na M&Tanna ábhartha trí théarmaí nach bhfuil sainmhíniú soiléir orthu agus a bhfuil gnéithe lánroghnacha iontu, amhail 'diall íosta ó cheanglas' nó 'moilltí comhréireacha', agus nach soláthraítear leis an modheolaíocht chun páirtíocaíocht a chinneadh míniú ar na luachanna a roghnaítear mar chomhéifeachtaí; á iarraidh go dtabharfaí tuilleadh soiléirithe;

251. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil an Coimisiún ag brath ar an bhfaisnéis a chuireann na Ballstáit ar fáil agus á mholadh cumarsáid níos gníomhaí a bheith ann chun aon aisiompú féideartha M&Tanna a shainaithint go réamhghníomhach; á chur in iúl gur geal léi go nglacann an Coimisiún leis an moladh go ndéanfaí athbhreithniú ar a nósanna imeachta iniúchóireachta *ex-post* chun a fhíorú go bhféadfaí M&Tanna a aisiompú tar éis na híocaíochta, cé gur oth léi nach ndéantar foráil ann maidir le haon fhaireachán iar-2026 ar aisiompú féideartha; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go háirithe nach bhfuil aon fhoráil dhlíthiúil i Rialachán STA lena dtugtar aghaidh ar aisiompú M&Tanna tar éis an dáta deiridh le haghaidh íocaíochtaí ó STA agus nach soláthraítear soiléireacht dhlíthiúil le modheolaíocht an Choimisiúin, dá bhrí sin, i gcás ina ndéanfar M&T a aisiompú tar éis thréimhse cur chun feidhme STA a luaithe a dhéanfar gach íocaíocht, go háirithe ós rud é gur dócha go gcomhlíonfar roinnt M&Tanna tábhachtacha a áirítear in RRPanna sa chuid dheireanach de shaolré STA;

252. ag tabhairt dá haire go bhfuil an smacht reachta nó athchóirithe frithéillithe ina ngarspriocanna agus ina spriocanna in 12 RRP náisiúnta; ag cur sonrú sa chás le déanaí ina bhféadfaí dhá gharsprioc maidir leis an Smacht Reachta i mBallstát amháin a aisiompú; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá don Choimisiún níos mó airde a thabhairt ar aisiompú féideartha M&Tanna i réimse an smachta reachta ós rud é go bhfuil siad an-leochaileach do chinntí treallacha rialtais;

253. ag tabhairt dá haire gur fhíoraigh an Coimisiún leordhóthanacht chórais rialaithe na mBallstát mar réamhchoinníoll chun measúnú dearfach a dhéanamh ar RRPanna; ag tabhairt dá haire gur cuireadh 'garspriocanna rialaithe' sonracha breise isteach, dá réir sin, mar réamhchoinníoll do na chéad íocaíochtaí sna RRPanna de 16 Bhallstát inar theastaigh bearta breise le bearnaí nó easnaimh chun leordhóthanacht iomlán na gcóras a áirithiú chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint; á chur in iúl gur cúis bhuartha di barúil na Cúirte maidir le laigí leanúnacha i gcórais rialaithe na mBallstát lena gcuirtear bainistiú fónta airgeadais chistiú STA i mbaol agus ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na húdaráis náisiúnta aghaidh a thabhairt orthu go pras; á chur in iúl gur geal léi nár tharraing an Chúirt anuas aon saincheisteanna a bhaineann lena gcomhlíonadh sásúil a ndearnadh measúnú orthu le linn 2022; ag tabhairt dá haire go bhfuil fadhbanna ag baint le hiontaofacht na faisnéise a chuirtear ar fáil sna dearbhuithe bainistíochta ó na Ballstáit, agus amhras á chaitheamh ar an bhféidearthacht dul i muinín na faisnéise sin agus garspriocanna agus spriocanna á measúnú; ag tabhairt dá haire go ndearna an Coimisiún 16 iniúchadh córais in 2022 agus 14 in 2023, lena n-áirítear an seiceálann siad comhlíonadh rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta, ionas go ndéanfar iniúchadh ar chórais rialaithe na mBallstát uile uair amháin ar a laghad faoi dheireadh 2023; á chur in iúl go dtuigeann sí, le Rialachán STA, go gcuirtear an phríomhfhreagracht chun a áirithiú go n-urramófar an dlí náisiúnta agus dlí an Aontais ar na Ballstáit, ach go bhfuil imní uirthi faoi bharúil na Cúirte maidir le bearna dearbhaithe agus cuntasachta i ndáil le comhlíonadh, toisc nach bhfuil iniúchtaí comhlíontachta déanta ag an gCoimisiún ar thionscadail infheistíochta arna gcistiú ag STA; á iarraidh go ndéanfar Airteagal 22 de Rialachán STA a chur i bhfeidhm go leormhaith agus go cothrom do na Ballstáit uile, agus á mheabhrú go bhféadfaí an tráthchuid iomlán, agus gach tráthchuid amach anseo, a chur ar fionraí mar thoradh ar neamhchomhlíonadh M&Tanna, a bhaineann le córas rialaithe Ballstáit;

254. á mheabhrú go bhforáiltear le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle ([23]) ('Rialachán OIPE') go mbeidh OIPE inniúil i leith na gcionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 sna téarmaí a leagtar amach i Rialachán OIPE agus go sonrach i gCaibidil IV de;

([23]) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

255. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na cásanna a tuairiscíodh do OIPE tar éis na chéad bhliana de chur chun feidhme STA, eadhon 15 chás ghníomhacha mar a thuairiscítear i dTuarascáil Bhliantúil OIPE 2022; á iarraidh go gcomhoibreodh an Coimisiún le OLAF agus OIPE chun patrúin calaoise, éillithe agus sciúrtha airgid a bhaineann leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a shainaithint agus á iarraidh go ghníomhódh an Coimisiún i gcásanna den sórt sin; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún iarmhairtí a tharraingt ar na Ballstáit ina bhfuil an iomarca cásanna calaoise;

256. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil amhras á chaitheamh ar fhreagracht OIPE maidir le coireanna a bhaineann le cistí STA a imscrúdú i 9 gcás i mBallstát; ag tabhairt dá haire gur iarradh ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh trí réamhcheist tuairim a thabhairt i gceann de na cásanna sin;

Cur chun feidhme agus tionchar

257. ag tabhairt dá haire go ndearna an Coimisiún 13 íocaíocht in 2022 le 11 Bhallstát arbh ionann iad agus EUR 72,2 billiún san iomlán, tar éis 366 M&T a bheith comhlíonta go sásúil (328 ngarsprioc agus 38 sprioc); ag tabhairt dá haire, ó dháta foilsithe an dara tuarascáil cur chun feidhme i mí Mheán Fómhair 2023, go bhfuair an Coimisiún 32 iarraidh ar íocaíocht ó 20 Ballstát agus gur íoc sé amach méid iomlán EUR 153,4 billiún (EUR 106,3 billiún i ndeontais agus EUR 47,1 billiún in iasachtaí);

258. ag tabhairt dá haire go dtuairiscíonn an Coimisiún go bhfuil baint amach M&Tanna ar an mbóthar ceart tríd is tríd, tar éis na chéad bhliana d'fheidhmiú STA, go raibh sé níos dírithe ar na hathchóirithe riachtanacha chun an creat a thógáil do thionscadail infheistíochta ina dhiaidh sin chun tionchar níos airde a bheith acu; ag tabhairt dá haire go dtuairiscíonn an Coimisiún moilleanna i gcomparáid le féilire táscach na n-íocaíochtaí, mar gheall ar an bpróiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar RRPanna i gcomhthéacs Phlean REPowerEU agus na ndúshlán cur chun feidhme atá os comhair na mBallstát, amhail saincheisteanna maidir le hacmhainneacht riaracháin, scrogaill infheistíochta, agus iarmhairtí chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, lena n-áirítear an ghéarchéim fuinnimh, suaitheadh praghsanna gan choinne, ganntanais ábhar áirithe agus boilsciú ard;

259. ag tabhairt dá haire go bhféadfadh sé go mbeadh ró-ualach ar na Ballstáit ó thaobh riaracháin de, le haistrithe cistí móra STA agus cistí comhtháthaithe ag an am céanna, rud a chuirfeadh moill ar an gcur chun feidhme, agus a d'fhéadfadh a bheith ina bhagairt ar thrédhearcacht; ag cur sonrú sa riosca a bhaineann le cistiú dúbailte idir STA agus Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa agus ag spreagadh an Choimisiúin seiceáil ghníomhach a dhéanamh, lena n-áirítear na bunachair sonraí ábhartha, agus cumarsáid a dhéanamh leis na Ballstáit maidir lena n-acmhainneachtaí riaracháin chun a áirithiú nach dtarlóidh cistiú dúbailte;

260. ag tabhairt dá haire gur mhol roinnt Ballstát cistí STA a úsáid trí ionstraimí airgeadais arna gcur chun feidhme ag BEI agus ag bainc infheistíochta náisiúnta eile chun infheistíochtaí príobháideacha a dhreasú faoi choinníollacha áirithe; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as na hionstraimí sin agus é mar aidhm úsáid chistí STA a leathnú tar éis 2026; á mheabhrú gur ionstraim ghéarchéime é STA agus gur cheart cistiú a chur chun feidhme laistigh dá saolré;

261. ag tabhairt dá haire go bhfuil an Coimisiún ag tacú leis na Ballstáit uile dlús a chur le cur chun feidhme agus athbhreithniú a bpleananna, lena n-áirítear tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá ról réamhghníomhach an Choimisiúin maidir le tacú leis na Ballstáit chun na moilleanna agus an fhadhb tearc-chur chun feidhme a sheachaint ar an mbealach is fearr, chomh maith lena áirithiú go gcosnaíonn na Ballstáit leasanna airgeadais an Aontais agus go gcaithfear airgead cháiníocóirí an Aontais go leordhóthanach; á chur i bhfios, go háirithe, gur cheart acmhainní agus aird iomchuí a thabhairt do chur i gcoinne neamhrialtachtaí tromchúiseacha agus cistiú dúbailte; ag tabhairt dá haire, mar a cuireadh in iúl don údarás um urscaoileadh, gur cúis imní di cumas riaracháin na mBallstát na cistí a ionsú agus tionscadail ardcháilíochta a chur chun feidhme, go háirithe i dtreo dheireadh thréimhse STA;

262. á chur in iúl gur cúis bhuartha di nár chuir 3 Bhallstát aon iarraidh ar íocaíocht faoi bhráid an Choimisiúin faoi dheireadh mhí na Nollag 2023 de réir scórchlár STA an Choimisiúin; á iarraidh go gcuirfí RRPanna chun feidhme go tapa, lena n-áirítear meastóireacht ón gCoimisiún maidir le bacainní agus torthaí; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhféadfadh géarchéim íocaíochta a bheith mar thoradh ar chur chun feidhme tearc, mura ndéantar é a mhaolú go tapa;

263. ag cáineadh, i gcontrárthacht le príomhspriocanna na saoráide, nach leor an sainmhíniú ar 'athléimneacht' chun feabhas a chur ar ullmhacht na staideanna géarchéime a bheidh ann amach anseo; ag tabhairt dá haire gur beag béim a chuirtear ar athléimneacht nó ar bhreisluach chun cur leis an athléimneacht nuair a chuirtear béim ar gharspriocanna agus spriocanna; ag tathant ar an gCoimisiún táscaire 'ranníocaíochta leis an athléimneacht' a chruthú do scórchlár STA agus an tionchar i réimse na hathléimneachta a chur i láthair i dtábla; ag tathant ar an gCoimisiún, thairis sin, machnamh a dhéanamh ar rannchuidiú leis an athléimneacht agus garspriocanna agus spriocanna nua á mbreithniú aige a thugtar isteach i bpleananna náisiúnta athbhreithnithe téarnaimh agus athléimneachta; ag moladh don Chúirt breathnú níos dlúithe ar thionchar STA na hathléimneachta i ngach colún i staidéar a dhéanfar amach anseo;

264. ag cur béim ar an bhfíoras, agus pleananna téarnaimh náisiúnta athbhreithnithe á n-athbhreithniú aige, gur cheart don Choimisiún fós na 'Treoirlínte measúnaithe don tSaoráid' a chur i bhfeidhm go dícheallach mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V de Rialachán STA, lena gceanglaítear ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar phleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta agus iad a rátáil faoi chritéir na hábharthachta, na héifeachtachta, na héifeachtúlachta agus an chomhleanúnachais (Airteagal 19(3)), chomh maith le cumhdach na sé cholún, eadhon a) aistriú glas, b) claochlú digiteach, c) fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, d) comhtháthú sóisialta agus críochach, e) sláinte agus athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach, f) beartais don chéad ghlúin eile (Airteagal 3); á dhearbhú gur próiseas tábhachtach é seo chun pleananna téarnaimh náisiúnta athbhreithnithe a sheachaint atá i bhfad níos laige ná na pleananna bunaidh nó nach gcomhlíonann na critéir a thuilleadh;

265. ag tabhairt dá haire gur cheart do STA sineirgí a chruthú, agus gur cheart athchóirithe struchtúracha a bhfuil breisluach ag baint leo a bheith mar thoradh ar bhearta a chuirtear chun feidhme; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go ndearna roinnt tíortha sean-athchóirithe náisiúnta a athphacáistiú sna RRPanna náisiúnta;

266. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go mbeadh cur chuige comhrialachais níos fearr i ngach Ballstát ionas go mbeidh údaráis áitiúla agus réigiúnacha, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, comhpháirtithe sóisialta, lucht acadúil nó geallsealbhóirí ábhartha eile rannpháirteach go leordhóthanach i ndearadh agus i gcur chun feidhme RRPanna náisiúnta; á iarraidh go mbeadh a gcuid rannpháirtíochta bunaithe ar phrionsabail shoiléire, chothroma, thrédhearcacha agus neamhpholaitithe, maidir le cur chun feidhme RRPanna náisiúnta a mhéid is féidir faoin gcreat reachtach náisiúnta;

267. á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit cur chuige neamhfhulaingthe i bhfeidhm maidir le héilliú agus calaois, lena n-áirítear claonchasadh, gan aon eisceacht;

268. á chur in iúl gur geal léi rannchuidiú ríthábhachtach STA chun géarchor chun donais eacnamaíoch agus géarchéime shóisialta a chosc tar éis phaindéim COVID-19, agus gur cumasaíodh léi rabharta athchóirithe agus infheistíochtaí nach bhfacthas a leithéid riamh cheana ar fud an Aontais a mbeidh éifeacht fhadtéarmach thábhachtach aige ar an Olltáirgeacht intíre (OTI); á chur i bhfios go bhfuil breisluach Eorpach na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta cruthaithe le fada ós rud é go gcuireann a nádúr nuálach solúbtha ar chumas na mBallstát cuspóirí comhchoiteanna beartais an Aontais a bhaint amach; ag tabhairt dá haire, ag an am céanna, go gcuireann STA ar chumas na mBallstát aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann go sonrach le tír faoi leith trí dhearadh RRPanna agus go gcuirtear creat measúnaithe aonair i bhfeidhm go cothrom maidir leis na Ballstáit uile agus maidir le hiarrataí ar íocaíochtaí;

269. á chur in iúl gur geal léi gur sháraigh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a mhol na Ballstáit chun tacú leis na haistrithe glasa agus digiteacha na cuspóirí a leagtar amach i Rialachán STA, ós rud é gurb ionann an caiteachas aeráide measta agus thart ar 40 % agus an caiteachas digiteach 26 %, agus gur socraíodh na cuspóirí ag céatadáin níos ísle de 37 % agus 20 % faoi seach;

270. ag cur sonrú sa dul chun cinn a tuairiscíodh maidir leis na sé cholún de STA agus, go háirithe, maidir le cur chun feidhme na moltaí tír-shonracha (CSRanna), agus roinnt dul chun cinn déanta ar a laghad maidir le 68 % agus dul chun cinn suntasach in 12 % de mholtaí tírshonracha 2019-2020, lena léirítear na dreasachtaí a chuir STA ar fáil; ag tabhairt dá haire go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta maidir le cur chun feidhme mholtaí tír-shonracha 2022 freisin, agus roinnt dul chun cinn déanta ar a laghad i mbeagnach 52 % de na moltaí a cuireadh faoi bhráid na mBallstát i mí Iúil 2022;

271. á mheabhrú gur léirigh paindéim COVID-19 laigí struchtúracha i gcórais sláinte ar fud an Aontais, amhail easpa athléimneachta agus acmhainneacht freagartha ar ghéarchéimeanna; ag tabhairt chun suntais gur réimse beartais í an tsláinte laistigh de cheann de shé cholún STA, lena ndéantar athchóirithe agus infheistíochtaí féideartha chun a n-acmhainneacht, a gcáilíocht agus a n-athléimneacht a neartú; ag tabhairt dá haire go mbaineann 531 M&Tanna agus 223 bheart, chomh maith le 48 % den ranníocaíocht mheasta leis an gcolún sin le cúram sláinte ach gur oth léi go bhfuil garspriocanna nó spriocanna a bhaineann leis an tsláinte ag roinnt RRPanna náisiúnta nach rannchuidíonn leis an gcóras sláinte náisiúnta a neartú; ag tabhairt dá haire go bhfuil thart ar 45 mhilliún duine in ann saoráidí cúraim sláinte nua nó nuachóirithe a úsáid nó freastal orthu a bhuí leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta; ag tathant ar an gCoimisiún M&Tanna a bhaineann le hullmhacht agus athléimneacht in earnáil na sláinte a neartú i gcás inar féidir agus athbhreithniú á dhéanamh ar RRPanna náisiúnta agus tuairisciú don údarás um urscaoileadh;

272. ag tabhairt dá haire, ó Thuarascáil Speisialta 26/2023, gur éirigh leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit córas faireacháin a chur ar bun, lena n-áirítear córas TF, a fhágann gur féidir an dul chun cinn maidir leis an gcur chun feidhme a thomhas, d'ainneoin nach raibh mórán ama ar fáil chun samhail feidhmíochta STA a dhearadh; á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin oibriú ar na saincheisteanna a sainaithníodh agus na moltaí gaolmhara a chur chun feidhme;

273. á chur i bhfáth nach ráthaítear le tabhairt chun críche amháin tionscadal a mhaoinítear le cistí STA tionchar dearfach eacnamaíoch agus sóisialta ná cáilíocht agus inbhuanaitheacht; ag cur sonrú i mbarúlacha na Cúirte ina leagtar béim ar roinnt de na míbhuntáistí a bhaineann le creat feidhmíochtbhunaithe a úsáid, go háirithe ag iarraidh torthaí a chainníochtú mar thoisí M&T seachas aschuir a thomhas; ag tathant ar an gCoimisiún na ceachtanna a foghlaimíodh agus barúlacha na Cúirte a chur i bhfeidhm, agus a áirithiú go ndéanfaidh dearadh na n-ionstraimí feidhmíochtbhunaithe a bheidh ann amach anseo torthaí agus ní hamháin aschuir a thomhas freisin;

274. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn suntasach a léiríodh leis na táscairí coiteanna agus ar fud na gcolún beartais uile faoi mhí na Nollag 2022, amhail coigilteas 22 mhilliún Meigeavata ('MWh') i dtomhaltas fuinnimh bliantúil a baineadh amach, a chabhraigh le 1,43 milliún fiontar le tacaíocht airgeadaíochta nó chomhchineáil, 4 mhilliún duine oilte, agus tacaíocht a tugadh do 4 115 196 duine óg idir 15-29 mbliana d'aois;

275. á mheabhrú gur ghlac an Chomhairle, an 15 Nollaig 2022, Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar RRP don Ungáir bunaithe ar mheastóireacht dhearfach an Choimisiúin; á mheabhrú gur cuireadh 27 'sár-gharsprioc' leis an RRP náisiúnta le bearta feabhais agus iniúchóireachta agus rialaithe; ag tabhairt dá haire gur ghlac an Chomhairle, an 7 Nollaig 2023, an Cinneadh Cur Chun Feidhme lena bhformheastar RRP leasaithe na hUngáire, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, lena gceadaítear don Ungáir EUR 0,9 billiún a fháil i réamh-mhaoiniú chistí REPowerEU; á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil an réamh-mhaoiniú a luaitear faoi réir an nós imeachta leanúnaigh faoi shásra coinníollachta an smachta reachta;

276. ag tabhairt dá haire go gcuirtear ar fáil le Scórchlár STA faisnéis fíor-ama maidir leis na heisíocaíochtaí agus an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit, chomh maith le sonraí, táscairí agus anailís théamach bhreise agus á chur in iúl gur geal léi seoladh na léarscáile idirghníomhaí uile-Aontais ina léirítear tionscadail STA de réir suíomh geografach agus ina gcuirtear faisnéis ar fáil maidir le staid na himeartha; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, áfach, gur tháinig an Chúirt ar an gconclúid go bhfuil easpa trédhearcachta ag baint leis an bhfeidhmíocht a cuireadh i láthair maidir le measctacháin a chur san áireamh agus nach bhfuil faisnéis chomhiomlánaithe inchomparáide, agus go bhfuil an fhaisnéis maidir leis an dul chun cinn faoi na sé cholún míthreorach, i.e. nuair a shanntar beart do réimse beartais phríomhúil agus thánaistigh a bhaineann leis an gcolún céanna, déantar rannchuidiú gach birt a chomhaireamh faoi dhó; ag tabhairt chun suntais go bhfuil trédhearcacht maidir le teorainneacha ríthábhachtach toisc go ndéanann sí difear d'iontaofacht (a mheastar) na faisnéise uile a chuirtear i láthair; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún na heasnaimh a bhraitear a leigheas láithreach agus teorainneacha na sonraí a chuirtear i láthair ar Scórchlár STA a chur in iúl go réamhghníomhach;

277. ag tabhairt dá haire go liostaítear go leor tionscadal náisiúnta amháin mar thionscadail trasteorann a luaithe a bheidh gnéithe coigilte fuinnimh nó laghdaithe fuinnimh acu; á cháineadh go bhfuil rómheastachán ar líon foilsithe na dtionscadal trasteorann míthreorach;

278. ag tabhairt dá haire gur chinn an Chúirt, maidir le tuairisciú ar na táscairí coiteanna, nach ndéanann údaráis iniúchóireachta náisiúnta in aon Bhallstát a bhfuil cuairt á tabhairt air seiceáil ar cháilíocht ná ar mhodheolaíochtaí bunúsacha; á chur in iúl go bhfuil ionadh uirthi, i mBallstát, maidir le caiteachas faoi Cheannteideal 3 CAI, nárbh ann do chur sonraithe crann nuair a rinne an Chúirt seiceáil ar an láthair; ag tabhairt dá haire nach n-éilíonn an Coimisiún fianaise thacaíochta ná mínithe ar na sonraí tuairiscithe, ach amháin i gcásanna ina dtuairiscítear measctacháin; ag tabhairt dá haire go dtagann an Chúirt ar an tátal go bhfuil riosca ag baint leis sin d'iontaofacht sonraí agus d'inchomparáideacht sonraí ar fud na mBallstát; á chinneadh go bhféadfadh iontaofacht sonraí in éagmais iniúchtaí difear níos mó a dhéanamh don fhaisnéis feidhmíochta a thuairiscítear ar tháscairí coiteanna ná faisnéis atá bunaithe ar gharspriocanna agus ar spriocanna; á mheas gur cúis imní é sin, i bhfianaise na saincheisteanna a shainaithin an Chúirt sna garspriocanna agus sna spriocanna agus á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún feabhas a chur ar a dhearbhú maidir leis an tuairisciú ar tháscairí coiteanna; ag cur sonrú sna cleachtais éagsúla i measc na n-údarás iniúchóireachta maidir le huainiú na seiceálacha ar chomhlíonadh na spriocanna agus na n-athchóirithe; á chreidiúint gur cheart na seiceálacha sin a chomhchuibhiú ar bhealach níos fearr agus gur cheart seiceáil éigeantach a áireamh iontu ar iontaofacht agus cruinneas na sonraí maidir le garspriocanna agus spriocanna sula n-áireofar na garspriocanna agus na spriocanna sin in iarraidh ar íocaíocht; á chur i bhfios na rioscaí a bhaineann le cur chuige a úsáideann seiceálacha *ex post* den chuid is mó agus á iarraidh go ndéanfadh na Ballstáit cleachtais den sórt sin a sheachaint;

Trédhearcacht

279. ag tabhairt dá haire go n-aithníonn an tOmbudsman go ndearnadh dul chun cinn maidir le trédhearcacht réamhghníomhach, go háirithe trí Scórchlár STA agus trí fhoilsiú an 100 faighteoir is mó; ag cur sonrú, áfach, sna pointí le haghaidh feabhais a chuir an tOmbudsman in iúl agus ag tacú lena moltaí chun trédhearcacht agus cuntasacht níos fearr a áirithiú maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta;

280. ag tabhairt dá haire, tar éis éileamh sainráite ón bParlaimint, go gceanglaítear le Rialachán leasaithe STA ar na Ballstáit faisnéis a fhoilsiú maidir leis an 100 faighteoir deiridh a fhaigheann an méid is airde cistiúcháin faoi STA; á chur in iúl gur oth léi gur fhoilsigh na Ballstáit na liostaí go déanach agus ag tabhairt dá haire gur fhoilsigh na Ballstáit uile an liosta is gá ar Scórchlár STA faoi mhí na Nollag 2023; ag tabhairt faoi deara go bhfuil éagsúlacht mhór idir mhéid na n-íocaíochtaí ar fud na mBallstát agus laistigh de gach tír araon, rud a mhínítear le cineál ilchineálach RRPanna; á chur in iúl gur cúis bhuartha di léirmhíniú an Choimisiúin ar choincheap an 'fhaighteora deiridh' faoi STA, mar is minic nach liostaítear iad ach ar leibhéal na haireachta amháin, agus go bhfuil na tuairiscí thar a bheith doiléir, agus go bhfuil go leor samplaí ar fáil i mbeagnach gach liosta a chuireann na Ballstáit ar fáil; ag athdhearbhú a éilimh, go soláthróidh an liosta de 100 faighteoir deiridh is mó, an duine nádúrtha fíorasach, nó an eintiteas, arb é an ceann deireanach é i slabhra aistrithe airgid; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go mbeidh sé achrannach tionchar chistí STA a thomhas agus infheictheacht chistí STA do na saoránaigh a ráthú;

281. á mheabhrú go bhfuil trédhearcacht agus cuntasacht i gcur chun feidhme bhuiséad an Aontais ríthábhachtach agus á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, go bhfuil gá le hiarrachtaí breise ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit araon; á chur in iúl gur geal léi na tionscnaimh eile a rinne an Coimisiún chun trédhearcacht a mhéadú maidir le cur chun feidhme STA; ag tabhairt dá haire go bhfuil príomhdhoiciméid lena rialaítear an cur chun feidhme, amhail RRPanna, Socruithe Oibríochtúla, modheolaíochtaí le haghaidh measúnú, agus doiciméid lena dtacaítear nó ina bhfuil príomhchinntí maidir le cur chun feidhme na mBallstát ar fáil go poiblí agus go bhfuil rochtain éasca orthu;

282. á chur in iúl gur cúis bhuartha di tuarascálacha ón gCúirt maidir le deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar shonraí STA chun a cuid dualgas a chomhlíonadh; ag tathant ar an gCoimisiún rochtain iomlán don Chúirt a áirithiú ar bhunachair sonraí ábhartha na mBallstát agus an Aontais; ag tathant ar an gCoimisiún a ráthú go ndéanfar na sonraí i mbunachar sonraí FENIX a nuashonrú go tráthúil chun críocha iniúchta agus rialaithe; á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh na sonraí cruinn agus tarchurtha i bhformáid chaighdeánaithe;

283. á mholadh, agus ionstraimí feidhmíochtbhunaithe á gcur chun feidhme amach anseo, go ndéanfar garspriocanna agus spriocanna a shainiú go soiléir agus a nascadh go tráthúil chun bearnaí cuntasachta a sheachaint agus go bhféadfaí aschuir agus torthaí a thomhas; á mholadh go gcruthófaí sásra fíorúcháin atá soiléir agus beacht ón tús le hionstraimí feidhmíochtbhunaithe; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé sin ríthábhachtach i gcomhthéacs na trédhearcachta agus na cuntasachta do cháiníocóirí an Aontais;

284. á chur in iúl gur cúis bhuartha di trédhearcacht agus cuntasacht i leith an phobail; ag tathant ar an gCoimisiún cumarsáid a dhéanamh leis na Ballstáit maidir le lipéadú iomchuí tionscadal lena n-áirítear tagairt go bhfuair tionscadal Cistí Téarnaimh agus Athléimneachta; á chur in iúl gur oth léi tar éis thuarascáil bhliantúil 2022 ón gCúirt nach bhfuil aon fhormhaoirseacht shoiléir ann fiú ar leibhéal an Choimisiúin maidir leis na tionscadail shonracha a bhfuil cistí STA ag tacú leo; á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé de cheart ag cáiníocóir na hEorpa a fheiceáil cad iad na tionscadail a bhfuil cistí an Aontais ag tacú leo, cá bhfuil na tionscadail ag tarlú, agus cad é an breisluach atá leo; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún infheictheacht a mhéadú chun a áitiú go ndéanfaí tionscadail a lipéadú go soiléir cibé acu i bhfoirm plaiceanna le haghaidh foirgnimh fhisiciúla nó athchóirithe, fógraí ar shuíomhanna gréasáin, fógraí ag comhdhálacha nó oiliúint, nó lipéadaithe ar dhoiciméid chlóite;

Moltaí

285. ag tacú leis na moltaí ón gCúirt ina Tuarascáil Bhliantúil agus i dtuarascálacha speisialta gaolmhara, agus á chur in iúl gur díol sásaimh di go nglacann an Coimisiún le formhór na moltaí sin; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún iad a chur chun feidhme agus an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn an chur chun feidhme;

286. Ina theannta sin, á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(i) feabhas a chur ar an bhfaireachán *ex-post* ar chomhlíonadh sásúil leanúnach M&Tanna, lena n-áirítear i réimse an Smachta Reachta, agus forálacha STA a chur i bhfeidhm go docht, agus na treoirlínte a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar chásanna nithiúla d'aisiompú, dul i muinín bearta airgeadais soiléire, lena n-áirítear íocaíochtaí a chur ar fionraí agus cistí a aisghabháil nuair a dhéantar M&Tanna a aisiompú i gcomhréir le Rialachán STA agus modheolaíochtaí;

(ii) oibriú i ndlúthchomhar leis an údarás um urscaoileadh chun roghanna éagsúla, agus an bunús dlí ábhartha, a mhapáil chun aghaidh a thabhairt ar aisiompú na ngarspriocanna tar éis dheireadh thréimhse cur chun feidhme STA;

(iii) leanúint d'fheabhas a chur ar shoiléireacht na mbeart agus na M&Tanna gaolmhara, agus a áirithiú go n-urramóidh siad prionsabail chothrománacha an Rialacháin ina n-iomláine, nuair a thíolacfaidh an Ballstát athbhreithniú ar an RRP náisiúnta;

(iv) sásraí soiléire fíoraithe a áireamh sa socrú oibríochtúil do M&Tanna chun gur féidir measúnú gan débhrí a dhéanamh ar a gcomhlíonadh agus chun a chuspóir a leagan amach ar bhealach níos fearr in ionstraimí feidhmíochtbhunaithe a bheidh ann amach anseo, chomh maith leis an sásra fíoraithe a chur san áireamh agus anailís á déanamh ar chomhlíonadh sásúil M&Tanna chun rannchuidiú le cruinneas na dtomhas;

(v) leanúint d'iniúchtaí ar chóras na mBallstát a ghabháil de láimh chun a leordhóthanacht a sheiceáil, chomh maith le dearbhú réasúnach a fháil maidir le comhlíonadh rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta, go háirithe soláthar poiblí, agus oibriú i ndlúthchomhar leis an gCúirt chun bealaí a aimsiú chun deireadh a chur leis an imní atá uirthi faoin mbearna dearbhaithe;

(vi) féachaint ní hamháin ar leordhóthanacht an chur ar bun, ach freisin ar fheidhmiú iarbhír chórais iniúchóireachta agus rialaithe na mBallstát le haghaidh ionstraimí feidhmíochtbhunaithe a bheidh ann amach anseo;

(vii) cabhrú leis na Ballstáit tionscadail STA a chur chun feidhme san amlíne atá beartaithe agus an mhodheolaíocht maidir le haicmiú tionscadal trasteorann a athrú ionas nach ndéanfar ach fíor-chomhpháirt gheografach trasteorann a mheas;

(viii) tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na Ballstáit a gcumas riaracháin a mhéadú chun cur chun feidhme comhuaineach cistí a láimhseáil agus cuidiú leo ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo a laghdú, go háirithe i gcás FBManna, tairiscintí a shimpliú agus foráil a dhéanamh maidir le faisnéis níos spriocdhírithe;

(ix) aird ar leith a thabhairt ar idirphlé leanúnach leis na Ballstáit agus idirphlé leanúnach a choinneáil ar bun ionas go gcomhlíonfaidh athchóirithe agus infheistíochtaí spriocanna aeráide Rialachán STA agus go n-urramófar go hiomlán an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh';

(x) aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna tuairiscithe ag céim luath trí chúnamh teicniúil a chur ar fáil, inter alia, do na Ballstáit;

(xi) leanúint de bheith ag obair leis an gCúirt chun an léirmhíniú ar M&Tanna a thabhairt le chéile chomh gar agus is féidir;

(xii) feabhas a chur ar thrédhearcacht agus ar chur i láthair Scórchlár STA trí dheireadh a chur le haon fhéidearthacht míthuiscint a bhaint as figiúirí agus chun an rannchuidiú leis an athléimneacht a thomhas ar bhealach níos cruinne mar chuid de mheastóireacht *ex-post* STA;

(xiii) na forálacha a bhaineann le 'faighteoirí deiridh' Rialachán STA a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go cruinn agus cumarsáid a dhéanamh leis na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm ceart an tsainmhínithe ar 'fhaighteoirí deiridh';

(xiv) rochtain a thabhairt don Chúirt, do OLAF agus do OIPE ar shonraí a bhaineann leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, lena n-áirítear ar FENIX, laistigh d'fheidhmiú a n-inniúlachtaí faoi seach;

(xv) cumarsáid ghníomhach a dhéanamh leis na Ballstáit maidir le hinniúlacht OIPE i gcásanna coiriúla a bhaineann le cistí STA ós rud é gur coir in aghaidh leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh é an t-éilliú nó an chalaois a bhaineann úsáid as cistí STA;

(xvi) cumarsáid níos gníomhaí a dhéanamh leis na Ballstáit maidir le calaois a chosc agus iad a spreagadh chun an tuairisciú ar chalaois a ailíniú ar bhealach caighdeánaithe digiteach agus chun úsáid a bhaint as an gCóras Bainistíochta Neamhrialtachtaí;

(xvii) tuairisciú do OLAF ar leibhéal comhiomlánaithe maidir leis na cásanna amhrasta calaoise, éillithe agus coinbhleachta leasa arna mbrath ina iniúchtaí féin agus ag na Ballstáit mar a tuairiscíodh sna dearbhuithe bainistíochta, agus meastóireacht a dhéanamh ar an bhfaisnéis a fuarthas chun treoir a thabhairt do na Ballstáit más gá;

(xviii) aghaidh a thabhairt ar an idirghníomhaíocht idir cistí Comhtháthaithe agus STA agus, go háirithe, na ceanglais sin a d'fhéadfadh úsáid ciste amháin seachas ciste eile a éascú, agus chun oibriú leis na Ballstáit agus treoir a thabhairt dóibh chun cistí a roghnú de réir an méid is oiriúnaí agus is éifeachtúla don tionscadal atá i gceist; cros-seiceáil ghníomhach a dhéanamh idir bunachair sonraí chun a áirithiú nach dtarlóidh cistiú dúbailte;

(xix) na Ballstáit a spreagadh chun níos mó béime a chur ar rannpháirtíocht riachtanais na n-údarás áitiúil agus réigiúnach trí iarraidh ar na Ballstáit oibriú ar bhealach níos gníomhaí i gcur chuige an chomhrialachais;

(xx) sprioc na hathléimneachta agus an téarnaimh a choinneáil i gcuimhne, go háirithe maidir le hearnálacha atá criticiúil i gcás géarchéime, amhail an tsláinte agus earraí;

(xxi) leas a bhaint as moltaí na Cúirte óna cuid oibre maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus as an taithí a fuarthas sa chur chun feidhme ó thaobh ionstraimí feidhmíochtbhunaithe an Aontais amach anseo a cheapadh agus a chur chun feidhme nuair is ábhartha;

(xxii) leibhéal beachtais inchomparáide agus comhréireach a áirithiú sa mheasúnú ar gharspriocanna agus spriocanna agus leanúint de chóir chomhionann a áirithiú do na Ballstáit agus meastóireacht á déanamh acu ar chomhlíonadh sásúil M&Tanna;

(xxiii) a bheith níos réamhghníomhaí maidir le doiciméid agus staitisticí a fhoilsiú maidir leis an gcaoi a láimhseálann siad iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid, toisc go gcabhródh an fhaisnéis sin le measúnú a dhéanamh ar chur chuige réamhghníomhach na n-institiúidí maidir le rochtain ar dhoiciméid; á iarraidh nach mór iarratas ar rochtain ar dhoiciméad a láimhseáil go pras.